Moylan Justin	€ -					€40,907.09
Murphy Tom	€ -					€32,451.80
Nic Cormaic Sorcha	€ -				€19,166.00	€19,166.00
O'Brien Peter	€ -					€43,207.49
O'Callaghan Denis	€ -	€25,336.13			€95,977.79	€138,392.13
O'Connell Juliet	€ -			€961.69		€18,023.40
O'Connell Maeve +	€ -					€37,714.79
O'Connor Oisín	€ -					€41,897.17
O'Keefe Dave	€ -					€18,031.46
O'Leary Jim	€ -	€17,286.83				€55,705.15
Power Una *	€ -					€15,870.46
Quinn Dave	€ -				€22,550.50	€41,554.11
Ruddock Kate	€ -					€19,306.12
Saul Barry ***	€ -					€31,037.57
Sexton Senan	€ -				€9,773.38	€25,999.40
Smyth Carrie	€ -					€36,940.07
Tuite Lauren **	€ -					€35,770.49
Caitéachas Iomlán 2024 ar Speansais na gComhaltai Tofa	€4,666.95	€48,395.55	€4,241.40		€244,142.33	€1,784,888.04

* Saoire Mháithreachais an Clr Power
**Comhthoghadh don Clr Power 15 Eanáir 2024
*** Comhthoghadh don Clr Dowling 14 Deireadh Fómhair 2024
+ Toghadh chuig Dáil Éireann 01/12/2024
Comhairleoirí Nua Meitheamh 2024
Iar-Chomhairleoirí Meitheamh 2024

Comhdhála/Seisiúin Oiliúna ar Freastalaíodh orthu le linn 2024

Dáta	Sonraí	Comhdháil/ Oiliúint	Suíomh	Líon na gComhairleoirí
19 - 20 Eanáir 2024	Comhdháil Earraigh 2024 Chumann Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil	Comhdháil	Óstán na Mainistreach, Baile Dhún na nGall	3
25 - 27 Eanáir 2024	Oiliúint ARÁÉ: Seisiún eolais do chomhaltaí tofa: Dearbhú Bliantúil, Síntiúis, cód iompair, agus nuashonrú ar Liúntas Ionadaíochta Áitiúil	Oiliúint	Óstán An Fairways, Dún Dealgan; Ionad Comhdhála agus Fóillíochta na nGlaschnoc, Luimneach	3
26ú Eanáir 2024	Oiliúint ARÁÉ: “Buntreoir d’Fhógraíocht ar Facebook agus Instagram”	Seimineár gréasáin	Ar líne	2
2 Feabhra 2024	Oiliúint ARÁÉ: “Buiséid a Phleanáil, Torthaí a Rianú, agus Údarú a Fháil chun fógraí polaitiúla a rith ar meta”	Seimineár gréasáin	Ar líne	2
14 - 15 Feabhra 2024	Comhdháil Bhliantúil Oiliúna ARÁÉ 2024	Oiliúint	Óstán Bhá an Inbhir Mhóir, Co. Chill Mhantáin	5
7 agus 9 Feabhra 2024	AER: Réigiún i bhFócas: Réigiúin na hÉireann ag Forbairt Cumas chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin na hÉireann atá ag athrú	Comhdháil	Óstán Woodlands House, Áth Dara, Co. Luimnigh	4
21 - 22 Feabhra 2024	Cruinniú Mullaigh Foirgníochta Níalasach Astaíochtaí	Comhdháil	Halla an Chontae/ Óstán Royal Marine/RDS, Baile Átha Cliath	2
6 Márta 2024	Comhdháil Tithíochta na hÉireann 2024	Comhdháil	Páirc an Chrócaigh, Baile Átha Cliath	2
13 agus 14 Márta 2024	Comhdháil Suck Valley Way 2024	Comhdháil	Óstán Hannon, Ros Comáin	1
15 Márta 2024	Oiliúint Ar Líne ARÁÉ: Conas Canva a úsáid chun Íomhánna Margaíochta a chruthú - Bunleibhéal	Oiliúint	Ar líne	0
21 – 23 Márta 2024	Oiliúint Modúl 2 ARÁÉ: Ullmhúchán don Toghchán Áitiúil 2024 - Eolas ón gCoimisiún Toghcháin	Oiliúint	Óstán Chill Chainnigh/Óstán Bhá Hodson, Baile Átha Luain	1
5 Márta 2024	Oiliúint Slándála ARÁÉ-CMG - Tú féin a chosaint agus tú ag canbhasáil do Thoghcháin	Oiliúint	Ar líne	0

Dáta	Sonraí	Comhdháil/ Oiliúint	Suíomh	Líon na gComhairleoirí
12 Aibreán 2024	Oiliúint Chosanta sna Meáin Shóisialta ARÁÉ – Tú féin a chosaint ar líne	Oiliúint	Ar líne	0
18 -19 Márta 2024	Comhdháil Turasóireachta Rialtais Áitiúil 2024	Oiliúint	Óstán Teach Chill Uasaille, An Nás, Contae Chill Dara	0
24 Meitheamh 2024	Gaelchultúr Cúrsa Gaeilge: Meánleibhéal B2	Oiliúint	Ar líne	2
26 Meitheamh 2026	Comhalta Ginearálta Tofa ARÁÉ tar éis Thoghcháin Áitiúla mhí an Mheithimh: Ról agus Feidhmeanna Údarás Áitiúil, Struchtúir Oibríochtúla, agus Coistí Údarás Áitiúil	Seimineár gréasáin	Ar líne	2
11 Iúil 2024	Oiliúint Ionductaithe do Chomhaltaí Ginearálta Tofa ARÁÉ Modúl Oiliúna ionductaithe duine le duine	Oiliúint	Óstán Pháirc an Mhuileann Chearr	2
5 Iúil 2024	Ról na gComhaltaí Tofa, Ról Ceannaireachta na Comhairle Tofa, agus Feidhmeanna Forchoimeáda	Seimineár gréasáin	Ar líne	1
12 Iúil 2024	Ról an Phríomhfheidhmeannaigh, Feidhmeanna Feidhmiúcháin, Nósanna Imeachta Cruinnithe na Comhairle, agus Buanorduithe	Seimineár gréasáin	Ar líne	2
13 Iúil 2024	Oiliúint Ionductaithe do Chomhaltaí Ginearálta Tofa ARÁÉ Modúl Oiliúna ionductaithe duine le duine	Oiliúint	Óstán Radisson Blu, Corcaigh	2
18 - 20 Iúil 2024	Scoil Samhraidh MacGill 2024	Oiliúint	Na Gleannta, Co. Dhún na nGall	1
19 Iúil 2024	Maoiniú, Cistiú agus Caiteachas Údarás Áitiúil	Seimineár gréasáin	Ar líne	1
26 Iúil 2024	Ról rialachais agus maoirseachta na gComhaltaí Tofa, Coistí Iniúcháireachta Inmheánacha agus Seachtracha, agus an Coiste Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúcháireachta	Seimineár gréasáin	Ar líne	1
2 Lúnasa 2024	Pleananna Údarais Áitiúil lena n-áirítear an Plean Corparáideach, an Plean Bliantúil Seachadta Seirbhíse, an Plean Forbartha, agus an Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide	Oiliúint	Seimineár gréasáin	0
11- 12 Meán Fómhair 2024	Seimineár Oiliúna Fómhair ARÁÉ	Oiliúint	Óstán na Cille Móire, An Cabhán	0

Dáta	Sonraí	Comhdháil/ Oiliúint	Suíomh	Líon na gComhairleoirí
20 Meán Fómhair 2024	Seimineár Gréasáin Oiliúna 8 do Chomhaltaí Tofa ARÁÉ – CARO – Pleananna Gníomhaíochta Aeráide na nÚdarás Áitiúil	Oiliúint	Seimineár gréasáin	0
Meán Fómhair 2024	ARÁÉ/UCC Géarchéim Aeráide agus Rialtas Áitiúil	Seisiún Ar Líne agus i bpearsa		0
28 Meán Fómhair 2024	Oiliúint ARÁÉ: Forbhreathnú ar an gCóras Pleanála	Oiliúint	Óstán Bridge House, Tulach Mhór	5
1 Deireadh Fómhair 2024	Cúrsa Gaeilge do Chomhairleoirí Tofa	Oiliúint	Ar líne	4
11 Deireadh Fómhair 2024	Forbhreathnú Oiliúna ARÁÉ ar an gClár Náisiúnta Athchóirithe: Eolas ó ÚFIÉ/ORAA	Seimineár gréasáin	Ar líne	0
17 - 18 Deireadh Fómhair 2024	Seimineár an Fhómhair LAMA	Seimineár	Óstán na Gráinsí Nua, An Uaimh, Co. na Mí	4
25 Deireadh Fómhair 2024	Oiliúint ARÁÉ: An próiseas chun Pleananna Reachtúla a ullmhú: Eolas ón OPR	Seimineár gréasáin	Ar líne	0
2 Samhain 2024	Oiliúint ARÁÉ: Airgeadas agus Buiséad an Údaráis Áitiúil	Oiliúint	Óstán Radisson Luimneach	4
16 Samhain 2024	Cúrsa Oiliúna ARÁÉ: Clár Beartais Reachtaíochta Rialtais 2024 - Eolas do Chomhaltaí Tofa	Oiliúint	Óstán Bhaile Chláir, Gaillimh	4
22 Samhain 2024	Oiliúint ARÁÉ: “Forbhreathnú ar chur i bhfeidhm Phleananna Gníomhaíochta Aeráide na nÚdarás Áitiúil” Eolas ó CARO	Seimineár gréasáin	Ar líne	0
29 Samhain 2024	Oiliúint ARÁÉ: “An Próiseas Bainistíochta Forbartha” Eolas ón OPR	Seimineár gréasáin	Ar líne	0
24 Samhain 2024	Comhdháil Bhliantúil IrDEA 2024	Comhdháil	Óstán Alex, Sráid na bhFíníní, Baile Átha Cliath 2	2

Tuarascálacha an Choiste um Beartas Straitéiseach (CBS)

An Coiste um Beartais Straitéiseacha ar Phobal, ar Chultúr agus ar Fholláine

Tionóladh 1 chruinniú in 2024.

- Tugadh nuashonruithe ar Phlean Forbartha na Leabharlainne agus ar Chruthú le Pobail: Plean Forbartha na nEalaíon 2024-2030.
- Tugadh cur i láthair ar sholáthar tacaíochta do chomhlachais chónaitheoirí agus ó Líonra Rannpháirtíochta Poiblí DLRD.

An Coiste um Beartais Straitéiseacha maidir le Forbairt Gheilleagrach agus Fiontar

Bhuail an Coiste um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Beartas Straitéiseach le chéile i mí an Mhárta 2024. Ba é seo an cruinniú deireanach roimh na toghcháin áitiúla in 2024.

Ba é athbhreithniú ar obair an Choiste um Beartas Straitéiseach um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Fiontar 2019-2024 príomhábhar plé ag an gcruinniú.

Pléadh na topaicí seo a leanas freisin:

- Athbhreithniú ar Sheachtain na Fiontraíochta Áitiúla 2024.
- Cúpla Digiteach do Cheantar Gnó Áth an Ghainimh.

Coiste um Beartais Straitéiseacha maidir le Comhshaol agus Gníomhú ar son na hAeráide

Tionóladh 1 chruinniú in 2024. Seo a leanas buaicphointí roinnt míreanna a pléadh.

- Cur i láthair ar Thionscnamh Bogearraí Cupán Caife.
- Cur i láthair ar an Scéim Earlaise agus Aisíoca.
- Nuashonrú ar Phlean Gníomhaíochta Torainn Cheirtleáin Bhaile Átha Cliath 2024-2028.
- Nuashonrú ar Phlean Gníomhaíochta Aeráide 2024 – 2029.

Coiste um Beartais Straitéiseacha maidir le Tithíocht

Tionóladh cruinniú amháin den Choiste um Beartas Straitéiseach Tithíochta i mí an Mhárta 2024. Ba é seo an cruinniú deireanach den Choiste seo do 2019 – 2024 sular tionóladh na Toghcháin Áitiúla i mí na Bealtaine 2024.

Seo a leanas achoimre ar na ceisteanna a pléadh:

- Gníomhaireacht Forbartha Talún (GFT): Cur i láthair ón GFT lena n-áirítear forbhreathnú ar Thionscadal Tosaigh, leibhéal foirne, acmhainn agus seachadadh ar Thailte Stáit, Cíos Costais, agus comhpháirtíochtaí le hÚdarás Áitiúla.
- Clár Cóiríochta don Lucht Siúil (CCLS) 2025 – 2029: Nuashonrú ar an gClár nua Cóiríochta don Lucht Siúil 2025 – 2029, an próiseas agus na hamlínte chun an CCLS nua a ullmhú agus nuashonrú ar dheireadh CCLS 2019 – 2024.

- Scéim cheartúcháin phríobháidigh a chabhraíonn le húinéirí tí príobháideacha níos sine a bhfuil a dtithe reatha rómhór agus ar mian leo a dtithe a laghdú nó a athrú go cóiríocht tithíochta sóisialta.
- Nuashonrú ón nGrúpa Stiúrtha Tithíochta agus Míchumais agus obair leanúnach an Ghrúpa.

Coiste um Beartais Straitéiseacha maidir le Pleanáil agus Rannpháirtíocht Saoránach

Tionóladh cruinniú amháin den Choiste um Beartais Straitéiseacha maidir le Pleanáil agus Rannpháirtíocht Saoránach in 2024 roimh na Toghcháin Áitiúla i mí an Mheithimh 2024.

Breithníodh na hábhair bheartais seo a leanas:

- Cur i láthair ag Grúpa Míchumais agus Comhairliúcháin DLRD.
- Cur i láthair ar ról Fhorfheidhmiú Pleanála.
- Plé ar an dréacht-Straitéis Cumarsáide.

Coiste um Beartais Straitéiseacha maidir le hlompar agus Mara

Tionóladh 1 chruinniú in 2024 roimh na Toghcháin Áitiúla i mí an Mheithimh.

I measc na míreanna a pléadh bhí:

- Nuashonrú ar Bhus Bhaile Dhún Laoghaire.
- Athbhreithniú ar an Luasteorainn ar fud an Chontae.
- Amchlár soilse tráchta.
- Beartais maidir le cosáin chomhroinnte.

The background is a collage of geometric shapes. The top left features a large orange circle partially cut off by the edge. The top right has a light blue triangle. The middle left is a teal square. The middle right contains a yellow triangle and a series of four overlapping, curved, light blue shapes. The bottom left and right corners show semi-circular patterns of parallel lines in teal and yellow respectively.

GNÓTHAÍ CORPARÁIDEACHA

2024 IN UIMHREACHA

2,694,985
amharc ar shuíomh
gréasáin corparáideach



Tháinig méadú
43% ar líon na
leantóirí ar Instagram

Laghduithe
16,812 KWH
ar Thomhaltas Leictreach



161
iarratas um
Shaoráil Faisnéise
próiseáilteprocessed



65
comhairliúchán ar ár
Mol Comhairliúcháin
Phoiblí ar líne

Freagraíodh breis is
93,311
glao gutháin sa
Mhol Sibhialta.




45 cruinniú Comhairle agus Coiste
Ceantair beoshruthaithe



37 ball
foirne páirt i gcúrsa
foghlama Gaeilge
10 seachtaine



Eisíodh
119
Preasráiteas



205
Fostaí nua earcaithe



Is é **181,112**
líon iomlán na
dtoghthóirí ar chlár
na dtoghthóirí



Freagraíodh
1,250
ceist soláthair.

GNÓTHAÍ CORPARÁIDEACHA

Cuireann an roinn Gnóthaí Corparáideacha ról lárnach tacaíochta ar fáil a chuireann taca faoi gach roinn agus seirbhís de chuid na Comhairle, ag cinntiú dea-chleachtas agus éifeachtúlachtaí i seachadadh seirbhísí do Chomhairleoirí DLRD agus don phobal. Áirítear ar na feidhmeanna a dhéanann an roinn Gnóthaí Corparáideacha:

- Oifig an Chathaoirligh.
- Cruinnithe na Comhairle.
- Bainistíocht Áiseanna.
- An Oifig Chumarsáide.
- Oifig na Gaeilge.
- Tionscnaimh Dhigiteacha.
- Seirbhís do Chustaiméirí.
- Seachadadh Seirbhíse.
- Rialachas.
- Oifig Comhionannais.
- Saoráil Faisnéise.
- Clár Eitice.
- Clár na dToghthóirí.
- Oifig Ceantair Dhún Droma.
- Seirbhísí Iniúchta.
- Nochtadh Cosanta.
- Sláinte agus Sábháilteacht.
- Acmhainní Daonna.
 - Earcaíocht
 - Forbairt, Folláine agus Oiliúint Foirne
 - Am agus Tinreamh, Bainistíocht Feidhmíochta agus Caidreamh Tionsclaíoch
- Teicneolaíocht Faisnéise.
 - Deasc Seirbhíse TF
 - Bonneagar TF
 - Réitigh Ghnó agus Digiteacha
 - Córas Faisnéise Geografaí (GIS), Bainistíocht Eolais
 - Rannpháirtíocht Ghnó agus Feabhsú Próisis Ghnó
 - Slándáil Sonraí agus Cibearshlándáil
- Comhpháirtíocht an Ionaid Oibre.
- Cartlanna.



Cruinnithe na Comhairle

Tá 40 Comhalta Tofa (Comhairleoirí Contae) i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin. Déanann na Comhaltaí Tofa ionadaíocht ar na Toghcheantair Áitiúla (LEAnna) seo a leanas:

- An Charraig Dhubh.
- Dún Droma.
- Dún Laoghaire.
- Gleann Cuilinn - Áth an Ghainimh.
- Cill Iníon Léinín -Seanchill.
- Stigh Lorgan.

In 2024, reáchtáladh Toghcháin Áitiúla chun Comhairleoirí a thoghadh do théarma nua Comhairle. Maireann gach téarma Comhairle cúig bliana. Bhí 80 iarrthóir ag Dún Laoghaire-Ráth an Dúin le haghaidh 40 suíochán ar DLRD i dToghcháin Áitiúla 2024.

I ndiaidh na dToghchán Áitiúil, bhí ar DLRD Plean Corparáideach nua a ghlacadh chun ár bhfís agus ár misean don Chontae a leagan amach don chéad 5 bliana eile. Rinneadh comhairliúchán fairsing leis na Comhaltaí Tofa, leis an bhFoireann Cheannaireachta, leis an bhfoireann, le grúpaí pobail, le grúpaí gnó agus le baill den phobal. Glacadh leis an bPlean Corparáideach 2025 – 2029 ag cruinniú DLRD i mí na Nollag 2024.

Bainistíonn Rannóg na Rúnaíochta Cruinnithe na Comhairle, Coistí Ceantair Dhún Droma agus Dhún Laoghaire, cruinnithe an Ghrúpa Beartais Chorporáidigh, cruinnithe Eagrúcháin, Nós Imeachta agus Prótacail, agus cruinnithe Toscaireachta.

In 2024, tionóladh na cruinnithe seo a leanas de chuid DLRD:

- Comhairle Contae (lena n-áirítear an Cruinniú Bliantúil, Cruinnithe Speisialta na Comhairle agus an Cruinniú Buiséid): 18.
- Coiste Ceantair Dhún Droma: 15.
- Coiste Ceantair Dhún Laoghaire: 15.
- Toscaireachtaí: 21.
- Coistí um Beartais Straitéiseacha: 6.
- An Comhchoiste Póilíneachta: 2.
- An Coiste Eagraíochta, Nósanna Imeachta agus Prótacail: 3.
- Grúpa Beartais Chorporáidigh: 5.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2024

- Rinneadh Toghcháin Áitiúla 2024 a bhainistiú agus a riar.
- Nuashonraíodh Lámhleabhar Ionduchtaithe agus cuireadh oiliúint ar fáil do Chomhaltaí Nua-Thofa.
- Ghlac na Comhaltaí leis an Scéim um Choiste Beartais Straitéisigh 2024 – 2029.
- Ghlac na Comhaltaí leis an bPlean Corparáideach 2025– 2029.
- Sruth beo de chruinnithe uile na Comhairle agus na gCoistí Ceantair ó shuíomh gréasáin DLRD; craoladh 48 cruinniú beo san iomlán in 2024.
- Roimh Thoghcháin Áitiúla 2024, cuireadh Clár Oiliúna Earraigh ar fáil do Chomhairleoirí mná DLRD agus d'iarrthóirí mná ionchasacha, i gcomhpháirtíocht le Women for Election. Mhaoinigh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht an clár oiliúna chun tacú le mná agus éagsúlacht sa Rialtas Áitiúil. Chuir maidin caife neamhfhoirmiúil



Painéil Ghréine Ionad Oibríochtaí Bhaile Uí Ógáin

clabhsúr ar an gclár, áit ar ghlac an t-iar-Aire Mary Mitchell O'Connor agus Comhairleoirí DLRD páirt i bplé painéil ar “Eispéiris na mBan sa Pholaitíocht”. D’fhreastail 30 bean ar an ócáid agus chuir sé spás ar fáil d’iarrthóirí mná ionchasacha líonrú a dhéanamh.

Bainistíocht Áiseanna

Tá Rannóg na Bainistíochta Saoráidí faoi chúram na Seirbhísí Corparáideacha agus tá dhá rannóg inti. Tá an rannóg Bainistíochta Áiseanna inti freagrach as Halla an Chontae, Cearnóg an Chuain, Lóiste an Chuain agus Oifig Dhún Droma. Tá freagracht ar na rannóga Bainistíochta Áiseanna seachtracha/seachfhoinisithe as 19 bhfoirgneamh lena n-áirítear Leabharlanna, Ionaid Phobail, Ionaid Fóillíochta, Iostaí Bardasacha agus foirgnimh Shíbhialta. Áirítear leis an obair a dhéanann an Rannóg Bainistíochta Áiseanna inmheánach:

- Cothabháil foirgnimh ar oifigí corparáideacha agus tíos ginearálta.
- Bainistíocht ar sheirbhísí glantacháin, seirbhísí slándála, seirbhísí ceaintín, diúscairt dramhaíola agus athchúrsáil, carrchlóis na foirne, córais rialaithe rochtana agus nósanna imeachta aslonnaithe dóiteáin.
- Córas teileafóin líne seasta agus teileafóin phóca corparáideacha a bhainistiú.
- Deasc Póirtéara.
- Imeachtaí a ullmhú i Halla an Chontae.
- Hallaí a ligean ar cíos/Searmanais Shíbhialta.

Tá an Rannóg Bainistíochta Áiseanna freagrach freisin as athfheistiú agus dícharbónú Foirgnimh Chorporáideacha, chun spriocanna an Phlean Gníomhaíochta Aeráide 2030 agus 2050 a bhaint amach.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2024

- Monatóireacht ar chlár Chothabhála Pleanáilte agus Frithghníomhacha do 19 Foirgneamh DLRD, lena n-áirítear straitéisí cothabhála do bhreis is 12,000 sócmhainn de chuid na Comhairle. Tuairisciú ar Ríocht Sócmhainní déanta ar shócmhainní den scoth ar fud na punainne.
- Uasghrádú ar chóras CCTV do Halla an Chontae.
- Bronnadh agus úsáid tairisceana nua d’fhóin phóca.
- Uasghrádú ar shoilsiú LED ar Leibhéal 2 Cearnóg an Chuain.
- Suiteáil faighneog oifige modúlach chun spás cruinnithe breise a chruthú ag Ionad Oibríochtaí Bhaile Uí Ógáin.
- Feistiú ceardlainne nua don rannóg Cothabhála Tithíochta in Ionad Oibríochtaí Bhaile Uí Ógáin.
- Rannpháirtíocht don dearadh tosaigh agus costáil le haghaidh coigilt fuinnimh, athfheistiú agus dícharbónú Halla an Chontae, Leabharlann Lexlcon agus Amharclann an Phaillíúin.
- Monatóireacht agus bainistíocht leanúnach ar an gcóras atá ann cheana féin chun éifeachtúlachtaí a thiomáint. Coigilteas a baineadh amach in 2024 i gcomparáid leis an mbonnlíne 2016-2018:

- Bhí tomhaltas gáis do 2024 ar fad 29% níos ísle ná an bhunlíne. Ba laghdú 385,076 kWh é seo.
- Ba iad an coigilteas gáis do mhíonna an gheimhridh, Samhain agus Nollaig 2024, 41.3% agus 42.7% faoi seach.
- Laghdaíodh an tomhaltas leictreachais faoi 2% don bhliain 2024 ar fad. Ba laghdú 16,812 kWh é seo.
- Rinneadh uasghrádú cuimsitheach ar choigilte fuinnimh agus dícharbónú in Ionad Oibríochtaí Bhaile Uí Ógáin. Cuireadh caidéal teasa Aeir-go-huisce agus caidéal teasa Uisce-go-huisce in ionad coire gáis agus coire bithmhaise. Laghdú 102,660 kWh ar fheidhmíocht theirmeach 2024 i gcomparáid le 2023, laghdú beagnach 100% ar thomhaltas. Tá dhá chéim eile de fhuinneamh fótvoltach (PV) gréine suiteáilte anois ar na foirgnimh oifige agus fóntais, rud a mhéadaíonn an cumas giniúna gréine PV measta go 165,000 kWh/bliain.

An Oifig Chumarsáide

Déanann an Oifig Chumarsáide maoirseacht ar chumarsáid don eagraíocht agus tá sí freagrach as gach cumarsáid inmheánach agus seachtrach, caidreamh poiblí, bainistíocht géarchéime, fógraíocht, cur chun cinn imeachtaí, agus margaíocht a shíneann thar gach roinn eile i DLRD.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2024

- Bainistíocht shuíomh gréasáin corparáideach DLRD. Ba é 2,694,985 líon na n-amharc ar leathanach an suíomh gréasáin chorparáidigh in 2024. Bhí 1,037,310 cuairteoir ar an suíomh gréasáin corparáideach in 2024.
- Freagraíodh gach ceist ó na meáin áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta - 188 san iomlán.
- Eisíodh 119 preasráiteas.
- Rinneadh cur chun cinn agus fógraíocht toghcháin áitiúla, lena n-áirítear clár speisialta DLRD Times ar thoghcháin áitiúla agus nuashonruithe beo ón ionad comhairimh i rith na laethanta i ndiaidh na dtoghchán.
- Rinneadh seoltaí agus imeachtaí seirbhíse na Comhairle a chur chun cinn agus a bhainistiú.
- Foilsíodh ceithre eagrán den DLRD Times i mBéarla agus i nGaeilge araon.
- Bainistíodh aip shoghluaiste DLRD Connect do bhaill foirne lasmuigh.
- Leanadh de leathnú agus fógraíocht a dhéanamh ar an bhfeachtas “Innealtóireacht don Todhchaí” chun innealtóirí a earcú.
- Bainistíodh scáileáin dhigiteacha i Halla an Chontae agus ar Bhóthar na Mara, Dún Laoghaire, tacaíodh le bainistíocht scáileáin ag tránna agus i leabharlanna ar fud an Chontae.
- Cruthaíodh ábhar íomhánna físe do sheirbhísí nua i rith na bliana.
- Foilsíodh Tuarascáil Bhliantúil 2023.
- Bainistíodh cuntais meán sóisialta DLRD, ag soláthar uirlis chumarsáide isteach agus amach atá an-fhreagrach do DLRD. Seo a leanas lucht leanúna ar chuntais meán sóisialta DLRD:

- Tháinig méadú 21% ar lucht leanúna Facebook.
- Tháinig laghdú 1% ar lucht leanúna X (Twitter roimhe seo).
- Tháinig méadú 43% ar líon na leantóirí ar Instagram.
- Seoladh agus forbraíodh cuntas meán sóisialta LinkedIn chun láithreacht ar líne a mhéadú agus chun díriú ar lucht féachana sonracha le haghaidh folúntais speisialaithe áirithe i rith na bliana. D'fhás ár lucht leanúna go 3,624 duine ó thosaigh muid an cuntas go luath in 2024.
- Forbraíodh Scéim Gaeilge DLRD faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, lena n-áirítear Oifigeach Forbartha Gaeilge a fhosú.
- Tugadh cuireadh don phobal páirt a ghlacadh i 65 comhairliúchán san iomlán ar ár Mol Comhairliúcháin Phoiblí ar líne in 2024.

Oifig an Chathaoirligh

Tugann Gnóthaí Corparáideacha tacaíocht iomlán don Chathaoirleach, lena n-áirítear:

- Comhairle a thabhairt maidir le Prótacal agus Bainistíocht Imeachtaí.
- Dialann agus Coinní an Chathaoirligh a Bhainistiú.
- Eisiúint agus bainistiú ar chuirí chuig imeachtaí oifigiúla, lena n-áirítear lainseálacha agus oscailtí.
- Freagra a thabhairt ar ríomhphoist agus ar chomhfhreagras.
- Óráidí a ullmhú.
- Preasráitis a eisiúint i ndiaidh imeachtaí.

An Ghaeilge

Lean Oifig Forbartha na Gaeilge ar aghaidh ag cur comhairle agus tacaíocht phraicticiúil ar fáil do gach Roinn maidir le déileáil le custaiméirí trí chumarsáid scríofa, gréasáin, na meáin, agus ó bhéal.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2024

- Oifigeach Forbartha Gaeilge nua ceaptha i mí Iúil.
- Nathanna bunúsacha agus focail chomhfhreagrais a dháileadh ar an bhfoireann le linn Sheachtain na Gaeilge agus i rith na bliana.
- Cuidíodh leis an bhfoireann agus go háirithe le baill foirne nua, le sínithe ríomhphoist dátheangacha agus teachtaireachtaí as oifig.
- Óstáladh imeachtaí i gcomhar leis na leabharlanna: Tráth na gCeist dátheangach, Seachtain na Gaeilge ar 14 Márta, Ceol, Caint agus Craic le Comhaltas Ceoltóirí Éireann, Rónán Ó Snodaigh, Ré Ó Laighléis, Imeacht filíochta dhátheangach le Ciara Ní É agus Roxanna Nic Liam, An Bhean Ghrinn Áine Gallagher, A Cup of Focals, Am Scéalaíochta as Gaeilge, Comhrá ag an gCaifé, Lexlcon DLRD, Tráthanna Ceisteanna do Ghaelscoileanna.
- Ghlac 37 ball foirne páirt i gcúrsa foghlama Gaeilge 10 seachtaine.
- 55 comhartha bóthair mícheart leasaithe ar fud an Chontae.

An Mol Cathartha

Is ionad ilfhreastail é an Mol Cathartha DLRD atá feabhsaithe go digiteach agus a bhainistíonn agus a sholáthraíonn seirbhísí inrochtana de chuid na Comhairle maidir le maireachtáil, oibriú, cuairt a thabhairt agus gnó a dhéanamh sa Chontae. Soláthraíonn an Mol Cathartha pointe teagmhála aonair inrochtana do riachtanais na gcustaiméirí. Freagraíonn an Mol Cathartha gach ceist ó chustaiméirí lena n-áirítear ar an bhfón, ríomhphost, ceisteanna ar líne, míreanna poist, agus ar gcuntar poiblí. Cinntíonn sé seo comhsheasmhacht agus ag an am céanna soláthraíonn sé an cumas chun gach fiosrúchán ar fud na heagraíochta a rianú agus ligeann sé do chustaiméirí nuashonruithe a fháil ar a n-iarratas. Déanann an Mol Cathartha gach léiriú ó lonadaithe Tofa a thaifeadadh agus a rianú freisin.

Saoráid iomlán inrochtana atá sa Mhol Cathartha agus tá cuntair níos ísle, suíocháin le haghaidh custaiméirí agus córas lúibe ionduchtúcháin ann. Ligeann bothanna féinseirbhíse do chustaiméirí rochtain neamhspleách a fháil ar ár seirbhísí. Tá naoi scáileán digiteacha againn ar an láthair freisin chun seirbhísí agus imeachtaí na comhairle a chur chun cinn.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2024

- Rinneadh teagmháil le custaiméirí breis agus 134,000 uair:
 - Freagraíodh 93,311 glaoch teileafóin.
 - Freagraíodh 34,697 ríomhphost.
 - Rinneadh 2,141 earra poist chláraithe a thaifeadadh.
 - Freagraíodh 3,855 fiosrúchán pearsanta ag an gcuntar.

Seachadadh Seirbhíse

Lean Seachadadh Seirbhíse ag obair le Ranna ar fud na heagraíochta, leis an Mol Sibhialta agus leis na Baill Tofa chun éifeachtúlacht Bhainistíochta ar Chaidreamh le Custaiméirí (CRM) agus seachadadh seirbhíse do chustaiméirí a fheabhsú.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2024

- Dul chun cinn maith déanta maidir le cásanna CRM níos sine a réiteach.
- Feabhsú thart ar 34% ar mheán-amanna freagartha do Chomhairleoirí in 2024 ó 2023.
- Feabhsú thart ar 23% ar mheán-amanna freagartha don phobal in 2024 ó 2023.
- Foirne riaracháin CRM bunaithe i réimsí tábhachtacha lena n-áirítear Páirceanna agus Trácht chun próiseáil CRM a fheabhsú.
- Cruthaíodh comhéadan idir gléasanna láimhe ProWorks agus CRM chun bainistíocht cásanna a fheabhsú do réimsí ábhartha.
- Tuilleadh cur i bhfeidhm ar aipeanna CRM rannacha in 2024.

Soláthar

Is próiseas straitéiseach é soláthar a bhaineann le hearraí agus seirbhísí a fháil. Soláthraíonn DLRD líon mór seirbhísí ar fud an Chontae agus tá ár nAonad Soláthair i bhfeidhm chun soláthar breisluacha a chinntiú, atá dírithe go straitéiseach agus a thacaíonn le seirbhísí nuálacha, inbhuanaithe, cost-éifeachtúla agus ardchaighdeán a sholáthar agus ár n-oibleagáidí dlíthiúla Náisiúnta agus Eorpacha á gcomhlíonadh ag an am céanna.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2024

- Freagraíodh 1,250 ceist soláthair.
- Rinneadh 170 seiceáil comhlíonta ar idirbhearta ar fud na ranna go léir.
- Cuidíodh leis na ranna soláthair 144 tairiscint a fhoilsiú ar an ardán nua ríomhthairiscintí.
- Cuireadh oiliúint soláthair ar fáil do 78 ball foirne.

Rialachas

Cuimsíonn an Rannóg Rialachais an tAonad um Chosaint Sonraí agus an tAonad um Shaoráil Faisnéise (SF). Déanann an tAonad um Chosaint Sonraí monatóireacht ar chomhlíonadh oibleagáidí cosanta sonraí, cuireann sé eagrú na n-oibleagáidí sin ar an eolas, agus feidhmíonn sé mar phointe teagmhála d’ábhair sonraí agus don údarás maoirseachta ábhartha. Is é an tAonad um Shaoráil Faisnéise an chéad áit a dtugtar aghaidh ar gach iarratas um Shaoráil Faisnéise, Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol (RFC) agus Iarratais ar Rochtain ar Shonraí. In 2024 fuair DLRD 161 iarratas ar Shaoráil Faisnéise, 10 iarratas ar Rochtain ar Shaoráil Faisnéise, agus 20 iarratas ar Rochtain Sonraí.

Staitisticí um Shaoráil Faisnéise do 2024

Próiseáladh 161 iarratas ar Shaoráil Faisnéise san iomlán sa bhliain 2024

Foinsí um Shaoráil Faisnéise	
Pearsanta	56
Neamhphearsanta	105
Iomlán	161
Daoine den Phobal	116
Iriseoirí	26
Gnólachtaí/Grúpaí Leasa	19
Iomlán	161
Torthaí SF	
Iarratais a Ceadaíodh	22
Iarratais a Ceadaíodh i bPáirt	83
Iarratais ar Diúltaíodh Dóibh	41
Iarratais a Aistríodh	0

Iarratais a Aistarraingíodh	14
Iarratais a Láimhseáladh taobh amuigh de FOI	1
Iomlán	161
Athbhreithnithe Inmheánacha a Rinneadh	10
Achomhairc don Choimisinéir Faisnéise	0

Oifig Comhionannais

Ceapadh an tOifigeach Comhionannais do DLRD i mí an Mheithimh 2024. Cinntíonn an tOifigeach Comhionannais go bhfuil na beartais agus na struchtúir i bhfeidhm ag DLRD chun a chuid oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh faoi reachtaíocht agus conarthaí ábhartha, lena n-áirítear na hAchtanna um Stádas Comhionann agus Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2024

- Rinneadh roinnt comhairliúcháin le grúpaí geallsealbhóirí pobail chun aird a tharraingt ar bhearnaí i gComhionannas, Éagsúlacht, Cuimsiú (EDI) agus inrochtaineacht i ndáil le soláthar sheirbhísí DLRD.
- Forbairt ‘Polasai um Stádas Comhionann’ do DLRD agus a fhostaithe, coistí, Comhaltai Tofa, oibrithe deonacha agus díoltóirí.
- Scaipeadh suirbhé EDI agus inrochtaineachta trí Líonra Rannpháirtíochta Poiblí DLRD.
- Forbairt Phlean Chur i bhFeidhm Dhualgas Comhionannais agus Chearta an Duine san Earnáil Phoiblí.
- Comhordú Ghrúpa Comhairliúcháin Míchumais DLRD agus leathnú ballraíochta. Is grúpa comhairleach é an DCG a bunaíodh chun comhairle a chur ar DLRD ar gach rud a bhaineann le hinrochtaineacht.
- Seisiúin oiliúna feasachta do bhaill foirne.
- Feachtais feasachta poiblí, amhail an feachtas frithchiníochais ‘DLRD Le Chéile’.
- Déileáil le fiosrúcháin chomhionannais inmheánacha agus seachtracha.

Clár na dTogthóirí

Is clár rollach é Clár na dTogthóirí ó tugadh isteach an tAcht um Athchóiriú Toghcháin 2022. Ba é 181,112 líon iomlán na dtoghthóirí ar an gclár i mí na Nollag 2024. Oibríonn an rannóg Saincheadúnais go leanúnach chun an pobal a spreagadh chun clárú le vótáil agus a gcuid sonraí féin a choinneáil.

Oifig Dhún Droma

Chuir an rannóg Saincheadúnais Clár na dTogthóirí chun cinn chun daoine a spreagadh clárú chun vóta a chaitheamh agus a gcuid sonraí a nuashonrú ag áiteanna éagsúla i rith 2024. Bhí feachtas ar fud na tíre freisin, go háirithe roimh imeachtaí toghcháin, a spreag gach cónaitheoir chun clárú le

vótáil nó a sonraí a sheiceáil, rud a mhéadaigh líon na ndaoine a bhí ag idirghníomhú le Clár na dToghthóirí. I measc na gnóthachtálacha eile tá:

- Bainistíocht ar Chlár na dToghthóirí do thrí imeacht toghcháin in 2024: Reifreann i mí Feabhra, Toghcháin Áitiúla agus Eorpacha i mí an Mheithimh, agus Toghcháin na Dála i mí na Samhna.
- Ba é 6,193 an liosta cothromaíochta don 39ú agus don 40ú Leasú ar an mBunreacht.
- Ba é 5,684 an liosta cothromaíochta do thoghcháin Áitiúla agus Eorpacha.
- Ba é 7,648 an liosta cothromaíochta do Thoghcháin na Dála.
- Rinneadh teagmháil leis an gCoimisiún Toghcháin.
- Cuireadh seastáin chur chun cinn ar fáil in UCD, IADT Dhún Laoghaire, agus i ngach leabharlann i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin le bileoga, bileoga fógraíochta, agus foirmeacha iarratais chun clárú agus feachtas vótálaithe a spreagadh.
- Rinneadh cumarsáid le gach scoil dara leibhéal sa Chontae chun daoine óga a spreagadh chun páirt a ghlacadh sa chlár.
- Fógraíodh i bpictiúrlanna, i stáisiúin traenacha, in ionaid siopadóireachta agus i siopaí sealadacha, ag spreagadh saoránaigh chun clárú agus a gcuid sonraí a nuashonrú.
- Fuarthas 24,034 iarratas trí Voter.ie, Check the Register, agus foirmeacha páipéir.
- Reáchtáil Oifig Dhún Droma 59 cruinniú lena n-áirítear Coistí Ceantair Dhún Droma, Fóraim Phóilíneachta Áitiúla agus cruinnithe eolais éagsúla ranna.

Iníúchadh Inmheánach

Is é ról an Iníúchta Inmheánaigh dearbhú neamhspleách a thabhairt do Bhainistíocht Shinsearach DLRD agus don Choiste Iníúchta go bhfuil próisis rialachais, bainistíochta riosca agus rialaithe inmheánaigh na heagraíochta ag feidhmiú go héifeachtach.

Sa Phlean Bliantúil Iníúchta Inmheánaigh, arna cheadú ag an gCoiste Iníúchta, tá clár iníúchóireachtaí a dhéantar le linn na bliana. Cuirtear na torthaí agus na moltaí ó gach iníúchadh faoi bhráid na Foirne Bainistíochta agus an Choiste Iníúchóireachta. Baineann an Iníúchóireacht Inmheánach úsáid as córas iníúchta agus bainistíochta riosca, ViClarity, le monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú moltaí ó thuarascálacha iníúchta.

Cuireann an rannóg tacaíocht ar fáil freisin don Choiste Iníúchóireachta agus a ndualgais á gcomhlíonadh acu.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2024

- Tugadh cúig thuarascáil Iníúchta Inmheánaigh chomhlánaithe chuig cruinnithe an Choiste Iníúchóireachta.
- Cuireadh dhá “mhion-sheiceáil”, a cheanglaítear faoin gCód Caiteachais Phoiblí, faoi bhráid an Choiste Iníúchóireachta.
- D’ullmhaigh agus cheadaigh an Coiste Iníúchóireachta Plean Iníúchóireachta Inmheánaí 2024.

- Ghlac baill foirne Iníúchóireachta Inmheánaí páirt i gcruinnithe líonra réigiúnacha agus náisiúnta um Iníúchadh Inmheánach de chuid an Rialtais Áitiúil.
- Ghlac foireann an Iníúchóireachta Inmheánaí páirt i dtrí chruinniú den Choiste Iníúchóireachta.

Coiste Iníúchóireachta

Is coiste reachtúil de chuid DLRD é an Coiste Iníúchóireachta atá ceaptha faoi alt 59 den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014. Tá seachtar comhalta ar an gCoiste Iníúchóireachta, is é sin triúr comhalta tofa agus ceathrar ionadaí seachtracha. Bhuaile an Coiste Iníúchóireachta leis an bhFeidhmeannas trí huair in 2024 agus bhí cruinniú ar leith acu leis an Iníúchóir Rialtais Áitiúil.

Díscaoileadh an Coiste Iníúchóireachta agus i ndiaidh Toghcháin Áitiúla i mí an Mheithimh 2024 bunaíodh Coiste Iníúchóireachta nua don téarma 2024 go 2029. Ceadaíodh ceapachán triúr Comhaltaí Tofa chuig an gCoiste Iníúchóireachta ag cruinniú na Comhairle Contae a tionóladh ar an 21 Meitheamh 2024 agus ceadaíodh ceapachán na gComhaltaí Seachtracha ag cruinnithe na Comhairle Contae ar an 9 Meán Fómhair agus an 9 Nollaig 2024.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2024

- Faomhadh Cairt an Choiste Iníúchóireachta, Tuarascáil Ghníomhaíochta do 2023 agus an Clár Oibre Bliantúil do 2025.
- Faomhadh tuarascáil an Choiste Iníúchóireachta ar Thuarascáil iníúchóireachta an AFS agus an Iníúchóra Rialtais Áitiúil do 2023.
- Faomhadh an Plean Iníúchóireachta Inmheánaí 2024 agus an Tuarascáil Bhliantúil 2023.
- Breithníodh cúig thuarascáil Iníúchóireachta Inmheánaí, dhá sheiceáil dhomhain ar an gCód Caiteachais Phoiblí agus rinneadh athbhreithniú ar nuashonruithe rialta ar stádas mholtaí na dtuarascálacha iníúchóireachta.

An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014

Ní dhearnadh aon Nochtadh Cosanta in 2024.

Seirbhísí Cartlainne

Tá rannóg na cartlainne freagrach as oidhreacht dhoiciméadach uile na heagraíochta, ag comhlíonadh na feidhme reachtúla abhaineann le bainistiú, coimeád, cúram agus caomhnú cuí na gcartlann áitiúil agus iad a chur ar fáil don phobal.

Sláinte agus Sábháilteacht

Tá DLRD tiomanta do thimpeallacht oibre shábháilte agus shláintiúil a chothabháil, ní hamháin d’fhostaithe DLRD, ach do dhaoine eile a thiocfadh gníomhaíochtaí DLRD difear adhéanamh dóibh.

Is é ról oifig na Sábháilteachta agus na Sláinte Corparáidí comhairle a chur ar an bPríomhfheidhmeannach, ar an mbainistíocht shinsearach, agus ar ranna gaolmhara maidir le bainistíocht na sábháilteachta agus na sláinte ceirde laistigh de DLRD.

In 2024, leanadh leis an gCóras Bainistíochta Sábháilteachta (CBS) a chur i bhfeidhm, a athbhreithniú agus a leasú, de réir mar ba ghá i gcomhréir le ceanglais reachtúla agus sláinte phoiblí.

Mar chuid de bheartas DLRD chun feabhas leanúnach a chur ar shocruithe bainistíochta sábháilteachta, rinneadh iniúchtaí seachtracha ar na rannóga seo a leanas le linn 2024:

- Sábháilteacht Chorporáideach.
- Oibríochtaí Bóithre.
- Oibríochtaí Páirceanna.

Lean an Coiste Bainistíochta Sábháilteachta (SMC) de bheith ag nuashonrú struchtúr infheidhme chun tacú le sábháilteacht oibríochtaí do DLRD agus thar ceann DLRD.

Rinneadh cigireachtaí inmheánacha ar oibríochtaí saothair dhíreach agus conraitheora go rialta le linn 2024 ar fud gach roinne agus feidhme de chuid DLRD.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2024

- Cuireadh 231 cigireacht inmheánach i gcrích le linn na bliana féilire.
- Cuireadh 706 cigireacht reachtach i gcrích le linn na bliana féilire agus tuairiscíodh locht láithreach amháin.
- Tugadh faoi chomhairliúchán gníomhach le páirtithe leasmhara inmheánacha (ionadaithe sábháilteachta) agus seachtracha (an tUdarás Sláinte agus Sábháilteachta/GBRÁ/ Uisce Éireann /conraitheoirí) d’fhonn a chinntiú go ndéanfaí oibríochtaí laistigh den limistéar feidhme go sábháilte.

Acmhainní Daonna

Tá an Rannóg Acmhainní Daonna freagrach as riachtanais lucht saothair DLRD a phleanáil agus a sheachadadh chomh maith le héiteas ardfeidhmíochta a thógáil trí fhoghlaím agus trí fhorbairt dhinimiciúil agus trí thacú lenár bhfoireann trí thimpeallacht oibre chothrom agus shláintiúil a chinntiú.

Ar bhonn laethúil, seachadann an Rannóg riachtanais oibríochtúla Earcaíochta, Bainistíochta Ama agus Tinrimh, Foghlaim agus Forbairt, Folláine, Rannpháirtíocht Fostaithe, Forbairt Beartais, Tacaíocht Párolla agus Pinsin, agus Cumasú AD trí shruthanna tionscadail.

Bhí earcaíocht agus coinneáil foirne fós ina bpríomhchuspóir le linn 2024, agus lean AD de DLRD a chur chun cinn mar fhóistóir rogha tríd ár bhfeachtais earcaíochta iomadúla.

Lean ár bhfoirne de thaithí saoil oibre ár bhfoirne a bharrfheabhsú tríd ár gCláir Foghlama agus Forbartha, próisis Rannpháirtíochta Fostaithe, Tionscnaimh Folláine Foirne agus Tionscadail Chumasú AD.

In 2024, foilsíodh an tríú Tuarascáil ar an mBearna Pá Inscne de chuid DLRD le bearna pá inscne de -2.93, rud a neartaíonn ár bhfócas ar thacú le hionad oibre oscailte agus cuimsitheach.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2024

- D’éirigh 105 duine as an gComhairle, agus tháinig 205 duine nua isteach san fhoireann. Ina theannta sin, chuaigh 48 duine ar scor. Tugadh ardú céime inmheánach do 121 ball foirne. Fógraíodh 58 iomaíocht earcaíochta, tugadh cuireadh do 752 iarratasóir agallamh a dhéanamh, agus cuireadh 382 iarrthóir rathúil ar phainéil. Ag deireadh 2024, bhí 1,190 buanfhoireann agus 63 foireann shealadach ag DLRD, b’shin méadú ó 1164 ball foirne san iomlán ag deireadh 2023.
- Eisíodh breis is 4,300 cuireadh Foghlaim agus Forbairt chuig 580 imeacht oiliúna in 2024. Tugadh tacaíocht do 61 ball foirne tús a chur le cúrsaí breisoideachais mar chuid den Scéim Cúnaimh.
- Phróiseáil an Fhoireann Bainistíochta Ama agus Tinrimh breis is 650 iarratas aonair ar shaoire de gach cineál. Chuir 137 ball foirne nua tús leis an bpróiseas promhaidh. Forbraíodh 10 bhfoirm iarratais dhigiteacha nua go rathúil agus cuireadh i bhfeidhm iad don fhoireann i rith na bliana.
- Lean an tSeirbhís Folláine Foirne ag fás in 2024, agus mhéadaigh idirghníomhaíochtaí aonair foirne arís go 831 idirghníomhaíocht le baill foirne i rith na bliana. Tionóladh 6 Sheimineár Folláine a chlúdaigh réimse ábhar i rith na bliana agus d’fhreastail 525 ball foirne ar na seimineáir seo ar líne. Lean Spectrum Life, ár Seirbhís Cúnaimh d’Fhostaithe, atá neamhspleách, le seirbhís a chur ar fáil do bhaill foirne agus d’ionadaithe tofa 24/7 365 lá in aghaidh na bliana.
- Chríochnaigh an Fhoireann Chumasaithe AD roinnt tionscadal lena n-áirítear rolladh amach an Chláir Chóitseála agus Meantóireachta agus réimse clár digitithe.

Teicneolaíocht Faisnéise agus Tionscnaimh Dhigiteacha

Agus ról lárnach á imirt ag an roinn TF maidir le hoibríochtaí gan uaim DLRD a chinntiú, tá sé de chúram ar an roinn TF ár mbonneagar digiteach a chothabháil, ár sonraí a chosaint, tacú le hoibríochtaí idir-rannacha agus ár sócmhainní TF a bhainistiú. Seachadann an roinn réitigh atá tiomáinte ag an teicneolaíocht agus feabhsuithe ar sheachadadh seirbhísí, agus ag an am céanna tacú le tionscnaimh claochlaithe digiteach na heagraíochta.

I measc fhreagrachtaí na roinne TF tá:

- Bearta slándála láidre a fhorfheidhmiú chun cosaint agus comhlíonadh sonraí i gcoinne cibearionsaithe a chinntiú.
- Maoirseacht, cothabháil agus uasghrádú a dhéanamh ar bhonneagar TF na heagraíochta, lena n-áirítear líonraí, freastalaithe, cruia-earraí agus bogearraí.
- Tacaíocht theicniúil agus réitigh a sholáthar ar fud na roinne go léir, tríd ár bhfoireann Seachadta Seirbhíse.
- Buiséid TF, soláthar agus rianú fardail a bhainistiú do gach cruia-earraí agus bogearraí.
- Próisis, córais agus seirbhísí TF a mheas agus a fheabhsú go leanúnach chun éifeachtúlacht agus taithí an úsáideora a fheabhsú.

- Teicneolaíochtaí nua agus atá ag teacht chun cinn a chur i bhfeidhm chun próisis inmheánacha agus seirbhísí poiblí a fheabhsú, le fócas ar leith ar chur i bhfeidhm na hintleachta saorga san ionad oibre.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2024

- Réitigh an Deasc Seirbhíse TF 4,422 glao in 2024, méadú 20% ar an mbliain roimhe sin. Ba é an méadú foriomlán ar fhoireann na Comhairle, mar aon le méadú ar líon na réiteach digiteach atá in úsáid ag an bhfoireann, ba chúis leis an méadú. Chomh maith leis sin, chuir muid os cionn 200 gléas crua-earraí nua lenár líonra.
- Stiúraigh muid uasghrádú agus athdhearadh shuíomh Gréasáin Leabharlanna DLRD. Gearrliostaíodh an tionscadal seo do ghradam um Chlaochlú Digiteach na hEarnála Poiblí.
- Éiríodh leo maoiniú suntasach a fháil chun taighde a dhéanamh ar mhodheolaíocht fheabhsaithe agus chun í a fhorbairt chun monatóireacht a dhéanamh ar Cháilíocht Uisce Snámha leis an Ionad FinEst do Chathracha Cliste. Tá sé seo rithábhachtach do Bhaile Átha Cliath agus, le linn an tionscadail, déanfar triail ar chur chuige eolaíocha éagsúla chun feabhas a chur ar bhrath, monatóireacht agus cumarsáid Cháilíocht Uisce Snámha. Tá an Chomhairle i gcomhpháirtíocht le Comhairle Contae Fhine Gall agus Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath ar an tionscadal seo.
- Faoi stiúir na foirne Feabhsúcháin Próisis Ghnó TF, ghlac 31 ball foirne páirt in oiliúint Lean Six Sigma ar réimse saincheistanna oibríochtúla riachtanacha. D'éirigh le grúpaí ó Phleanáil agus Tithíocht tionscadail a bhain le réamhphleanáil agus cothabháil a dhéanamh.
- Cuireadh SOC/SOAR i bhfeidhm. Is ionad oibríochta slándála é SOC a bhainistíonn ár bhfoláirimh go léir in aon suíomh lárnach amháin 24/7. Cuireann an SOAR tús le leabhair thaifeadta ar fholáirimh P1.
- Uasghrádú agus aistriú iomlán ar ESRI ArcGIS Enterprise go dtí an leagan is déanaí i dtimpeallacht nua. Soláthraíonn an éacht seo comhéadan GIS atá furasta le húsáid, atá bunaithe ar na nuálaíochtaí is déanaí in anailís agus bainistíocht sonraí.
- Tacaíodh le cur i bhfeidhm Córas Stoic atá bunaithe ar an Néal d'Ionad Oibríochtaí Bhaile Uí Ógáin. Tacaíonn sé seo le rianú agus tuairisciú fardail i bhfíor-am.
- Tugadh isteach, gan uaim, Inneall Bainistíochta Rochtana Pribhléide (PAM) 360, mar mhodh rochtana níos sláine do chianúsáideoirí. Úsáideann PAM an aip DUO chun fiordheimhniú ilfhachtóireach a chur i bhfeidhm dár nEastát Freastalaithe.
- Sheol foireann Smart Dhún Laoghaire, i gcomhar le BID Áth an Ghainimh, an tionscadal ceannródaíoch Pedal Pulse atá dírithe ar rothaíocht a athrú i gceantar Áth an Ghainimh. Trí shoilse rothair "See.Sense" a thabhairt do thart ar 200 rothaí, táimid ag baint leasa as cumhacht na teicneolaíochta rothaíochta cliste chun bonneagar a bhainistiú agus a chothabháil níos fearr agus sábháilteacht rothaithe a fheabhsú.

- Cruthú aip Rianaithe Tionscadal Caipitil atá furasta le húsáid, ag ár bhfoireann forbartha inmheánach, agus na sonraí stairiúla go léir aistrithe go rathúil chuig an ardán nua.
- Cuireadh Fiordheimhniú, Tuairisciú agus Comhréireacht Teachtaireachtaí Bunaithe ar Fhearann (DMARC) i bhfeidhm go rathúil ar fud ár bhfearann uile. Is prótacal fiordheimhnithe, beartais agus tuairiscithe ríomhphoist é DMARC. Tógann sé ar na prótacail SPF agus DKIM atá imscartha go forleathan, ag cur nasc leis an ainm fearainn údair, beartais fhoilsithe maidir le láimhseáil teipeanna fiordheimhnithe ag faighteoirí, agus tuairisciú ó fhaighteoirí chuig seoltóirí, chun cosaint an fhearainn ó ríomhphost calaoiseach a fheabhsú agus a mhonatóiriú.
- Cur i bhfeidhm córas bainistíochta stoic agus fardail chun sócmhainní TF a rianú, leithdháileadh éifeachtach acmhainní a chinntiú agus soláthar a shruthlíniú. Feabhsaíonn an córas nua seo infheictheacht crua-earraí TF agus feabhsaíonn sé seachadadh seirbhíse d'úsáideoirí.

Comhpháirtíocht an Ionaid Oibre

Reáchtáil an Coiste Comhpháirtíochta a sceideal cruinnithe i rith na bliana agus lean siad orthu ag cur cuspóirí agus gníomhaíochtaí chun cinn.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2024

- Turais oideachais ar fud an chontae do bhaill foirne. Bhí 4 thuras foirne ann, agus d'fhreastail 180 ball foirne san iomlán orthu, agus cuireadh turas Comhairleora ar fáil in 2024 do Chomhaltaí nua-thofa agus do Chomhaltaí reatha. Bhí aiseolas ón lucht freastail an-dearfach.

The background is a complex geometric composition. The top-left corner features a large orange circle. The top half is divided into orange and teal sections by a diagonal line. The bottom half is primarily teal, with a yellow triangle in the center-left and a series of curved teal lines on the right. The title is centered in the teal section.

SEIRBHÍ AITIREACHTA

2024 IN UIMHREACHA



€200,000

faighte faoi
Mhaoiniú Thrive



Tá soilse LED

i **91%**

de na soilse sráide go léir

22

imeacht curtha ar siúl
le linn Open House
Dublin 2024



Open House
Bhaile
Átha Cliath



€264,829

faighte don Chiste
Struchtúr Stairiúil

+  - **13**

luchtaire EV athbhunaithe
agus ceangailte in 2024

An tSeirbhís Ailtireachta

Cuireann an Roinn Ailtirí seirbhísí ar fáil chun feabhas a chur ar cháilíocht na beatha do chách sa Chontae, lena n-áirítear athbhreithniú straitéiseach agus forbairt suíomhanna oiriúnacha le haghaidh tithíochta, áiseanna sibhialta agus forbartha uirbí, chomh maith le hionchur a bheith acu i bPlean Forbartha an Chontae agus i bPleananna Ceantair Áitiúil. Go príomha, déanann an Roinn bainistíocht ar thógáil tionscadal tithíochta, ach tacaíonn an Roinn Ailtirí le ranna agus rannóga eile freisin, lena n-áirítear Bonneagar agus Athrú Aeráide, Gnóthaí Corparáideacha, Páirceanna, Pobal agus Leabharlanna ar thionscadail tógála, dearadh uirbeach, agus tionscadail réimse poiblí.

Cuireann an Rannóg Caomhantais le Plean Forbartha an Chontae, chomh maith le comhairle a thabhairt faoi iarratais phleanála a bhaineann le struchtúir agus tithe cosanta i Limistéar Chaomhantais Ailtireachta. Tugann an rannóg deontais d'iarratasóirí rathúla faoi na Scéimeanna Cistiúcháin le haghaidh Deontais Chaomhantais agus Struchtúir Stairiúla.

Tá an Roinn freagrach chomh maith as bheith ag plé le Struchtúir agus Áiteanna Contúirteacha sa Chontae faoin Acht Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta).


Cuireann Roinn na nAiltirí an clár oibre um laghdú fuinnimh agus carbóin chun cinn sa Chontae sna réimsí seo a leanas:

- Bainistiú a dhéanamh ar an gCóras Bainistíochta Fuinnimh ISO 50001 ar fud na corparáide agus ar an bhFoireann Fuinnimh tras-rannach.
- Monatóireacht agus feabhsú ar fheidhmíocht fuinnimh i bhfoirgnimh, i gcabhlach agus i soilsiú poiblí DLRD.
- Dul i mbun oibre le geallsealbhóirí agus le ranna rialtais maidir le foirgnimh atá tíosach ar fhuinneamh agus dícharbónú i réimsí teirmeacha agus iompair.

Tugann Ailtirí DLRD tacaíocht don fhéile bhliantúil ailtireachta a reáchtálann Fondúireacht Ailtireachta na hÉireann, Teach Oscailte Baile Átha Cliath. Eagraítear turais phoiblí, gníomhaíochtaí agus imeachtaí saor in aisce chun timpeallacht thógtha ardchaighdeáin an Chontae a chur chun cinn agus chun tuiscint níos fearr a spreagadh ar raon feidhme leathan na hailtireachta do gach aoisghrúpa.

Gradaim

- Bhuaigh DLRD Gradam 'Fuinneamh i bhFoirgneamh' 2024 ÚFIÉ don tionscadal tithíochta sóisialta i gCearnóg Bhaile Uí Ógáin. Dearadh 67 teach nua atá tíosach ar



fhuinneamh de réir chaighdeán Tí Éighníomhaigh agus RFFanna A1, ina raibh aerdhíonacht, insliú, painéil gréine PV, caidéal teasa, agus MVHR, chun billí fuinnimh ísle agus feabhas ar cháilíocht an aeir faoi dhíon a chinntiú.

- Bhuaigh athfhorbairt Fholcadáin Dhún Laoghaire an gradam Spáis Phoiblí iomráiteach Architectural Review 2024 agus cuireadh ar an ngearrliosta é ar dtús mar aon le 15 thionscadal eile ó thíortha eile an domhain.
- Cuireadh athfhorbairt Fholcadáin Dhún Laoghaire ar an ngearrliosta do Dhuais Eorpach CCCB don Spás Poiblí agus bhí sé ina iarrthóir deiridh sa chatagóir Cladaigh (Seafront) mar aon le ceithre thionscadal eile ó ar fud na hEorpa.

Tithíocht

- Tógadh ceithre theach nua ag Cúirt Moyola.
- Tógadh teach líonta dhá sheomra leapa ag Bailtíní Rollins, An Naigín.
- Tugadh an chéad chéim den phobal inbhuanaithe i Seangánach ar láimh, ina bhfuil 51 aonad inacmhainne, 195 aonad costais ar cíós agus 35 aonad sóisialta. Tá forbairt 597 teach sóisialta, inacmhainne agus cíosa ar chostas i Seangánach, Seanchill, á déanamh ag DLRD i gcomhpháirtíocht leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún.
- Rinne Ailtirí DLRD dul chun cinn ar an láthair ar an Park House athchóirithe agus leathnaithe mar thionscadal eiseamláireach “Maireachtáil os cionn an tSiopa”, chun 4 árasán a chruthú os cionn aonad tráchtála nua ar leibhéal na sráide.
- Thug Ailtirí DLRD an chéad thionscadal glan-nialas ar Bhóthar Reabóige, scéim de dhá aonad 4 sheomra leapa agus dhá árasán 1 sheomra leapa, chuig an láthair.
- Cuireadh tús le tógáil 13 aonad ag Faiche Bhaile na Creige, Cabhsa Bhaile na Creige, agus táthar ag súil go mbeidh sé críochnaithe in 2025.
- Rinneadh dul chun cinn ar dhoiciméid tairisceana le haghaidh 52 árasán i mBaile Uí Ógáin, meascán d’aonaid shóisialta agus chostais ar cíós araon, agus táthar ag súil go dtosóidh an tógáil in 2025.
- Bhí dul chun cinn maith déanta ar na scéimeanna le haghaidh 129 aonad ag Bóthar an Ghleanna Dhuibh agus 24 aonad ag sean-láithreán stórais Mount Anville i dtreo chéim na pleanála.
- Cuireadh tús le dearadh athfhorbartha Ionad Boylan, chun tithíocht agus áis phobail nua a sholáthar.

An Dearadh Uirbeach agus an Ríocht Phoiblí

- Chomhoibrigh Ailtirí DLRD le Pleanálaithe DLRD chun Pleananna Ceantair Áitiúla nua a sheachadadh do cheantair Shean-Chonnacht agus Chill Tiarnáin ag leanúint prionsabail dea-chleachtais maidir le cruthú áite i ndearadh uirbeach.
- D’fhorbair Ailtirí DLRD moltaí chun Foscadh Gréine an Phiara Thoir a athbhunú agus tá siad ag dul ar aghaidh leis an rogha is fearr.
- Críochnaíodh an chéad chuid eile de thionscadal Fholcadáin Dhún Laoghaire i mí Iúil nuair a osclaíodh an rampa inrochtana a nascann leibhéal lár-leibhéil na promanáide leis an leibhéal íochtarach den phlás.

- Leanann Ailtirí DLRD ag obair leis an Roinn Bonneagair agus Athrú Aeráide agus leis an Rannóg Taistil Ghníomhaigh ar dhearadh roinnt tionscadal réimse poiblí ar fud an Chontae. D’oibríomar le chéile chun bealaí sábháilte chuig scoileanna agus tionscadail sráideanna beo i sráidbhaile na Carraige Duibhe agus i nDún Laoghaire a sheachadadh. Leanfaimid orainn ag cothabháil na dtionscadal COVID agus sráideanna samhraidh agus bhíomar páirteach freisin i dtionscnamh sráideanna sábháilte agus ciúine Ghort na Mara, agus obair leanúnach ar an mBealach Soghluaisteachta Cósta.
- Thosaigh Ailtirí DLRD ag obair chun tograí a thabhairt chun cinn do limistéar an charrchlóis cois farraige ar an gCarraig Dhubh. Áirítear leis an tionscadal seo athshamhlú cuimsitheach ar an gceantar cois farraige lena n-áirítear na carrchlóis lasmuigh den Stáisiún DART, naisc thar Líne DART leis an gcladach agus forbairt plás cathartha nua.

Foirgnimh Shibhialta

- Rinne Ailtirí DLRD dul chun cinn ar an láithreán ar leabharlann nua Bhaile Uí Ógáin ag Campas Cathartha Samuel Beckett. Cuirfidh an spás nua geal seo, atá frámaithe le painéil agus colúin adhmaid nádúrtha, áiseanna leabharlainne den scoth ar fáil thar dhá urlár. Beidh spásanna ildaite ar scála leanaí le haghaidh léitheoireachta agus foghlama sa limistéar do pháistí, agus is í seo an chéad leabharlann phoiblí sa Chontae le spás céadfach, limistéar dírithe ar dhéagóirí agus stiúideo ceoil.
- Rinne Ailtirí DLRD sraith athchóirithe oifige agus feistis do ranna eile de chuid DLRD.
- Deonaíodh pleanáil Chuid 8 do Shaoráid Spóirt nua spreagúil ag Ionad Samuel Beckett, Baile Uí Ógáin agus ceapadh foireann dearaidh chun ullmhúchán tairisceana a chur chun cinn. Beidh dhá linn snámha (linn snámha 25m agus linn snámha d’fhoghlaimeoirí), halla spóirt, giomnásiam, stiúideoanna, limistéar beag nua uile-aimsire, limistéar feistis clúdaithe lasmuigh, clóis súgartha do pháistí, limistéar déagóirí, páirc scátála, spás cathartha, síneadh ar an gcarrchlós atá ann cheana féin, limistéir pháirceála fágála, cosáin imeallacha le gníomhaíochtaí teagmhasacha, limistéir amhairc, draenáil láithreáin agus limistéir tírdhreachaithe a fheabhsaíonn bithéagsúlacht an láithreáin san ionad.
- Deonaíodh pleanáil Chuid 8 do shaoráid spóirt uisce Fáilte Éireann ag Trá Chill Iníon Léinín, agus cuireadh tús le pacáiste tairisceana.
- Lean tograí ar aghaidh chun Ionad Pobail, Cultúrtha agus Sibhialta nua a lonnú i gcoilár Dhún Droma. Tá an moladh le freastal ar mhuintir Dhún Droma agus na ceantair mháguaird ar bhealach a fhreastalaíonn ar riachtanais na nglún atá ann agus na glúine atá le teacht, ag soláthar leabharlann mhór nuashonraithe chomh maith le áiseanna pobail, cultúrtha agus cathartha lena n-áirítear seomra na Comhairle.

Caomhnú na hOidhreachta Tógtha

Cuireann an Rannóg Caomhantais Cuid IV (Oidhrecht Thógtha) ón Acht Pleanála agus Forbartha, 2000 i bhfeidhm, chomh maith le comhairle a chur ar fáil don phobal agus gníomhairí maidir le gach gné den Oidhrecht Thógtha. Tugann an fhoireann tacaíocht i gcónaí don Roinn Pleanála, idir Bhainistíocht Forbartha agus Phleanáil Chun Cinn.

Rialú Forbartha

Iarratais Phleanála (lena n-áirítear FI agus tuarascálacha cuideachta)	Dearbhuithe Chuid 5	Dearbhuithe Chuid 57
230	58	4

Deontais

Déanann Rannán Caomhnaithe na Roinne Ailtirí riarachán ar scéimeanna deontais bhliantúla Caomhnaithe na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht.

Don Chiste na Struchtúr Stairiúil 2024 (HSF) bhronn an tAire Stáit um Oidhreacht agus Athchóiriú Toghcháin €264,829 ar 4 thionscadal.

Líon na dtionscadal a fuair maoiniú	Líon na gcistí gearáilte príobháideacha a chaith na hiarrthóirí	Líon na laethanta fostaíochta a cruthaíodh (1 lá = 8 n-uaire an chloig)
4	€227,363	683

Leithdháileadh €131,400 ar DLRD don Scéim Infheistíochta don Oidhreacht Thógtha 2024 (SIOT), agus maoiníodh réimse tionscadal leis.

Líon na dtionscadal a fuair maoiniú	Líon na gcistí gearáilte príobháideacha a chaith na hiarrthóirí	Líon na laethanta fostaíochta a cruthaíodh (1 lá = 8 n-uaire an chloig)
20	€353,380.42	540.5

Struchtúir Chontúirteacha

Cuireann Roinn na nAiltirí an tAcht Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta) 1964 i bhfeidhm i ndáil le Struchtúir agus Áiteanna Contúirteacha. Déanann an Roinn an obair ina dhiaidh sin a chomhordú i gcomhar le Cigirí Tógála, Dlí, Bainistíocht Réadmhaoine, réimse de ghníomhaireachtaí rialtais agus leis an bpobal chun na rioscaí a íoslaghdú. Sa tábla thíos, déantar achoimre ar chatagóirí na bhfoirgneamh contúirteach agus líon na gcásanna a tuairiscíodh in 2024.

Foirgneamh contúirteach	6
Foirgneamh a d'fhéadfadh a bheith contúirteach	59
Foirgneamh nach bhfuil contúirteach	12
Iomlán	77

Bainistíocht Fuinnimh

Bunaithe ar chóras Monatóireachta agus Tuairiscithe (MagusR) Údarás Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann (ÚFIÉ), d'fheabhsaigh Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin éifeachtúlacht fuinnimh 51% in 2023 i gcomparáid leis an mbunlíne in 2009. Bhí astaíochtaí fuinnimh DLRD in 2023 47.1% níos ísle ná bunlíne an mheáin 2016-2018, ach, tá bearna shuntasach fós sna hastaíochtaí neamhleictreacha a bhaineann le teirmeach (téamh) agus iompar le laghdú 17.8% bainte amach faoi 2023.

Tá infheistíocht shuntasach ag teastáil chun an laghdú iomlán 51% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa atá riachtanach faoi 2030

a bhaint amach, agus ina dhiaidh sin chun ár spriocanna astaíochtaí maidir le glan-nialasach carbóin faoi 2050 a chomhlíonadh. Chun spriocanna 2030 agus 2050 a bhaint amach, ní mór bogadh ar shiúl ó théamh breosla iontaise do fhoirgnimh DLRD, leanúint ar aghaidh le rolladh amach uasghráduithe LED le haghaidh soilsiú poiblí, feabhsuithe ar an gcabhlach agus foirgnimh nua a dheardh chun freastal ar nialas-charbóin.

Léirítear tuilleadh sonraí faoi na héachtaí in 2024 in Aguisín 1.

Féile Ailtireachta Open House 2024

Thug féile ailtireachta Open House Bhaile Átha Cliath 2024 cuireadh don phobal díospóireacht agus plé a dhéanamh ar gach a fheictear, a chloistear agus a bhraitear i mí Dheireadh Fómhair, ón gcuan go dtí an teach, chun páirt a ghlacadh sna turais, sna comhráite, sna taispeántais, sna cuairteanna stiúideonna, sna ceardlanna agus i níos mó. Bhí deiseanna ann rochtain a fháil ar ár dtimpeallacht thógtha agus daoine a thabhairt le chéile chun labhairt, foghlaim, éisteacht, taithí a fháil ar ailtireacht agus taitneamh a bhaint aisti.

Ba é an príomhimeacht ná an plé “Ag Tabhairt Tithe Ar Ais - Bealaí Cruthaitheacha agus Inbhuanaithe chun Seanfhoirgnimh a Athbheochan ina dTeach” i Seomra na Comhairle, a léirigh ceithre shampla d’fhoirgnimh fholmha atá athraithe ina dtithe nua agus na dreasachtaí agus na tacaíochtaí atá ar fáil. Cuidíonn iniúchadh a dhéanamh ar chumas foirgneamh tearcúsáidte nó folamh le dul i ngleic le cuid de na dúshláin a bhaineann le ganntanas tithíochta agus gníomhú ar son na haeráide. Chuir ceathrar ailtire agus gairmithe foirgníochta a dtionscadail chlaochlaitheacha i láthair a d’athfhorbair siopaí agus oifigí folmha go cruthaitheach ina dtithe i nDún Laoghaire. Chuir an Dr. Kathleen Stokes ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath torthaí ó thuarascáil taighde 2024 i láthair ‘Deiseanna agus dúshláin a bhaineann le haonaid fholmha os cionn na siopaí le haghaidh úsáide cónaithe in Éirinn’. Rinne Oliver Kinnane ó Ailtireacht, Pleanáil agus Beartas Comhshaoil UCD modhnóireacht ar an bplé, ar na ceisteanna agus ar na freagraí.

Buaicphointí Chlár Open House Bhaile Átha Cliath DLRD:

Cainteanna agus Comhráite

- Ag Tabhairt Tithe Ar Ais: Bealaí Cruthaitheacha agus Inbhuanaithe chun Seanfhoirgnimh a Athbheochan i Seomra Comhairle DLRD.
- Cuan Dhún Laoghaire: Caint ar Úsáidí Reatha agus Deiseanna Nua i Seomra Chomhairle DLRD.
- ‘Common Ground: Ceardlann Campas, Pobal agus Aeráid’ in UCD.

Turais Foirgnimh

- Leabharlann Carnegie i nDún Laoghaire
- “Túr James Joyce” Martello i gCuas an Ghainimh.
- Eurofound, Teach Bhaile Uí Lachnáin.
- Athshamhlú Plás Sheoirse – Athbheochan trí Athúsáid – Plás Sheoirse agus Cúinne Uí Cheallaigh, Dún Laoghaire.
- Lóiste Mháistir an Chuain.

Turais Siúil agus Rothaíochta

- Séadchomhartha Rí Laoghaire.
- Chuibh an Teach Solais – turas den Ché Thiar.



Teach Solais na Cé Thiar

- Conas a shainmhíniú an Ché Thoir Dún Laoghaire ó Chogadh na Crimé go Samuel Beckett.
- Folcadáin Dhún Laoghaire - buaiteoir Ghradaim Phoiblí an Athbheithnithe Ailtireachta (AR) 2024.
- Tithíocht Chearnóg Bhaile Uí Ógáin.
- Turas rothaíochta ar Bhealach Soghluaisteachta Cósta (CMR).

Imeachtaí do Dhaoine Óga agus do Theaghlaigh

- Safari Fiadhúlra i bPáirc Mharlaí.

- Eispéireas Réaltachta Méadaithe Idirghníomhach i dTeach Mharlaí.
- Turas Halla Baile Dhún Laoghaire.
- Ceardlann Cruthaigh Do Chófra Taisce Féin i Lexlcon DLRD.
- Ceardlann Déan D'Éan Mara Féin i Lexlcon DLRD.
- Faraor nach bhfuil tú anseo! Cátaí Poist Chuan Dhún Laoghaire i Lexlcon DLRD.
- Ceardlann gan choinne: Smaointe le haghaidh Súgartha agus Áineasa Allamuigh do Leanaí agus Déagóirí in Ionad Pobail Samuel Beckett.
- Turas siúil teaghlaigh - Architek: Dún Laoghaire.

Maoiniú Thrive


I mí Aibreáin 2024, rinne DLRD iarratas ar mhaoiniú faoi Shraith 1 le haghaidh staidéar comhtháite uirbeach agus forbairt tograí le haghaidh athúsáid foirgneamh folamh ar Phlás Sheoirse agus Ascaill Uí Cheallaigh, Dún Laoghaire. Ceadaíodh an t-iarratas seo agus bronnadh maoiniú €200,000. Tá an tionscadal seo cómhaoinithe ag Rialtas na hÉireann agus ag an Aontas Eorpach trí Chlár Réigiúnach an Deiscirt, an Oirthir agus Lár Tíre 2021-2027 de chuid CFRE.

Is é aidhm an Staidéir Chomhtháite Uirbigh dar teideal “Ath-shamhlú Phlás Sheoirse - Athbheochan trí Athúsáid” úsáid a aithint agus tograí a fhorbairt le haghaidh athúsáid an dá fhoirgneamh.

Rinneadh dul chun cinn ar dhearadh Chuid 8 le haghaidh athchóiriú, síneadh agus athúsáid Uimh. 9 Phlás Sheoirse agus athchóiriú agus athúsáid an iar-Teach Níocháin, chun Ionad Foghlama Cruthaithí ar Feadh an tSaoil a sholáthar. Cuirfear iarratas isteach ar Mhaoiniú Oibreacha Caipitil Snáithe 2 THRIVE i mí Aibreáin 2025.



Coill Chill Tiarnáin

The background features a complex geometric design. The top left has a large orange circle. The top right is a teal triangle. The middle left is a teal square. The middle right is a teal square with a yellow triangle. The bottom half is a solid teal band containing the text. The bottom right is a teal square.

SEIRBHÍ CULTÚRTHA POBAIL AGUS PÁIRCEANNA

2024 IN UIMHREACHA

Tugadh maoiniú de
€450,000

do ghrúpaí pobail i DLRD tríd an
gClár Feabhsúcháin Áitiúil agus
an Ciste Aitheantais Pobail,
arna mhaoiniú ag an Roinn
Forbartha Tuaithe agus Pobail

Tugadh aitheantas
foirmiúil do **61**
grúpa pobail agus

54 oibrí deonach
ag Gradaim Pobail
agus Oibrithe
Deonacha DLRD



Bronnadh
171

Deontas Pobail
ar luach iomlán de

Bronnadh **€179,000** i maoiniú deontais
Rialtais arna riaradh do ghrúpaí pobail in DLRD faoin gClár
Feabhsúcháin Áitiúil 2024.

€179,642

56 imeacht
Sheachtain
Náisiúnta na
hOidhreachta.



23

cruinniú den Fhóram Freagartha
Pobail, mar fhreagra ar theacht na
nÚcránach díláithrithe agus larratasóirí
um Chosaint Idirnáisiúnta

D'fhreastail
50,000
duine ar

2,700

imeacht i mbrainsí leabharlainne



Mheall Lá Spraoi
Teaghlaigh le linn
Fhéile an Chósta i mí
Iúil thart ar

2,800 CUAIRTEOIR
chuig Lexlcon DLRD

Bronnadh Bratacha Glasa An
Taisce ar Pháirc Mharlaí, Páirc
Chábán tSíle, Páirc Sheangánaí,
Páirc an Phobail, Páirc na
bhFianna agus An Charraig Dhubh



€125,700

Leithdháilte ar ghrúpaí
chun tacú le himeachtaí
ar fud an Chontae

POBAL, SEIRBHÍSÍ CULTÚRTHA AGUS PÁIRCEANNA

Cuimsíonn an Roinn Pobail, Seirbhísí Cultúrtha agus Páirceanna réimse seirbhísí tábhachtacha lena n-áirítear na hEalaíona; an tSeirbhís Leabharlainne; Forbairt an Phobail agus Ionchuimsiú Sóisialta Páirceanna, Bithéagsúlacht, Oidhreacht, agus Forbairt Spóirt agus Rannpháirtíocht. Tá na seirbhísí sin dírithe ar thacú le forbairt pobail, cuimsiú sóisialta agus caighdeán na beatha agus na folláine a chur chun cinn ar mhaithe le cách.

Forbairt an Phobail

- Bhí Gradaim Pobail agus Oibrithe Deonacha DLRD ar siúl i mí Aibreáin 2024. Tugadh aitheantas foirmiúil do 61 grúpa pobail agus 54 oibrí deonach as na ranníocaíochtaí luachmhara a rinne siad dá bpobail.
- Bhí beirt bhuaiteoirí ag DLRD i nDámhachtainí Mórta Áite IPB bliantúla. Bhuaigh Cumann Gníomhaíochta Lucht Scoir Bhaile an tSaoir (BARA) an Gradam Náisiúnta do Phobail Aoisbhá agus fuair Sráidbhaile na Seanchille an dara háit sa chatagóir Daonra os cionn 5,000.
- Lean an fhoireann Pobail ag obair go dlúth le hoibreoirí Áiseanna Pobail DLR, ag soláthar clár gníomhachaithe pobail chomh maith le seirbhísí andúile, seirbhísí tacaíochta teaghlaigh, seirbhísí óige, cúram leanaí, grúpaí gníomhacha scoir, Seideanna na bhFear, agus gníomhaíochtaí sóisialta agus áineasa.
- Leanadh le cruinnithe démhíosúla Líonra Áiseanna Pobail in 2024. Dhirigh na cruinnithe ar réimsí Rialachais, Forbartha Beartais agus Sláinte agus Sábháilteachta.
- Leanadh le rannpháirtíocht suas le 115 rannpháirtí ar fud Scéim Fostaíochta Pobail DLRD, ag tairiscint deiseanna oiliúna, scileanna poist, cóitseáil agus meantóireacht dóibh siúd atá dífhostaithe go fadtéarmach nó faoi mhíbhuntáiste.
- Leanadh le hoibriú an Chláir Bainistíochta Eastáit i 12 cheantar, ag obair i gcomhpháirtíocht chun gníomhartha a chur chun cinn chun an timpeallacht áitiúil a fheabhsú.
- Bronnadh leithdháileadh maoinithe ar DLRD ón Roinn Sláinte chun leanúint ar aghaidh ag rolladh amach clár



Gradaim Pobail agus Oibrithe Deonacha

dínite an fhuil mhíosta. Dáileadh táirgí ar 27 láithreán ar fud an Chontae lena n-áirítear Leabharlanna, Seirbhísí Óige, Áiseanna Pobail, Ionaid Acmhainní Teaghlaigh agus Grúpaí Forbartha Pobail.

- D'éirigh le DLRD maoiniú a fháil do Lá Náisiúnta na Súgartha 2024, a raibh “Am le Súgradh” mar théama dó. Bhain Seirbhísí Áitiúla do Leanáí agus don Óige leas as an maoiniú, ag cur chun cinn agus ag spreagadh deiseanna súgartha agus caitheamh aimsire do leanáí agus do dhaoine óga ar fud an Chontae.

Forbairt agus Ionchuímsiú Sóisialta

Thacaigh Aonad Cuimsithe Sóisialta DLRD le go leor gníomhaíochtaí agus oiliúna i rith na bliana le grúpaí pobail, eagraíochtaí agus coistí deonacha, ag déanamh ionadaíochta ar dhaoine scothaosta, pobail imirceacha, LGBTQI+, an Lucht Siúil, daoine faoi mhíchumas agus ó phobail i gceantair atá aitheanta mar cheantair faoi mhíbhuntáiste. I measc na n-imeachtaí a fuair tacaíocht bhí tionscadal cartlainne 40 bliain Ghrúpa Gníomhaíochta an Lucht Siúil Theas, Féile Chomhtháthaithe DLRD, imeachtaí Lá na hAfraice, gníomhaíochtaí Fhóram Comhtháthaithe DLRD agus tuilleadh.

Bhí Féile Chuimsithe DLRD 2024 ar siúl ón 15 – 26 Bealtaine, agus cheiliúir sí an téama “Cairdeas a Thógáil sa Phobal | Ag Cothú Cairdis sa Phobal” agus fuair sí poiblíocht áitiúil agus náisiúnta fhorleathan do na himeachtaí. Mhéadaigh rannpháirtíocht i bhFéile Chuimsithe DLRD in 2024 le breis agus 70 imeacht eagraithe ag breis agus 60 grúpa agus beagnach 5,000 i láthair ag an réimse imeachtaí éagsúla agus cuimsitheacha.

Foireann Chomhtháthaithe Údarás Áitiúil DLRD (LAIT)

Bunaíodh LAIT DLRD i mí Lúnasa 2024 le 4 bhall foirne ag tacú le hlarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta agus chuir pobal na hÚcráine a bhí ina gcónaí sa Stát cóiríocht ar fáil i DLRD. Tá LAITanna i bhfeidhm ag gach údarás áitiúil anois agus tá freagracht reachtúil orthu as comhtháthú áitiúil, as soláthraithe seirbhísí áitiúla a chomhordú agus a nascadh atá oiriúnach do riachtanais na ndaoine atá tar éis teacht chun na tíre chomh maith le Straitéis um Chomhtháthú Imirceach a fhorbairt.

Feidhmíonn LAIT DLRD mar phointe teagmhála chun faisnéis, comharthaíocht agus comhairle a sholáthar faoi na seirbhísí atá ar fáil chun rochtain a fháil ar fhostaíocht; chun inniúlacht sa Bhéarla a fhorbairt, cúram leanaí; seirbhísí cúram sláinte etc. Comhoibríonn an fhoireann freisin chun freastal ar riachtanais, oiliúint a sholáthar chomh maith le maoiniú agus tacaíocht a riaradh do shaoráidí agus gníomhaíochtaí spóirt, cultúrtha agus áitiúla/pobail eile a chabhraíonn le deiseanna a chur chun cinn maidir le comhtháthú sa phobal.

Clár a Thacaíonn le Daoine Breacaosta

- Bhuaile Comhghuaillíocht Aoisbháúil DLRD, an chomhpháirtíocht straitéiseach faoi chathaoirleacht Phríomhfheidhmeannach DLRD, Frank Curran, le chéile gach ráithe chun cur i bhfeidhm Straitéis Aoisbháúil DLRD 2022-2026 a nuashonrú, a chomhordú agus a mhonatóiriú.
- Seoladh Iris Aoisbháúil DLRD 2024 i mí Feabhra - foilseachán 84 leathanach saor in aisce atá scaipthe ar fud an chontae le heolas faoi sheirbhísí, tacaíochtaí agus gníomhaíochtaí Aoisbháúla ar fud DLRD.



Clúdach Iris Aoisbháúil DLRD 2024

- Fuair gnólachtaí Shráidbhaile Charraig an tSionnaigh Aitheantas Náisiúnta Gnó Aoisbháúil agus chuir DLRD spásanna páirceála Aoisbháúla ar fáil - gach gníomh mar chuid de Charraig an tSionnaigh a bheith ar an gcéad Shráidbhaile Aoisbháúil ag DLRD.
- D'aithin Iarnród Éireann Stáisiún DART Dheilginse, agus cuireadh tús le hobair chun Stáisiún Traenach atá Aoisbháúil a dhéanamh de.
- Bhuail Comhairle na nDaoine Scothaosta DLRD le chéile gach mí agus thacaigh siad le go leor grúpaí daoine scothaosta ar fud an Chontae le Deontais Iompair bhliantúla DLRD.
- Rinne Clár Cairdiúil don Aois DLRD bainistíocht ar Scéim Glas Ard-Slándála DLRD agus thacaigh sé le go leor gníomhaíochtaí agus imeachtaí sóisialta agus cultúrtha do dhaoine scothaosta i rith na bliana.

Comhairle na nÓg

- Bhí Comhdháil Bhliantúil na nÓg de chuid Chomhairle na nÓg DLRD 2024 ar siúl ar an 6 Samhain. D'fhreastail 100 duine óg ó 27 scoil ar fud Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.
- Reáchtáil baill de Chomhairle na nÓg DLRD imeacht "Bridging the Gap" in Ionad Siopadóireachta Dhún Droma a raibh sé mar aidhm aige tacú le daltaí atá ag bogadh chuig meánscoil.
- Bhí baill de Chomhairle na nÓg DLRD páirteach i gcomhairliúcháin le DLRD maidir le forbairt Mháistirphlean an Chuain, Phlean Daoine Óga CYPSC agus Plean Corparáideach DLRD.
- D'fhreastail Comhairle na nÓg DLRD agus ghlac siad páirt i nDáil na nÓg.

- Rinneadh ionadaíocht ar Chomhairle na nÓg DLRD trí na comhordaitheoirí ar Líonra Óige i mBaol DLRD.
- Rinne Comhairle na nÓg DLRD cur i láthair do Chomhaltaí Tofa ag cruinniú na Comhairle i mí Aibreáin.
- Ghlac baill Chomhairle na nÓg DLRD páirt i gclár samhraidh seachtaine tógála foirne.

An Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ)

Tionóladh 5 gcruinniú CFPÁ agus 2 chruinniú Foghrúpa in 2024.

Rinne an CFPÁ monatóireacht agus athbhreithniú ar dhul chun cinn chur i bhfeidhm Chlár CCSGP 2024-2028 ag Comhpháirtíocht Theas DLRD CLG in 2024. Luacháladh an conradh bliantúil ag €1,111,184 agus leithdháileadh €187,389 breise le haghaidh tacaíochtaí CCSGP d'Úcránaigh easáitithe agus d'Iarratasóirí Cosanta Idirnáisiúnta in DLRD. Leithdháileadh maoiniú breise de €23,056 ag an Roinn i mí Iúil 2024 le haghaidh tacaíochtaí CCSGP do Theachtaithe Nua go dtí deireadh 2024.

- Tacaíodh le 44 Grúpa Pobail Áitiúil, Fiontar Sóisialta agus Líonra agus 639 duine aonair in 2024.
- Fuair 288 páiste tacaíocht oideachais nó forbartha.
- Chuaigh 42 duine aonair ar aghaidh chuig fostaíocht.
- Tacaíodh le 100 duine aonair chun féinfhostaíocht a dhéanamh.
- Rinneadh monatóireacht ar chur i bhfeidhm ghníomhartha an phobail i bPlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail 2016-2021 DLRD. Tacaíodh le forbairt agus seoladh an Phlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail 2023-2028 i mí Mheán Fómhair.
- Tacaíodh le leasanna pobail agus cuireadh chun cinn iad lena n-áirítear:



Seoladh Fhéile Chuimsithe Le Chéile



Coastival

- Bhí 629 balleagraíocht ghníomhach ag Lónra Rannpháirtíochta Poiblí (LRP) DLRD le méadú ó 600 in 2023. D'fhóin ionadaithe LRP ar CFPÁ agus CBSanna agus d'fhreastail baill CFPÁ ar Chomhdháil Náisiúnta LRP i Luimneach i mí Dheireadh Fómhair 2024.
- Obair Dheonach DLRD: Tugadh 387 uair an chloig tacaíochta d'imeachtaí áitiúla agus bhí 1,321 oibrí deonach cláraithe as an nua i DLRD. Tacaíodh le himeachtaí ar nós glantacháin Tearmann Dúlra Bhaile an Bhóthair, Ukulele Hooley, Féile na hIndia, agus Santa Run.
- Bronnadh €179,000 i maoiniú deontais Rialtais arna riaradh do ghrúpaí pobail in DLRD faoin gClár Feabhsúcháin Áitiúil 2024.
- Seoladh Clár Feabhsúcháin Áitiúil 2025 i mí na Samhna le €203,922 ar fáil do ghrúpaí pobail áitiúla, go háirithe iad siúd atá ag freastal ar phobail faoi mhíbhuntáiste.
- Tacaíodh le cur i bhfeidhm Bhabhta 4 Éire Shláintiúil i DLRD 2022-2025 le gníomhaíochtaí pobalbhunaithe in 2024 ag tacú le spriocanna roghnaithe an chlár i DLRD lena n-áirítear an Clár Gníomhaíochta um Fholláine Shóisialta, Garraíodóireacht Aireach, Feirmeoireacht Shóisialta, Rince Tae agus forbairt grúpaí Siúlóide Sóisialta.

An Comhchoiste Póilíneachta (ACP)/ Fóraim Áitiúla Póilíneachta (FÁP)

- Reáchtáil an ACP 2 chruinniú Coiste agus cruinniú poiblí amháin in 2024. Níl an ACP ag feidhmiú a thuilleadh mar go bhfuil an Chomhpháirtíocht um Shábháilteacht Pobail Áitiúil (LCSP) le cur ina áit. Táthar ag fanacht le treoir ón Roinn Dlí agus Cirt maidir le bunú an LCSP.
- Lean an obair ar aghaidh go luath in 2024 ar chur i bhfeidhm Phlean Straitéiseach ACP DLRD 2023-28 faoi na ceithre sprioc: Ag Tacú le Coireacht a Chosc agus á Chur Chun Cinn in DLRD, Pobail Níos Sábháilte a Fheabhsú, Ag Tacú le hÍospartaigh agus leis na Daoine Leochaileacha, Rannpháirtíocht agus Comhoibriú Pobail ar Shaincheisteanna Sábháilteachta a Éascú.
- Bhí 5 chruinniú coiste ag FÁP Áth an Ghainimh-An Chéim agus cruinniú poiblí amháin.
- Bhí 4 chruinniú coiste ag FÁP Bhaile Uí Lachnáin, an Bhaile Bhric agus Sheanchille agus cruinniú poiblí amháin.



Seoladh Fhéile na hIndia

- Bhí 4 chruinniú coiste ag FÁP Dhún Laoghaire Lárnach agus cruinniú poiblí amháin;
- Bhí 5 chruinniú ag FÁP Dhún Droma Stigh Lorgan agus cruinniú poiblí amháin.

Seirbhísí Leabharlainne

Bhí bliain ghnóthach eile ann do Leabharlanna in 2024. Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le hobair thógála ar Leabharlann Stigh Lorgan agus athchóiriú Leabharlann Bhaile Uí Ógáin. Baineadh úsáid as maoiniú Deontais Chaipitil Leabharlanna na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail (RFTP) i leith an dá thionscadal. Críochnaíodh roinnt oibreacha caomhnaithe agus fuinnimh i leabharlanna Chábán tSíle agus na Carraige Duibhe. Leanadh ar aghaidh le hathchóiriú Leabharlann Dhún Droma.

In 2024 lean forbairt na leabharlann le dul chun cinn mór ar thógáil Leabharlann Stigh Lorgan agus athchóiriú Leabharlann Bhaile Uí Ógáin, agus maoiniú Deontais Chaipitil RFTP ag tacú leis an dá cheann. Críochnaíodh uasghráduithe caomhnaithe agus fuinnimh i leabharlanna Chábán tSíle agus Charraig Dhubh, agus chuaigh obair athchóirithe i Leabharlann Dhún Droma ar aghaidh.

Leathnaigh Leabharlanna DLRD rochtain phoiblí trí 42 uair bhreise foirne sa bhreis gach seachtain. Mhéadaigh úsáid na seirbhíse My Open Library (MOL) go suntasach, le breis agus 12,000 úsáideoir nua. Chun tacú le cuairteoirí le lagú radhairc, ceannaíodh pacáistí áiseanna amhairc do gach brainse leabharlainne.

Lean clárú cuimsitheach ar aghaidh, le himeachtaí saincheaptha do lucht féachana atá báuil d’aois, do dhaoine le néaltrú, agus do lucht féachana néareolaíoch éagsúil. Suiteáladh Ciúbanna Céadfacha ag Lexlcon DLRD agus Leabharlann Bhaile Uí Ógáin, agus d’óstáil Gairdín Leabharlann Chábán tSíle seoladh oifigiúil Chonair Scéal Braille, siúlóid scéalaíochta lasmuigh.

Chothaigh Leabharlanna DLRD comhpháirtíochtaí gníomhacha le heagraíochtaí a thacaíonn le hionaid IPAS in aice leabharlanna. Cuireadh táirgí sláintíochta saor in aisce ar fáil i ngach seomra folctha leabharlainne faoin gclár Anás Míosta.

Lean an fhoireann orthu ag glacadh páirte i dtionscnaimh náisiúnta agus lean an comhoibriú le comhghleacaithe DLRD eile orthu. Ag obair le comhairleoirí MDB, rinneadh obair ar an Iniúchadh Pobail agus Cultúir.

Síneadh ár mbailiúcháin iasachta gearr do dhaoine óga Rapid Reads agus iasachta gearr do dhaoine fásta Page Turners chuig na 8 mbrainse go léir in 2024, rud a chinntigh go raibh ár mbaill in ann na teidil choitianta seo a fháil ar iasacht gan liostaí feithimh fada.

Chuir clár taispeántais 2024 Lexlcon béim ar thallann áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta agus leantar ag cur ár mbailiúcháin fairsinge atá inti chun cinn.

I measc na n-imeachtaí suntasacha i rith na bliana bhí Ceiliúradh ar Eavan Boland nuair a rinneadh 80ú Breithlá an fhile Éireannaigh cháiliúil Eavan Boland a chomóradh. Bhí dhá imeacht againn, ceann i Leabharlann Dhún Droma, ceann i Lexlcon DLRD, agus bhí léamha filíochta Eavan ag a cairde agus a muintir sa dá imeacht, agus taispeántas de leabhair agus sealúchais phearsanta eile Eavan.

I mí Mheán Fómhair, bhí áthas ar Lexlcon DLRD an t-údar cáiliúil Jacqueline Wilson a chur i láthair.

Mheall Lá Spraoi Teaghlaigh le linn Fhéile an Chósta i mí Iúil thart ar 2,800 cuairteoir chuig Lexlcon DLRD.

Tacaíocht don Ghaeilge

Leanamar orainn ag tacú le himeachtaí agus tionscnaimh trí mheán na Gaeilge trí thráth na gceist, cuairteanna ranga, comórtas grinn, clubanna leabhar agus clár bríomhar do Sheachtain na Gaeilge.

Na teidil is fearr a fuarthas ar iasacht ó Leabharlanna DLRD in 2024:

Na 5 theideal Ficsean is Fearr le Daoine Fásta

Teideal	Údar
1 The Secret	Lee agus Andrew Child
2 Strange Sally Diamond	Liz Nugent
3 It Starts With Us	Colleen Hoover
4 The Lighthouse Secret	Carmel Harrington
5 The Mystery Guest	Nita Prose

Na 5 theideal Ficsean is Fearr le Daoine Óga

Teideal	Údar
1 Dog Man	Dav Pilkey
2 Looshkin: The Maddest Cat in the World	Jamie Smart
3 Dog Man Unleashed	Dav Pilkey
4 Investigators	John Patrick Green
5 Bunny Vs Monkey: Rise of the Maniacal Badger	Jamie Smart

Clár na nEalaíon

Tá an Oifig Ealaíon i gceannas ar fhorbairt na n-ealaíon, ag tacú le féiniúlacht chruthaitheach DLRD agus ag cur le cáilíocht na beatha. Tá ról ríthábhachtach aici i mbród a chothú inár gcontae agus tacaíonn sí le geilleagar cultúrtha DLRD. Ba bhuaicphointe de 2024 glacadh le Cruathú le Pobail, Plean Forbartha Ealaíon DLRD 2024 – 2030. Leagtar amach sa phlean seo na réimsí fócais le haghaidh tuilleadh forbartha ar na healaíona, lena n-áirítear infheistíocht a dhéanamh i soláthar ealaíon áitiúil, pobail a nascadh, spás a chruthú do na healaíona agus ealaíontóirí a chumhachtú.

Ba bhuaicphointe eile ceapachán Comhordaitheoir Ealaíne Poiblí nua, rud a thug acmhainn níos mó chun níos mó tionscadal ealaíne poiblí a sheachadadh rud a cheadaíonn níos mó deiseanna d’ealaíontóirí agus do phobail oibriú le chéile ar fud an Chontae. Cheiliúir ár nGailearaí Bardasach ag Lexlcon DLRD a chéad 10 mbliana oibríochta freisin lena 50ú taispeántas i mí na Nollag. Tháinig breis is 350,000 cuairteoir chuig an nGailearaí ó osclaíodh í.

Éire Ildánach

In 2024 ceapadh Oifigeach Rannpháirtíochta Pobail Chruthaitheacha DLRD, ról nua ar fud na nÚdarás Áitiúil go léir chun tacú le seachadadh Straitéis Cultúir agus Cruithaitheachta Pobail Chruthaitheacha DLRD. In 2024, ba é €367,394 an méid

iomlán maoinithe a fuarthas ó Éire Chruthaitheach, agus líon iomlán na rannpháirtithe ar fud na dtionscnamh go léir 33,088. Bhí clár flúirseach imeachtaí do Chruinniú na nÓg in 2024, lena n-áirítear coimisiún luathbhlianta, tionscadail phobail, lá teaghlaigh ar scála mór i bPáirc na Carraige Duibhe agus siúlóid dúlra idirghníomhach i bPáirc agus i nGairdíní Chnoc na Raithní. Rinneadh iarratas rathúil ar mhaoiniú breise Sláinte agus Folláine chun tacú le ceol i suíomhanna cúraim chónaithe, chun acmhainn a fhorbairt don earnáil ealaíon agus sláinte, chun sraith an Chaifé Chruthaitheach agus chun cainteanna agus ceardlanna Creative Brainwaves a fhorbairt, chomh maith le club ealaíon léirithe nua. Chuir na tionscadail seo, mar aon le tionscadail lárnacha maoinithe a chuir Foireann Chultúir idirdhisciplíneach DLRD ar fáil, ar chumas raon leathan tionscadal a chur i gcrích.

Giniúint Ceoil

In 2024, athbhunaíodh Giniúint Ceoil DLRD. Faoina phríomhchomhpháirtí nua, Bord Oideachais agus Oiliúna Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire (BOOBÁCDL), le tacaíocht ó DLRD, earcaíodh Oifigeach Forbartha Ceoil nua, Riarthóir, agus foireann Oideoirí Ceoltóirí. Bhí sraith tionscadal trialach ar siúl i gcomhar le Crosscare Dhún Droma. Ghlac 16 duine óg in Ionad Pobail Áth an Ghainimh, Ionad Óige an Gharráin Chnó, agus Ionad Acmhainní Chill Chrois páirt i gceardlanna léiriúcháin ceoil agus scríbhneoireachta amhrán a bhí dírithe ar chruthaitheacht agus féinléiriú trí cheol. Ag féachaint chun cinn ar 2025, beidh Giniúint Ceoil DLRD ag cur a chlár i bhfeidhm de réir a chéile chun rochtain a thabhairt do leanaí agus do dhaoine óga ar theagasc ceoil bunaithe ar fheidhmíocht ar fud an Chontae.

Seirbhísí Páirceanna agus Tírdhreacha

Déanann an tSeirbhís Páirceanna agus Tírdhreacha os cionn 1,200 heicteár de Pháirceanna agus Spás Oscailte a cothabháil agus a bhainistiú. Le roinnt blianta anuas, tá athrú tagtha ar na córais lomáin chun freastal ar níos mó pailneoirí.

I measc na mórpháirceanna sa Chontae tá Marlaí, Cábán tSile, Cill Bheagóige, Seangánaí, Cnoc na Raithní, an Charraig Dhubh, Cnoc Chill Iníon Léinín agus Páirc an Phobail.

Bainistíonn an Chomhairle líonra fairsing páirceanna comharsanachta ar fud an Chontae freisin.

Bronnadh Bratacha Glasa An Taisce ar Pháirc Mharlaí, Páirc Chábán tSile, Páirc Sheangánaí, Páirc an Phobail, Páirc na bhFianna agus An Charraig Dhubh.

Áirítear ar na tionscadail a sheachaid Foirne Oibríochta:

- Rinneadh plandáil fairsing crann ar fud an Chontae faoin gClár Cúraim Crann 2023/24.
- Rinneadh plandáil bolgán i bPáirc Ráth Salach, Páirc na Feá, Gairdíní Longfoirt, Coill na Giúise/Ráth Fhlathín, Páirc Choill Bhaile Uí Lachnáin (spás oscailte), Eastát Bhán na Feirme, agus Páirc Ghort na Carraige.
- Cuireadh coillte pobail i mBeallairmin, Páirc Cluny, Aillte Sheangánaí, agus Páirc Chluain Chaoin.
- Tógadh roinnt eastát i gCúram: spás oscailte agus crainn sráide.
- Bhí an plandáil réimse poiblí i Sráidbhaile Stigh Lorgan san áireamh sa Chonradh Cothabhála Tírdhreacha.
- Uasghrádú cosán ag Corrán Naomh Lúcas, Gráinseach Mharlaí, Aillte Sheangánaí, Páirc Cluny.

- Tógadh céimeanna nua ag Páirc Naomh Pádraig ar Bhóthar Chill Ghobáin (An Chéim).
- Uasghrádú ar Chúirt Boules ag Páirc Chábán tSile.
- Tógadh an t-éanlann nua sa Ghairdín Ballaithe, Páirc Mharlaí.
- Síneadh ar Ráille Eastáit déanta i bPáirc Mharlaí.
- Rinneadh agus críochnaíodh oibreacha athchóirithe clós súgartha ag Páirc na bhFianna, Clós Súgartha Choill Mharlaí, An Eachrais agus Beallairmin. Cuid de Chlós Súgartha Réigiúnach Mharlaí athchóirithe le líne zip nua agus luascán grúpa.
- Cuireadh suíocháin in áiteanna éagsúla ar fud an Chontae.
- Áiseanna leasa gabhar curtha ar fáil ag Cnoc na Raithní le haghaidh bearna tine iníoraithe ag Cnoc na Raithní, Cnoc an Róistigh, agus Cnoc Chill Iníon Léinín.
- Athchóiríodh balla cloiche ag Páirc Orby.
- Athchóiríodh ráillí Choill Stigh Lorgan.
- Carrchlós Chábán tSile – soilsiú poiblí uasghrádaithe.
- Straitéis Tine Fiáin Cnoc Chill Iníon Léinín agus Cnoc an Róistigh.
- Bainistíocht Fásra Crios Maolánach críochnaithe (an tríú bliain oibre).
- Triail innilte gabhar déanta.
- Glanadh bruscair leanúnach le cabhair ón bpobal áit a bhfuil bruscar oidhreachtach nochtaithe ag fásra dóite.

I measc na dtionscadal a sheachaid Foireann Caipitil na bPáirceanna tá:

- Athchóiríodh 6 pháirc féir ar fud an Chontae le draenáil fhairsing agus tugadh 5 cinn ar láimh lena n-úsáid ag na clubanna.
- Críochnaíodh an rian reatha uasghrádaithe ag Páirc Chill Bheagóige le haghaidh rochtain chlúb agus phoiblí. Ceadaíodh Cuid 8 don tuilsoilsiú freisin.
- Críochnaíodh páirc uile-aimsire nua ag Coláiste Fhearann an Choirce a chuireann áiseanna a bhfuil géarghár leo ar fáil do na scoileanna agus na clubanna áitiúla le haghaidh caitheamh aimsire gníomhach.
- Críochnaíodh céimeanna nua a nascann an ardán ceoil leis an gciosc stairiúil ag Páirc na Carraige Duibhe chomh maith le straitéis fairsing suíochán agus bealach isteach uasghrádaithe a rinneadh i gcomhréir leis an máistirphlean.
- I gcomhpháirtíocht leis na clubanna áitiúla críochnaíodh MUGA agus scileanna nua i bPáirc Droichead na gCloch.
- Cuireadh tús le tógáil pailliún dornálaíochta nua ag Baile an Chnoic.
- Cuireadh tús le caomhnú an Chiosc Stairiúil i bPáirc na Carraige Duibhe lena úsáid mar sheomraí tae sa pháirc.
- Críochnaíodh pailliún spóirt nua i bPáirc Hudson, Glas Tuathail le húsáid ag na clubanna agus na scoileanna áitiúla.
- Cuireadh tús le tógáil áiseanna leadóige nua ag Club Leadóige Sheanchille.
- Seachadadh spás súgartha nua i gCill Chrois, Áth an Ghainimh agus cuireadh tús le tógáil spás súgartha nua i bPáirc Finsbury i gcomhréir leis an mbeartas súgartha.
- Ceadaíodh Cuid 8 don fhorbairt atá beartaithe i bPáirc Sheangánaí – Céim 1.

- Ceadaíodh Cuid 8 nua d'fhoirgnimh ilspóirt ag San Tomás (Céim 2) agus iarradh tairiscintí le haghaidh na n-oibreacha.
- Ceadaíodh Cuid 8 le haghaidh pailliún spóirt nua, athchóiriú an gheata-lóiste agus uasghrádú bhealach isteach Bhóthar Bhré ag Páirc Chábán tSíle. Rinneadh comhairliúcháin poiblí maidir le spás súgartha Pháirc Chluain Caoin.
- Iarradh tairiscintí le haghaidh spás súgartha eachtraíochta nua ag Páirc agus Gairdíní Chnoc na Raithní.
- Fuarthas Maoiniú Bonneagair Spóirt ar Scála Mór do Pháirc Mharlaí agus do Pháirc an Hídigh.

Reiligi

Leanann an Chomhairle de bheith ag oibriú agus ag cothabháil roinnt reiligi laistigh dá limistéar riaracháin. Tailte druidte stairiúla atá i gcuid mhór de na reiligi sin. Is iad Gráinseach an Déin agus Seangánach an dá phríomh-reilig oibríochta sa Chontae. Tá foireann lonnaithe ag an dá reilig, agus tá an ceannáras riaracháin agus seirbhís do chustaiméirí lonnaithe i nGráinseach an Déin. Tá taifid adhlaicta do reiligi Ghráinseach an Déin agus Sheangánaí ar fáil ar líne don phobal trí shuíomh gréasáin DLRD.

Rinneadh 1,064 adhlacadh san iomlán sa bhliain 2024. San iomlán díoladh 136 uaigh i Seangánach. Ba é 3 líon iomlán na n-uaigheanna a díoladh i Reilig Ghráinseach an Déin. Díoladh 33 cuasán sa Bhalla Colmlainne.

- Choinnigh Reilig Ghráinseach an Déin a Brat Glas.
- Cuireadh crainn agus fála nua.

Imeachtaí DLRD

Maidir le himeachtaí DLRD in 2024:

- Leithdháileadh €125,700 ar ghrúpaí chun tacú le himeachtaí ar fud an Chontae.
- Éascaíodh thart ar 105 imeacht pobail áitiúil laistigh de pháirceanna DLRD.
- Bhí Coastival ar siúl le go leor imeachtaí ag tarlú i nDún Laoghaire lena n-áirítear ealaín, ceol, leabharlanna, spóirt, scannáin, gníomhaíochtaí uisce agus laethanta spraoi teaghlaigh.
- Bhí Féile Shoilse na Nollag ar siúl ar fud an Chontae, le suiteálacha solais in áiteanna ar nós Páirc Chábán tSíle, Lexlcon



Oscailt Raon Reatha Chill Bheagóige



Seoladh 'We go swing' i gclós súgartha Chill Bheagóige

DLRD, Leabharlann Dhún Droma, agus bhí siúlóidí soilsithe rathúla i Marlaí agus Cábán tSíle agus den chéad uair riamh, bhí imeacht soilsithe Wonderlights ar siúl i bPáirc Mharlaí. I gcomhar le comhpháirtíocht Spóirt DLRD, bhí Santa Run ar siúl i bPáirc Chábán tSíle le thart ar 451 rannpháirtí.

Comhpháirtíocht Spóirt agus Forbairt Spóirt

In 2024, bhí breis is 16,600 duine páirteach go díreach i dtionscnaimh Chomhpháirtíochta Spóirt DLRD a chur ar fáil ar fud phríomhghrúpaí daonra sprice.

- Cláir agus Imeachtaí Rannpháirtíochta: D'fhreastail 11,800 duine de gach aois agus cumas ar thionscnaimh spriocdhírthe ar fud raon leathan spóirt agus gníomhaíochtaí.
- Cuimsiú Spóirt Míchumais: cuireadh raon leathan tionscnamh agus campaí ar fáil ar fud gach cineál míchumais do bhreis is 1,900 leanbh agus duine fásta.
- Cathracha Gníomhacha Bhaile Átha Cliath: Lean an Grúpa Stiúrtha de bheith i gceannas ar chomhoibrithe agus ag cruthú tionscadal caipitil agus rannpháirtíochta araon (2,000 rannpháirtí) chun contae níos gníomhaí a bhaint amach.



Oscailt pháirc Uile-aimsire Choláiste Fhearann an Choire

- Oiliúint Oibrithe Deonacha/Cóitseálaithe: D'fhreastail 1,020 oibrí deonach club ar cheardlanna agus cúrsaí éagsúla.
- Deontais Rannpháirtíochta Club: Leithdháileadh €37,000 i maoiniú Spórt Éireann ar chlubanna thar 29 deontas.
- Méadú Faisnéise agus Feasachta: úsáid a bhaint as réimse bealaí cumarsáide (suíomh gréasáin, meáin shóisialta, cló etc.) chun daoine aonair agus pobail a chur ar an eolas faoi na rudaí atá ar fáil ina gceantar áitiúil.
- Deontais Forbartha Spóirt: Leithdháileadh €35,000 ar chlubanna agus ar ghrúpaí ar fud an Chontae.
- Leanadh ar aghaidh le comhpháirtíochtaí agus forbraíodh iad le Cumann Peile na hÉireann, Cruicéad Laighean, Rugbaí Laighean, cláir rannpháirtíochta Seoltóireachta Éireann, cláir tar éis scoile agus forbairt clubanna trí cheardlanna oideachais.
- Cláir spriodhírithe do dhaoine óga atá i mbaol: breis is 800 seisiún ag éascú 1,816 rannpháirtí do ghrúpaí óige ar fud an Chontae.

Oidhreacht

Leagtar amach sa Phlean Oidhreachta conas a insimid scéalta na háite seo, conas a thugann muid aire don rud a thugaimid don chéad ghlúin eile agus conas a chumasaimid tionscnaimh faoi stiúir an phobail. Baineann sé seo le hobair tras-rannach, comhpháirtíochtaí le heagraíochtaí agus comhoibriú le grúpaí pobail. Seo a leanas roinnt de na buaicphointí in 2024:

- 20 tionscadal faoi stiúir an phobail le tacaíocht ó mhaoiniú oidhreachta pobail DLRD.
- 56 imeacht Sheachtain Náisiúnta na hOidhreachta.
- Earrach agus Samhradh na hOidhreachta - 25 imeacht in aghaidh na seachtaine thar 4 mhí.
- Oibreacha caomhnaithe ag reiligi meánaoiseacha, caisleáin, ráillí Victeoiriacha agus tithe stairiúla.
- Seandálaíocht Shléibhte Bhaile Átha Cliath, oiliúint, siúlóidí, taispeántais, mapa scéala, acmhainní scoile.
- 2 Lá Cartlainne Phobail DLRD.
- Leabhair: Stair Phobail Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Taifead Fíor, treoir maidir le seandálaíocht Pháirc Thigh an Chnoic.
- Duais IDI do chomharthaíocht Chonair an Chuain.

Bithéagsúlacht

Cuimsíonn Bithéagsúlacht DLRD gach ceantar den Chontae ó na ceantair mhuirí agus chósta go dtí na tailte uirbeacha atá ag fás agus ag síneadh siar go dtí na sléibhte. Tá bainistíocht ár mbithéagsúlachta treoraithe ag Straitéis Bithéagsúlachta an AE 2030, Díl Athchóirithe an Dúlra an AE 2024 agus forbairt ina dhiaidh sin ar an bPlean Athchóirithe Náisiúnta d'Éirinn, an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta Bithéagsúlachta 2023 – 2030, an Plean Pailneoirí Uile-Éireann 2021 - 2025 agus ár bPlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Contae féin 2021 - 2025. Tá cur chuige tras-ranna i gceist leis agus bíonn tionchar ag go leor codanna de DLRD ar thorthaí na bithéagsúlachta. Tá cur chuige comhoibriú i gceist leis freisin le go leor comhpháirtithe lena n-áirítear na comhpháirtithe Bithsféar, comhlachtaí rialtais, eagraíochtaí neamhrialtasacha, an pobal, pobail áitiúla, comhlachtaí spóirt agus daoine aonair.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2024

- Cur i bhfeidhm Ghníomhartha Phlean Gnáthóige agus Speiceas Chnoc Chill Iníon Léinín 2024. Comharthaí téarnaimh fásra talún i limistéar athchóirithe an lora Rua, is dea-chomhartha é go bhfuil an dúlra ag obair chun é a athchóiriú. Tá sé seo cómhaoinithe ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.
- Ceardlann DLRD le foireann agus Údaráis Áitiúla Bhaile Átha Cliath agus Chill Mhantáin, an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS) agus tionscadal lora Rua na hAlban. Is é an aidhm cur chuige tírdhreacha a fhorbairt ar fud Bhaile Átha Cliath agus Chill Mhantáin maidir le bainistíocht na n-ioraí liatha.
- Athbhreithniú ar Thionscadal Geabhróg Oileáin Dhailgínse: mar thoradh air sin, bhí rath ar shéasúr pórúcháin choilíneacht na ngeabhróg in 2024.
- Coimisiúnú Chumann Sean-Ghabhar na hÉireann do Thionscadal Gabhair DLRD. Aoire Gabhair DLRD móide Aoire tacaíochta ag bainistiú 25 gabhar do DLRD. Tús curtha leis an tionscadal innilte Gabhair mar chuid den Straitéis Dóiteáin le haghaidh briseadh dóiteáin agus le haghaidh Bithéagsúlachta le haghaidh éic-innilt.
- Críochnú phlean bainistíochta coillearnaí do Limistéir Oidhreachta Nádúrtha atá Beartaithe (pNHA) Choill Bhaile Uí Lachnáin.
- Críochnú Phlean Bainistíochta Fásra agus Coillte do Choill Fitzsimons pNHA.
- Tús curtha le Plean Athchóirithe Bruachbhaile agus Bogach an Chontae.
- Imeachtaí bithéagsúlachta lena n-áirítear siúlóidí agus cainteanna dúlra lena n-áirítear comhoibriú le LAWPRO, HSI, Coastwatch agus eile.
- Coill na nÓg, tionscnamh plandála crann agus fála dúchasacha do scoileanna a fuair tacaíocht arís ó Bithéagsúlacht DLRD.
- Síolta áitiúla á mbailiú do thionscadail chaipitil do 2024.

Margaí CoCo

Lean Margaí CoCo orthu ag feidhmiú i bPáirc Mharlaí Dé Sathairn agus Dé Domhnaigh agus i nDún Laoghaire ar an Domhnach. Feidhmíonn Margaí CoCo mar phreabchlár do ghnólaigh atá ag teacht chun cinn, soláthraíonn siad fóram don ghluaiseacht bia áitiúil agus cuireann siad pointe fócais ar fáil do chruinnithe pobail briomhara.

- Margadh CoCo Dhún Laoghaire: 74 Trádálaí
- Margadh CoCo Mharlaí (Dé Sathairn): 25 Trádálaí.
- Margadh CoCo Mharlaí (Dé Domhnaigh): 26 Trádálaí.

The background is a collage of geometric shapes in various shades of teal, orange, and yellow. In the top left, there is a large orange circle. The top right features a light blue triangle. The middle left has a teal square, and the middle right has a yellow triangle. The bottom half of the image is a solid teal band containing the title text. The bottom right corner is a light teal square.

SEIRBHÍ AIRGEADAIS AGUS UISCE

2024 IN UIMHREACHA



Rinneadh beagnach **36,000**
íocaíocht a phróiseáil, arbh fhiú

€470_M iad



Clár Caipitil
Trí Bliana =

€1.1_B



Buiséad
Caiteachais 2024 =

€275_M



Rinneadh measúnú ar
réadmhaoin maidir
le mí-cheangal

1644



Aistríodh breis is
Oibríochta chuig Uisce Éireann

100GB de shonraí

SEIRBHÍSÍ AIRGEADAIS AGUS UISCE

Airgeadas

Sa Roinn Airgeadais, cuirtear réimse leathan seirbhísí airgeadais ar fáil, lena n-áirítear:

- Bainistiú Cistí agus Sreabhadh Airgid.
- Ullmhú an Dréachtbhuiséid Bhliantúil agus rialú buiséid.
- Ullmhú Ráitis Airgeadais Bhliantúla.
- Riaradh an Chórais Bainistíochta Airgeadais.
- An Clár Caipitil Trí Bliana a Ullmhú.
- Párolla a Riar.
- Billeáil agus Bailiú Rátaí Tráchtála.
- Billeáil agus Bailiú Tobhach Ceantar Feabhsúcháin Ghnó (BID) (thar ceann na Cuideachta BID).
- Íocaíochtaí do Sholáthraithe.
- Cláir Riosca a bhainistiú agus a athbhreithniú.
- Riarachán Árachais agus Éileamh.
- Riarachán agus Bailiú Riaráistí an Mhuirir ar Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha (NPPR).

Sa Roinn Airgeadais, déantar cinnte de go mbítear ag cloí le prionsabail reachtúla agus airgeadais um chuntasaíocht.



Bóthar Dáileacháin Ghleann na Muc

Rannóga	Seirbhísí a Chuirtear ar Fáil
Párolla	Riarachán íocaíochta Tuarastail, Pá, íocaíochtaí Comhairleoirí agus Taistil agus Cothabháil.
Rúnaíocht Airgeadais	Bainistiú agus éascú athbhreithnithe ráithiúil na gClár Riosca Corparáideach agus Roinne agus a chinntiú go bhfuil straitéisí maolaithe ailínithe leis na rioscaí a sainaithníodh chun iarmhairtí an riosca a laghdú. Polasaithe agus Éilimh a bhainistiú/a riar. Bainistiú agus bailiú riaráistí NPPR. Próiseáil Deimhnithe Díolúine agus Urscaoilte NPPR.
Rátaí	Ioncam ó rátaí agus riaráistí isteach a bhainistiú/a bhailiú. Bainistíocht agus bailiú Tobhach BID.
Bainistíocht Airgeadais	Ullmhú Buiséid Ioncaim Bhliantúil agus Clár Caipitil Trí Bliana, Ullmhú Ráiteas Airgeadais Bliantúil, Rialú Buiséid, ullmhú tuarascálacha airgeadais míosúla don Chomhairle agus tuairisciú ráithiúil chuig an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht, Bainistíocht an Státhchiste, Réiteach Bainc, Admhálacha Ioncaim, Cothabháil Chlár Sócmhainní agus Aisíocaíochtaí lasachtaí.
Cuntais Iníochta	Soláthraithe a íoc, Comhlíonadh cánach; Tuairisciú reachtach.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2024

Rátaí

Ritheadh an tOireachtas an tAcht um Rátaí Rialtais Áitiúil agus Nithe Eile (LGROMA) 2019 agus achtaíodh é an 11 Iúil 2019. Níor cuireadh tús ach le forálacha áirithe den Acht a bhaineann le rátaí in 2019. Aithníodh an tAcht um Oidhreacht Stairiúil agus Seandálaíochta agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2023 mar an fheithicil chun leasuithe ar Acht na Rátaí a chur i bhfeidhm. Shinigh an tUachtarán an tAcht sin ina dhlí an 13 Deireadh Fómhair 2023.

Mar thoradh ar Alt 4(3) d'Acht um Rátaí Rialtais Áitiúil agus Muirir Eile 2019, déantar athruithe ar an gcaoi a ngearrtar rátaí ón 1 Eanáir 2024. Tá rátaí dlite anois ar an 1 Eanáir agus níl siad iníochta ina dhá pháirt a thuilleadh.

Tá foráil ann anois maidir le dliteanas agus billeáil pro-rata i gcás ina gcríochnaíonn nó a thosaíonn áitiú i lár na bliana.

Scéim um Laghdú Rátaí i Leith Maoine Folamha:

- Ar an 10 Iúil 2024, d'fhoilsigh an tAire Stáit ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht na “*Rialacháin um Laghdú Rátaí Rialtais Áitiúil i Leith Maoine Folamha 2024*”.

- Ghlac an Chomhairle leis an Scéim um Laghdú Folúntas 2025 ag an gcruinniú Buiséid a tionóladh ar an 27 Samhain 2024. Ní bheidh aon laghdú ar rátaí i gcás maoine tráchtála ach amháin iad siúd a bhfuil bille rátaí €10,000 nó níos lú acu in 2025.

Ón 1 Eanáir 2026, cuirfear ús i bhfeidhm ar rátaí atá thar téarma (Alt 12).

Leanann DLRD de bheith ag cabhrú le gnólachtaí a bhfuil deacrachtaí acu a rátaí a íoc agus, nuair is féidir, déantar pleananna íocaíochta atá inghlactha go frithpháirteach ag an ngnó agus ag DLRD. Tá méadú leanúnach ar líon na gcuntas a íocann tráthchodanna míosúla trí dhochar díreach.

Tá méadú tagtha ar an bhforfheidhmiú, lena n-áirítear úsáid Ghníomhaireacht Bhailithe Fiachais a d'eisigh meabhrúcháin do chustaiméirí Ráta Tráchtála atá i riaráistí.

Cuntais Iníochta

Leanann cuntais iníochta ag obair chun a chinntiú go n-íoctar soláthraithe chomh tapa agus is féidir chun cabhrú leo lena riachtanais sreafa airgid. Rinneadh beagnach 36,000 íocaíocht a phróiseáil, arbh fhiú €470m iad.

Clár Caipitil

Leag Clár Caipitil trí bliana DLRD 2024 – 2026 amach clár uailmhianach tionscadal tithíochta, áineasa agus bonneagair ar fud an Chontae. Is ionann caiteachas réamh-mheasta an chlár agus €1.1b. I measc na dtionscadal a ndearnadh dul chun cinn orthu i rith na bliana bhí tionscadail tithíochta Sheangánaí agus Naomh Labhrás, Leabharlann Stigh Lorgan, Scéim Bóithre Cheantar Ghleann na Muc, oibreacha feabhsúcháin ag Páirc na Carraige Duibhe agus Folcadáin Dhún Laoghaire agus forbairt spásanna súgartha ar fud an Chontae. Maoineítear an clár caipitil trí mheascán de dheontais, CMÁ agus ranníocaíochtaí forbartha.

Buiséad 2025

Ghlac Comhairleoirí DLRD le Buiséad Ioncaim na Comhairle do 2025 ag an gCruinniú Buiséid a tionóladh ar an 27 Samhain 2024. Forálann an buiséad caiteachas €275m chun infheistíocht a dhéanamh i seirbhísí agus i dtacaíochtaí do chónaitheoirí, do gnólachtaí agus do chuariteoirí, agus maoineítear bearta chun tacú le forbairt fhisiciúil agus eacnamaíoch an chontae trí mheascán de rátaí tráchtála, LPT, deontais agus ioncam ó sheirbhísí eile a ardaítear go háitiúil. Chomh maith le glacadh leis an mBuiséad do 2025, vótáil na Comhaltaí Tofa freisin chun an cháin mhaoine áitiúil a laghdú 15% agus ghlac siad leis an ráta bliantúil ar luacháil de 0.2119 do 2025.

Seirbhísí Uisce

Laghdú Tuilte

Déanann an Rannóg um Maolú Tuilte laistigh de Sheirbhísí Uisce bainistiú ar thionscadail Bainistíochta Riosca Tuilte do Dhobharcheantair an Oirthir (BRTDO) atá maoinithe ag Oifig na nOibreacha Poiblí. Cuireadh tús leis an gcéad tionscadal in 2019, is é sin an Scéim Cosanta Tuilte (SCT) do Shruthán Ghráinseach an Déin; is é seo an chéad chuid de Scéim Bhaile Uí Lachnáin.

Tá cead Pleanála Chuid 8 faighte ag Scéim Faoisimh Tuile Shruthán Ghráinseach an Déin agus tá sí anois ag céim an deartha mhionsonraithe. Tá an réamhobair críochnaithe ar thionscadal Stórála Tuilte Pháirc Chill Bheagóige agus tá obair dhearaidh ag dul ar aghaidh anois ar an uasghrádú ar an scáileán tóchair chriticiúil Ghort na Mara. Tá comhairleoirí nua á bhfostú chun linn stórála tuilte Pháirc Ghleann Abhann agus tollán faoisimh tuilte faoin líne iarnróid a dhearadh. Tá teagmháil leanúnach ar siúl leis na húinéirí talún suas srutha ó Bhóthar Chnoc Chill Iníon Léinín d'fhonn comhaontú a lorg chun an balla faoisimh tuilte riachtanach ar a maoin a chur chun cinn.

Cuireadh tús leis an dara cuid de Scéim Bhaile Uí Lachnáin, Scéim Faoisimh Tuilte Abhainn Charraig Mhaighin agus Sheangánaí, in 2020. Cuireadh an rogha faoisimh tuilte is fearr i láthair an phobail i mí na Nollag 2023 agus tá aighneacht phleanála, lena n-áirítear Tuarascáil Measúnaithe Tionchair Chomhshaoil (EIA), críochnaithe agus cuirfear faoi bhráid an Bhoird Phleanála í i mí Feabhra 2025.

Tá tionscadal Céim 3 de Mhaolú Tuilte FRS na Dothra ar siúl agus cuirfear aighneacht phleanála faoi bhráid an Bhoird Phleanála in 2025. Tá an tionscadal seo á bhainistiú ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (DCC) áfach, toisc go ndéanfar codanna de na hoibreacha faoisimh tuilte i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin, tá ionchur leanúnach DLRD sa tionscadal tábhachtach.

Rialú Truailithe Uisce

Téann Sruth Trimleston isteach san fharraige díreach ó dheas de Thrá Mhuirfean agus Dhumhach Thrá. Cheangail Staidéar Acclimatise Interreg UCD srutháin Trimleston agus Páirc an Leamháin le drochshamplaí uisce snámha sna suíomhanna seo. Is sruth uirbeach tipiciúil é a fhaigheann séarachas caolaithe ó róshreabhadh séarachais agus rith amach uirbeach comhcheangailte ón débhealach N11 agus na limistéir



Cosaint Tuilte i bhFeidhm ag Cill Bheagóige

dhromchla crua iomadúla ina abhantrach. Dá bhrí sin, bíonn drochchaighdeán uisce sa sruthán mar thoradh ar bháisteach throm a scaoiltear ansin isteach sa bhfarraige.

I mí Lúnasa 2024, tógadh bogach chun cuid de Shruith Trimleston a chóireáil. Déantar 50% de shreabhadh aimsire tirime an tsrutháin a atreorú go buan chuig an mbogach. I gcásanna báistí troma, faigheann an bogach an chéad shruthlú ón sruthán. Tá fásra an bhogaigh fós le fás ach tá laghdú ar leibhéal e. coli suas le 90% léirithe ag sampláil idir an t-ionraon agus an t-asraon cheana féin, den chuid is mó mar gheall ar mhaolú na sreabhán.

In 2024 rinneadh iarracht dhírithe chun feabhas a chur ar cháilíocht uisce talún i gceantair thuaithe sa Chontae tríd an bPlean Cigireachta Náisiúnta do Chórais Fuíolluisce Baile (DWWTS). Rinneadh 14 chigireacht. Chomh maith leis sin, rinneadh 5 chigireacht chun críochnaíocht riaradh deontas DWWTS i gCeantair Chuspóra Ard-Stádas agus i gCeantair Tosaíochta le haghaidh Gnímh.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2024

- Cruthaíodh bogach nua ar Shruith Trimleston ag Árasáin Chnocán na Mara.
- Rannpháirtíocht iomlán i dTascfhórsa Uisce Snámha Chuan Bhaile Átha Cliath.
- 13 cheadúnas chun 'sceitheadh amach in uiscí' faoi Alt 4 den Acht um Thruailliú Uisce, 1994.
- Rinneadh measúnú ar 1644 réadmhaoin maidir le mí-cheangal.
- Rinneadh iniúchadh ar 14 Chóras Cóireála Fuíolluisce Tí faoin gClár Cigireachta Náisiúnta.



Seirbhísí Uisce – Aistriú chuig Uisce Éireann

I mí na Bealtaine 2023, shínigh DLRD an Máistir-Chomhaontú Chomhoibrithe (MCA) nua le hUisce Éireann. Aistríodh bainistíocht agus rialú an tsoláthair uisce agus an tsoláthair Fuíolluisce chucu i Meán Fómhair 2023 leis an aistriú.

Le linn 2024, bhí caibidlíocht ar siúl idir na páirtithe maidir le Comhaontú Seirbhísí Tacaíochta (SSA) nua agus tugadh an doiciméad chun críche agus síníodh é i Meán Fómhair. Glacann sé seo áit an Chomhaontaithe Leibhéal Seirbhíse. Beidh an SSA nua in áit go dtí mí na Nollag 2026.

De réir an MCA, tá baill foirne Seirbhísí Uisce Údaráis Áitiúla nár theastaigh uathu aistriú go UÉ, athcheaptha go rathúil chuig ranna eile laistigh de DLRD, ag freastal ar riachtanais an duine aonair agus na Pleananna Fórsa Saothair reatha.

Lean an Rannóg Oibríochtaí Uisce Dromchla nua, a bunaíodh ag deireadh 2023, lena leathnú leis na hathcheapacháin seo agus anois tá breis is 600km de líonra píopaí uisce dromchla DLRD á gcothabháil aici. Bhí laghdú agus maolú tuilte ina bpríomhghné de ghnóthachtálacha na foirne in 2024.

Leanfaidh an fhoireann Seirbhísí Uisce atá fágtha ag cuidiú le hUisce Éireann pleanáil a dhéanamh ar sholáthar bonneagair amach anseo sa Chontae, rud atá ina ghné riachtanach chun na Spriocanna Corparáideacha a bhaint amach maidir le forbairt tithíochta a éascú agus chun tacú le fás gnó agus deiseanna fostaíochta sa Chontae.

D'éirigh lenár bhFoireann Idirthréimhseach freisin lostain Áth an Ghainimh a ligean ar léas go hUisce Éireann don chéad 4 bliana agus 11 mhí eile.


Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2024

- Comhaontú Seirbhísí Tacaíochta sínithe idir na páirtithe.
- Idirbheartaíocht agus críochnú Léas Áth an Ghainimh d'Uisce Éireann.
- Athcheapadh os cionn 20 ball foirne i rith na bliana.
- Aistriú rathúil os cionn 100Gb de shonraí oibríochtúla chuig Uisce Éireann.

Oibríochtaí Uisce Dromchla

Lean an rannóg Oibríochtaí Uisce Dromchla ag leathnú in 2024, agus athcheapadh roinnt ball foirne mar chuid den Mháistir-Chomhaontú Comhair (MCA) le hUisce Éireann.

Coinníonn an rannóg Oibríochtaí Uisce Dromchla anois ilchúrsaí uisce, na céadta ciliméadar de líonra séarachais uisce dromchla poiblí, agus tá ról lárnach aici i maolú tuilte agus athléimneacht aeráide ar fud an Chontae.

The background is a complex geometric composition. The top-left corner features a large orange circle partially cut off by the edge. The top-right corner is a light blue triangle. The middle-left section is a teal square. The middle-right section is a teal square containing a stylized, light blue graphic of a fan or a series of curved lines. The bottom half of the image is a solid teal band containing the title text. The bottom-right corner is a teal square.

PLEANÁIL AGUS FORBAIRT EACNAMAÍOCH

2024 IN UIMHREACHA

Fuarthas

1589

iarratas
pleanála in 2024



Dúnadh

354

comhad
forfheidhmithe
in 2024



185

Eisíodh cinneadh
maidir le Deimhniú
Sábháilteachta ó Dhóiteán

Tosaíodh ar

3098


aonad cónaithe



Ullmhú dréacht LAPanna do
Sheanchonach agus
Cill Tiarnáin-Gleann na Muc



In 2024, chuireamar fáilte roimh



71

Long
Chrúsála ar

a raibh 154,088 paisinéir

2028

aonad cónaithe curtha i gcrích



73%

d'iarratais phleanála comhdaithe
go leictreonach in 2024



PLEANÁIL AGUS FORBAIRT EACNAMAÍOCH

In 2024, bhí roinnt sruthanna oibre ag an Údarás Pleanála chomh maith leis na feidhmeanna reachtúla laethúla. Le Pleanáil Chun Cinn, rinneadh dul chun cinn i réimsí éagsúla, rinneadh obair ullmhúcháin agus obair chúlra ar Dhréachtpheananna Ceantair Áitiúil Shean-Chonnacht agus Cill Tiarnáin-Ghleann na Muc, agus cuireadh tús le staidéir ar Fhorchoimeád Sheachbhóthar Thoir Bhaile Átha Cliath agus ar limistéar Chreat Uirbeach Áth an Ghainimh chun eolas a thabhairt d'aon athbhreithniú ar an SUFP faoi lompair agus Soghluaisteacht (TAM) 7 de Phlean Forbartha an Chontae 2022-2028. Críochnaíodh an tuarascáil monatóireachta reachtúil dhá bhliain ar Phlean Forbartha an Chontae 2022-2028, lena n-áirítear monatóireacht ar an Measúnú Straitéiseach Comhshaoil.

In 2024, chuaigh Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin beo go hiomlán leis an Tairseach Náisiúnta Pleanála Rialtais Áitiúil a chuireann ar chumas iarratasóirí iarratas pleanála leictreonach a dhéanamh, agus glacadh le 73% d'iarratais phleanála á gcomhdú go leictreonach. Rinneadh é seo a bhainistiú agus seirbhís pleanála ar éileamh á coinneáil i bhfeidhm atá solúbtha go leor chun déileáil le héilimh éagsúla ar fud gach gné de shaolré na bhforbairtí, ó Phleanáil Chun Cinn, Bainistíocht Forbartha, Rialú Foirgníochta go dtí Glacadh i gCúram.

Pleanáil Chun Cinn

Rinneadh dul chun cinn suntasach in 2024 ar chlár Phlean Ceantair Áitiúil an Chontae i ndáil le Sean-Chonnacht, Ráth Michíl, agus Cill Tiarnáin-Ghleann na Muc. Áiríodh ar an obair chúlra Measúnuithe lompair Bunaithe ar Cheantair (ABTanna) agus Staidéar Measúnaithe ar Acmhainneacht Bonneagair (ICAS) straitéiseach ardleibhéil a bhain le hOirdheisceart an Chontae. Cuireadh tús in 2024 le dhá staidéar a bheidh tábhachtach chun cur leis an gcéad Athbhreithniú eile ar Phlean Forbartha an Chontae – Staidéar ar Áirithintí Sheachbhóthar Thoir Bhaile Átha Cliath agus obair chúlra chun eolas a thabhairt don athbhreithniú ar SUFP.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2024

- Críochnaíodh ICAS a bheag nó a mhór go déanach in 2024 agus tugadh chun críche é go luath in 2025. Bhí ullmhú LAP Shean-Chonnacht ar siúl i rith 2024, i gcomhar le hullmhú agus bailchríoch an ICAS. Foilseofar dréacht LAP Shean-Chonnacht i R1 2025.
- Bhí ullmhú Dhréachtphean Ceantair Áitiúil Chill Tiarnáin-Ghleann na Muc ar siúl i rith 2024. Foilsíodh an Dréachtphean sa chéad ráithe de 2025.
- Tosaíodh ar obair ullmhúcháin ar Dhréachtphean LAP Ráth Michíl i 2024, arís i gcomhar le hullmhú an ICAS.
- Ullmhaíodh tuarascáil monatóireachta reachtúil dhá bhliain an Phlean Forbartha Contae.

- In 2024, cuireadh tús le hobair ar staidéar ar Thearmann Sheachbhóthar Thoir Bhaile Átha Cliath.
- Cuireadh tús le hobair ar staidéar chun eolas a thabhairt d'athbhreithniú ar an SUFP.
- Síneadh Plean Ceantair Áitiúil Bhaile Uí Ógáin agus na Ceantair Mháguaire go dtí Meitheamh 2027.

Bainistíocht Forbartha

Soláthraíonn Bainistíocht Forbartha réimse leathan feidhmeanna agus seirbhísí reachtúla a sheachadtar don phobal, ón bpríomhphróiseas cinnteoireachta go seirbhísí coimhdeacha amhail an cuntar poiblí. Leanadh de ghníomhachtú láidir forbartha a fheiceáil in 2024, mar a léirítear le fógraí tosach feidhme, aighneachtaí comhlíontachta a fuarthas agus leibhéal na gceadanna leasaitheacha faoin reachtaíocht um Fhorbairtí Cónaithe ar Mhórsála (LRD), leanann na treochtaí agus na figiúirí seo de réir mar a bhí in 2023. Nuashonraíodh an próiseas agus na nósanna imeachta laistigh den phróiseas bainistíochta forbartha in 2024 chun ailíniú le cur i bhfeidhm lainseáil na Pleanála Leictreonaí.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2024

- Fuarthas 1,589 iarratas pleanála in 2024.
- Eisíodh 910 cinneadh comhlíontachta in 2024.
- Reáchtáladh 31 cruinniú réamhphleanála LRD agus 197 iarratas réamhphleanála in 2024.
- Dúnadh 354 comhad forfheidhmithe in 2024.

- Riarachán agus bailiú ranníocaíochtaí forbartha ar fud na gceithre scéim.
- Riarachán agus críochnú na scéime um tharscaoileadh sealadach do ranníocaíochtaí forbartha.

Bainistíocht Talún Ghníomhach

Tagraíonn Bainistíocht Ghníomhach Talún don tsraith uirlisí atá ar fáil don Roinn Pleanála a bhfuil sé mar aidhm acu forbairt talún le haghaidh forbairt chónaithe a ghníomhachtú. Áirítear leo seo an Tobhach ar Láithreáin Fholamh, an Cháin ar Thalamh Criosaithe Cónaithe (RZLT) agus an Phíblíne Soláthair Tithíochta (ar a dtugtaí an Tascfhórsa Tithíochta roimhe seo).

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2024

- Rinneadh cinntí ar 21 aighneacht ón bpobal agus ó úinéirí talún i ndáil le breisithe nó scriosadh den dréachtléarscáil RZLT.
- Leanúint le tuairisceáin Phíblíne Soláthair Tithíochta.
- 39 scéim chónaithe 'ghníomhach' i DLRD i R4 2024.
- Bhí 2,919 aonad á dtógáil i R4 2024.
- Tá cead pleanála in áit i DLRD do 16,648 teach nua.

Rialú Foirgníochta

Is é an sprioc atá ag Rialú Foirgníochta ná cultúr comhlíontachta maidir le Rialacháin Foirgníochta a chur chun cinn trí fheidhmeanna reachtúla éagsúla a chomhlíonadh agus rannpháirtíocht ghníomhach trí phróiseas iniúchta a bhfuil measúnú riosca déanta air. Bhí leibhéal na gníomhaíochta tógála in 2024 fós aigeanta agus bhí an ráta tosaithe agus críochnaithe fós láidir.

D'fhan leibhéal na n-iarratas ar na deimhnithe reachtúla éagsúla láidir in 2024, agus pointí géara ar leith timpeall dátaí dheireadh na Scéime um Tharscaoileadh Sealadach ó ranníocaíochtaí Forbartha agus táillí Uisce Éireann. Léiríonn an spleáchas leanúnach ar an bhfoirm fógra 7 lá maidir le tosach feidhme an leibhéal práinne d'iarratasóirí dul ar an láthair in ainneoin an chostais agus an riosca breise a bhaineann leis an bpróiseas sin.

In 2024 lean an rannóg um Rialú Foirgníochta de bheith ag tabhairt forbairtí tríd an bpróiseas um ghlacadh i gcúram agus um fhilleadh bannaí, agus tógadh ocht bhforbairt i gcúram.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2024

- Deimhníodh 816 Fógra Tosaithe.
- Deimhníodh 239 Deimhniú Comhlíonta.
- Eisíodh 185 cinneadh maidir le Deimhniú Sábháilteachta ó Dhóiteán.
- Eisíodh 129 cinneadh maidir le Teastais Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas.
- Tógadh 8 bhForbraíocht i gcúram.

Feabhsuithe ar na Seirbhísí Roinne

In 2024, chuaigh an Roinn Pleanála beo le Tairseach Pleanála Náisiúnta an Rialtais Áitiúil a chuireann ar chumas iarratasóirí iarratas pleanála leictreonach a dhéanamh. Tá an pobal tar éis glacadh go mór leis seo agus 73% d'iarratais curtha

isteach tríd an tairseach ó seoladh é. Mar chuid de sheoladh na ríomhphleanála bhí roinnt feabhsuithe inmheánacha ar ár mbogearraí chun an próiseas cinnteoireachta pleanála a rianú agus digitiú na bpróiseas inmheánach éagsúil. Chruthaigh sé seo nósanna imeachta níos éifeachtaí, níos éifeachtúla agus níos comhoibríche le haghaidh tascanna a bhí le déanamh roimhe seo i bhformáid pháipéir. Soláthraíonn tabhairt isteach agus glacadh na ríomhphleanála rochtain níos tapúla ar líne don phobal ar líníochtaí pleanála agus i meán de chaighdeán i bhfad níos airde, is é sin cóip PDF seachas scanadh.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2024

- Chuaigh DLRD beo le Tairseach Pleanála Náisiúnta an Rialtais Áitiúil.
- Cuireadh 73% d'iarratais phleanála isteach go leictreonach.
- Rinneadh na próiseas agus na nósanna imeachta inmheánacha éagsúla a dhigitiú.
- Rinneadh feabhsuithe ar ár mbogearraí inmheánacha chun an próiseas cinnteoireachta pleanála a rianú.
- Cuireadh líníochtaí pleanála ar fáil níos tapúla agus ar chaighdeán níos airde don phobal.

Forbairt Eacnamaíochta

Oibríonn an tAonad um Fhorbairt Eacnamaíochta le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha chun timpeallacht shláintiúil eacnamaíoch a chruthú agus a chothú a mheallfaidh gnólachtaí go DLRD agus a fhásfaidh agus a choinneoidh ann iad. Cuireann sé tacaíochtaí airgeadais díreacha ar fáil, cuireann sé tionscadail straitéiseacha chun cinn, feidhmíonn sé mar ghlór laistigh de DLRD do ghnólachtaí DLRD, agus go ginearálta spreagann sé tionscnaimh a chothaíonn fás eacnamaíoch sa Chontae.

Glacadh go mór leis na tacaíochtaí díreacha seo a leanas: Scéim chun Feabhas a chur ar Aghaidheanna Siopaí, an Preabshiopa, an Deontas Troscán Sráide agus Deontais Chur Chun Cinn Réimse Gnó.

Tá fócas láidir ag an Aonad ar choisithe a mhealladh chun tacú le gnólachtaí miondíola ar leibhéal na sráide agus spreagann sé tionscnaimh chruthaithe áite chun custaiméirí agus gnólachtaí araon a mhealladh agus a choinneáil.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2024

- Caidreamh leanúnach gníomhach le bonn leathan gnó DLRD agus ionadaíocht leathan ar a gcuid riachtanas do pháirtithe leasmhara inmheánacha.
- Tionscnaimh shuntasacha um chomhfhorbairt áite seachadta agus pleanáilte chun tacú le gnóthais.
- Cur chun cinn leanúnach na tacaíochta a chuirtear ar fáil d'Fheabhsú Aghaidheanna Siopaí.
- Leanúint ar aghaidh ar fud an Chontae ar an tionscnamh móréilimh Ealaín Sráide Anseo.
- Oibríodh le gnólachtaí áitiúla chun an geilleagar oíche a chur chun cinn i mbailte agus i sráidbhailte ar fud an Chontae.
- Leanadh le rolladh amach an Chláir Aitheantais Gnó a Thacaíonn le Daoine Breacaosta.
- Comhoibriú le Coláiste an Naigín chun uaschúrsáil faisn athlámhe a fuarthas i Siopaí Carthanachta agus Seanré Dhún Laoghaire.



- Comhoibriú leanúnach le IADT agus Oifig na nEalaíon chun First Frames DLRD a chur chun cinn chun tacú le scannánóirí atá ag teacht chun cinn.
- Ciste Séasúrach do líonraí gnó chun bailte agus sráidbhailte a bheochan agus a shoilsiú do shéasúr na Nollag.
- Rinneadh comhoibriú le Dublin Canvas chun Boscaí Tráchtá a phéinteáil i mbailte agus i sráidbhailte.

- Leanúint den obair leis an Oifigeach Forbartha Gaeilge chun tionscnaimh a fhorbairt a chuirfidh an Ghaeilge chun cinn sa Chontae.
- Forbairt an Phlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail 2023-2028.

Oifig Fiontar Áitiúil

Is í Oifig Fiontar Áitiúil Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin (OFÁ DLRD) an 'First Stop Shop' do dhaoine atá ag lorg comhairle, faisnéise agus tacaíochta agus gnó á thosú nó á fhás acu. Cuireann siad na seirbhísí seo a leanas ar fáil: comhairle agus meantóireacht gnó, oiliúint, tacaíochtaí airgeadais, deiseanna líonraithe, cláir forbartha bainistíochta, tacaíochtaí ailínithe le hearnálacha agus dúshláin eacnamaíocha e.g. LEAN agus Bainistíocht Próiseas Digiteach, Tuiscint Airgeadais, Forbairt Straitéiseach, Easpórtáil, Tionscnaimh Ghlasa, cláir fiontar do mhic léinn agus comórtais fiontraíochta (e.g. Dámhachtainí Náisiúnta Fiontar).

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2024

- Ceadaíodh 46 deontas faoi Bheart 1 OFÁ (8 Staidéar Féidearthachta, 4 Prímeáil Gnó, 7 Méadú Gnó, 20 Margaíocht Easpórtála, 6 IP Start agus 1 TF&N) ar luach €495,585 agus thacaigh siad go díreach le 20 post áitiúil nua.
- Faomhadh 135 Dearbhán Trádála Ar Líne (iomlán: €295,542) chun tacú le gnólaigh a láithreacht ar líne a fheabhsú.



Duaiseanna Fiontraíochta Náisiúnta 2024

- Aistríodh 8 Chuideachta Cliant chuig Fiontraíocht Éireann mar chuid den Chonair Dul Chun Cinn idirghníomhaireachta, rud a léiríonn an chaoi a gcuireann tacaíocht OFÁ luathchéime ar chumas cuideachtaí tuilleadh infheistíochta agus deiseanna fáis a aimsiú go rathúil.
- Fuair 698 cliant meantóireacht ghnó agus ghlac 1,781 cliant páirt in oiliúint, seimineáir, cláir forbartha bainistíochta agus imeachtaí líonraithe.
- Chríochnaigh 20 cliant an Clár Lean for Business, (suas ó 16 in 2023) atá deartha chun cliant a spreagadh chun prionsabail maithe ghnó a ghlacadh ina n-eagraíochtaí chun iomaíochas a mhéadú. Chríochnaigh 13 cliant eile an Clár Digiteach do Ghnó (suas ó 6 in 2023) atá deartha chun cabhrú le gnólaachtaí plean a ullmhú agus a chur i bhfeidhm chun uirlisí agus teicnící digiteacha a ghlacadh.
- Lean OFÁ DLRD orthu ag díriú ar thacaíocht a thabhairt do ghnólaachtaí beaga chun ullmhú do gheilleagar ísealcharbóin, éifeachtúil ó thaobh acmhainní de tríd an gclár Glas do Ghnóthais le 31 iarratas ceadaithe in 2023 (suas ó 23 in 2023) agus Deontas Éifeachtúlachta Fuinnimh le 4 iarratas ceadaithe.
- Ghlac 703 dalta ó 18 meánscoil páirt i gclár Fiontraíochta Mac Léinn agus bhuaigh dalta DLRD ó Mheánscoil An Leabha Naofa i gCill Iníon Léinín an Gradam Teicneolaíochta i bhfeidhm ag Craobhchomórtas Náisiúnta Ghradaim Fiontraíochta Mac Léinn.
- Bhuaigh The Black Stuff, a bhí ag déanamh ionadaíochta ar son OFÁ DLRD, an Gradam don Ghnólacht Nuathionscanta is Fearr ag na Dámhachtainí Náisiúnta Fiontar 2024. Leagann na Dámhachtainí Náisiúnta Fiontar béim ar chultúr fiontraíochta agus fiontraíochta in Éirinn, taispeántar é, spreagtar é agus tacaítear leis, agus ceiliúránn siad éachtaí croíphunann cliant OFÁanna.
- Trínár bpróiseas atreoraithe le Micro Finance Ireland, tacaíodh le 19 n-iarratas ar iasachtaí ó chliant.

Turasóireacht

Ba bhliain ghnóthach í 2024 don turasóireacht sa Chontae le líon suntasach féilte agus imeachtaí ar fud an Chontae.

In 2024 chuireamar fáilte roimh 71 Long Cúrsála agus thug 154,088 paisinéir agus criú cuairt ar Bhaile Átha Cliath agus ar Dhún Laoghaire. Sa bhliain 2024, rinneadh tástáil ar sheirbhís nua bus tointeála chun cuairteoirí a spreagadh chun féach thart ar Dhún Laoghaire.

I mí na Bealtaine 2024, sheol an Cathaoirleach Denis O'Callaghan Straitéis Turasóireachta nua DLRD 2024-2028. Leagtar amach sa cháipéis seo an treochlár d'Fhorbairt Turasóireachta i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin thar na cúig bliana atá romhainn. Bunaíodh Coiste Turasóireachta DLRD nua don Chontae chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Straitéise Turasóireachta nua.

I gcomhar le Cumann Gnó Dhún Laoghaire, chuidigh an tAonad Turasóireachta le hathbhunú agus forbairt Pharáid Lá Fhéile Pádraig i nDún Laoghaire.

Lean ár gcomhoibriú le Fáilte Éireann chun ár gcontae a chur chun cinn agus forbraíodh roinnt tionscadal nua lena n-áirítear próiseas Chuid 8 chun Áiseanna Spóirt Uisce nua a fhorbairt ar Thrá Chill Iníon Léinín.

Díríodh an-aird ar Fhéile Nollag a fhorbairt i nDún Laoghaire. Gníomhaíochtaí amhail Scátáil Oighir, Eispéireas Dhaidí na Nollag ag an Músaem Muirí, Aonach Spraoi ag an bPlás, agus imeacht speisialta le teacht Dhaidí na Nollag chun an fhéile a sheoladh.

Críochnaíodh an bhliain le himeacht iontach Tine Ealaíne ar Oíche Chinn Bliana. Ba chomhoibriú í an ócáid seo idir DLRD, Fáilte Éireann agus MCD Productions.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2024

- Seoladh Straitéis Turasóireachta DLRD 2024-2028.
- Seachadadh scéim Deontais Féilte agus Imeachtaí Turasóireachta.
- Forbairt Pharáid Lá Fhéile Pádraig.
- Rannpháirtíocht i dtionscadal Interreg Limistéar Atlantach an AE "POST" ag díriú ar Thurasóireacht Il-lárnach le Ourense, an Spáinn, Braga, an Phortaingéil agus Cognac, an Fhrainc.
- Tionóladh ár ndá Chruinniú Bhliantúla um Líonrú Soláthraithe Turasóireachta in Halla an Chontae agus i Stigh Lorgan le hionadaíocht láidir ó sholáthraithe turasóireachta.
- Críochnú Próiseas Cuid 8 d'Áiseanna Spóirt Uisce ar Thrá Chill Iníon Léinín.
- Chuir an t-aonad turasóireachta, i gcomhar le foireann Chuan Dhún Laoghaire, an tseirbhís fáiltithe ar fáil do bhreis is 71 long cúrsála isteach sa bhaile le foireann foirne fáiltithe ann chun treoir agus cúnamh a thabhairt do chuairoteoirí nuair a thuirling siad.
- Tacaíodh le forbairt na chéad Fhéile Ceoil sna Sléibhte i gCéim.
- Leanadh leis an gContae a chur chun cinn ar líne ar na meáin shóisialta ag díriú ar chuairoteoirí go Baile Átha Cliath agus á spreagadh le teacht amach as an gcathair féin.

Cuan Dhún Laoghaire

Tá 17 bhall foirne fostaithe go díreach ag Rannóg an Chuain, idir bhainistíocht, riarachán, cothabháil agus slándáil. Tá Rannóg an Chuain freagrach as bainistíocht soithí laistigh den Chuan nó ar a mbealach chuige, Cúnamh Loingseoireachta, ceanglais Slándála Cuain, forfheidhmiú Fho-dhlíthe an Chuain, chomh maith le stóráil bád agus feistithe luascacha.

Chomh maith leis sin, tá foireann an Chuain freagrach as bainistiú agus cothabháil Réadmhaoin an Chuain, as caidreamh le Tionóntaí agus Páirtithe Leasmhara an Chuain, as glanadh agus gnáthchothabháil laistigh den Chuan chomh maith le bainistíocht a dhéanamh ar gach imeacht agus ar scannánú laistigh d'Eastát an Chuain.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2024

- Ceapadh Foireann Mháistirphlean an Chuain, faoi stiúir na gcomhlachtaí Danmhargacha Arrow Architects agus SLETH.
- Eisíodh tairiscint le haghaidh ceapachán Foireann Dearaidh Champas Spóirt Uisce Náisiúnta in 2025.
- Tháinig 71 Long Chúrsála isteach i nDún Laoghaire, agus fuarthas aiseolas dearfach ó chuairoteoirí i rith an ama.
- Bhí an Conair Scátála Alpach ag feidhmiú go rathúil ó Shamhain go Eanáir.

The background is a collage of geometric shapes in various shades of teal, orange, and yellow. In the top left, there is a large orange circle. The top right features a light blue triangle. The middle left has a teal square, and the middle right has a yellow triangle. The bottom half of the image is a solid dark teal band containing the text.

BONNEAGAR
DON PHLEANÁIL
CHUN CINN

2024 IN UIMHREACHA



Is é an deontas pleanála iomlán i CFS Choill na
Silíní atá bainte amach anois ná

5,079 + c. **143,699** méadar
teach cearnach d'fhorbairt
neamhchónaitheach.



BONNEAGAR DON PHLEANÁIL CHUN CINN

Tá freagracht ag Bonneagar Pleanála Chun Cinn (BPCC) as cur i bhfeidhm Scéim Pleanála Chrios Forbartha Straitéisí Choill na Silíní (CFS) 2014, arna leasú, a chur chun cinn.

<https://www.dlrcoco.ie/en/planning/cherrywood-sdz>

Is é príomhfhócas BPCC ná cabhrú le gach páirtí leasmhar, lena n-áirítear na húinéirí talún chun forbairt fhoriomlán CFS Choill na Silíní agus thionscadal faofa Chiste Bonneagair Áitiúil um Sheachadadh Tithíochta a Ghníomhachtú (CBÁSTG) Choill na Silíní a chur chun cinn mar aon le seachadadh na dtionscadal ceadaithe faoi Chiste Forbartha um Athghiniúint Uirbeach (CFAU) Choill na Silíní, Glaonna 1 agus 2, ar faomhadh maoiniú ina leith.

Tá sé freagrach freisin as Mórshuíomhanna um Thithíocht Uirbeach a Sholáthar (MTUS) Choill na Silíní a thiomáint, chomh maith le bheith aitheanta mar lárionad uirbeach mór mar chuid den staidéar ar Fhorbairt atá Dírithe ar Iompar (TOD).



Coill na Silíní

Crios Forbartha Straitéisí (CFS) Choill na Silíní

Lean Foireann Thionscadal Gníomhaireacht Forbartha Choill na Silíní le stiúradh a dhéanamh ar an bhforbairt sa CFS chun comhsheasmhacht le riachtanais Scéim Pleanála CFS Choill na Silíní 2014 (arna leasú) a chinntiú.

Leanadh den rannpháirtíocht leis na príomhpháirtithe leasmhara ar fad maidir le gach gné de Choill na Silíní a éilíonn cur chuige comhordaithe ó roinnt gníomhaireachtaí stáit agus soláthraithe seirbhíse, lena n-áirítear rannpháirtíocht ardleibhéil leis an RTRÁO.

Leanadh den obair chun scóip agus measúnú a dhéanamh ar leasuithe féideartha ar an Scéim Pleanála ceadaithe chun a chinntiú go dtagann sé le beartas an Rialtais agus chun cabhrú le dul chun cinn rathúil an réimse straitéisigh seo. Chríochnaigh BPCC athbhreithniú ar Lár an Bhaile agus na Ceantair Mháguaire, agus cuireadh Leasú Beartaithe Uimh. 11 faoi bhráid an Bhoird Phleanála i R4 2024, agus is féidir a shonraí a fheiceáil ar shuíomh gréasáin DLRD.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2024

- Is ionann an deontas pleanála iomlán atá bainte amach anois i CFS Choill na Silíní agus 5,079 teach agus thart ar 143,699 méadar cearnach d'fhorbairt neamhchónaitheach ceadaithe ó cuireadh tús leis an scéim.

- Leasú Ceadaithe Uimh. 9: Tháinig Athbhreithniú ar Chaighdeán Pháirceála Carranna i bhfeidhm ar an 22 Samhain 2024.
- Leasú Molta Uimh. 10: Cuireadh Athbhreithniú ar Pháirceáil Carranna Neamhchónaitheach faoi bhráid an Bhoird Phleanála ar an 29 Samhain 2024.
- Leasú Molta Uimh. 11: Cuireadh Athbhreithniú ar Lár Bhaile agus ar a Chomharsanacht i gCoill na Silíní faoi bhráid an Bhoird Phleanála ar an 20 Nollaig 2024.

An Ciste Bonneagair Áitiúil um Sheachadadh Tithíochta a Gníomhachtú (CBÁSTG)

Ba é cuspóir an chiste mar chuid de Chlár Atógála na hÉireann bonneagar seachtrach poiblí a sholáthar chun bacainní criticiúla bonneagair a mhaolú a aithníodh mar cheann de na príomhbhacainní ar fhorbairt suíomhanna tábhachtacha le haghaidh tithíochta, rud a chuirfeadh ar chumas seachadadh luathaithe aonad cónaithe ar na suíomhanna seo i mBaile Átha Cliath agus i gceantair uirbeacha ina bhfuil éileamh ard ar thithíocht.

Fuair DLRD maoiniú de thart ar €15m do thionscadal bonneagair Bhóthar Ghleann an Draoi i gCoill na Silíní (acomhal Q go pointe P).

Lean BPCC de thionscadal CBÁSTG Choill na Silíní a chur chun cinn i ndlúthchomhar le hOifig Tionscadail DLRD, na húinéirí



Radharc Chill Tiarnáin

talún, RTRÁO agus gníomhaireachtaí stáit seachtracha. Tá caidreamh gníomhach leanúnach idir BPCC agus RTRÁO maidir le hoibriú trí dúshlán ar bith a d'fhéadfadh teacht aníos ar an láthair a d'fhéadfadh dul chun cinn na dtionscadal seo a mhoilliú. Leanann Bord Rialachais Tionscadal DLRD de mhaoirseacht agus rialú a dhéanamh ar gach gné de sheachadadh tionscadail.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2024

- Céim 2 (ar a dtugtar P*-P3) – Bóthar agus droichead - tógáil críochnaithe i R2 2024.
- Céim 3 (ar a dtugtar P3-P) - Gné shuntasach den droichead – cheap DLRD foireann ildisciplíneach comhairleoirí chun an tionscadal a thabhairt ar aghaidh ó dhearadh coincheapa go tógáil.

Mórshuíomhanna um Thithíocht Uirbeach a Sholáthar (MTUS)

Is tosaíocht don Rialtas de réir an Phlean nua Tithíocht do Chách é dlús a chur le soláthar tithíochta do na hearnálacha príobháideacha, sóisialta agus cíosa. Bhí gníomhaíocht phleanála láidir fós sna 3 cheantar MTUS sainaitheanta, Cill Tiarnáin/Gleann na Muc agus Sruthán na Coille/Seangánach in DLRD le haghaidh mórsheachadta tithíochta.

An Ciste Forbartha agus Athnuachana Uirbí (CFAU)

Tá an BPCC ag dul chun cinn le tionscadal Glao 1 de chuid CFAU maidir le Tionscadal Páirceanna Poiblí, Glasbhealaí agus Caolaithe Choill na Silíní agus le Glao 2 maidir le tionscadal Rochtana Poiblí, Tréscailteachta agus Taitneamhachtaí Choill na Silíní.

Tá thart ar €17.8m ceadaithe do thionscadail Glao 1, tionscadal a chuimsíonn 4 fho-thionscadal ar leith, agus seo a leanas forbheathnú gairid ar a stádas:

- Páirc na Tulaí, Céim 2 – tionscadal críochnaithe, agus osclaíodh an pháirc i mBealtaine 2023.
- Páirc Líneach agus Glasbhealach – tionscadal ag céim an deartha mionsonraithe.
- Lochán Tanúcháin Uisce Dromchla 2a – tionscadal ag céim an deartha mionsonraithe.
- Lochán Tanúcháin Uisce Dromchla Loch 5a – ag céim na tógála.

Tá tuairim is €40.3m ceadaithe faoi láthair don tionscadal Glao 2, tionscadal a chuimsíonn na 6 fho-thionscadal ar leith seo a leanas:

- 3 Pháirc Phoiblí – cruthófar spásanna ilfheidhmeacha níos lú i lár na sráidbhailte – Páirc Bhaile an Locháin, Faiche na Paráide agus Páirc Fhearann an Phrióra.



Páirc Cholm Cille

- Nasc Beckett (agus Ceangal Bóthair Barrington): forbairt nasc coisithe, rothaíochta agus feithiclí ó Nasc Chill Tiarnáin go Lár Bhaile Choill na Silíní, lena n-áirítear an chuid neamhchríochnaithe de Bhóthar Barrington.
- Síneadh Shráid an Chaisleáin: críoch a chur le bealach tosaíochta bus Choill na Silíní chun é a nascadh leis an áit Páirceála agus Taistil atá ann cheana féin ag stad Luas Charraig Mhaighin.
- Nasc Lár an Bhaile do Rothaithe agus Coisithe: droichead ardaithe do choisithe agus do rothaithe a fhorbairt laistigh de Lárionad Bhaile Choill na Silíní.
- Slí Isteach Pháirc Thigh an Chnoic-Bhaile Mhic Fheorais: slí isteach chuig an bpáirc d'fheithiclí, rothaithe agus coisithe a fhorbairt.
- Staidéar ar Pháirceáil Chliste: taighde agus cur i bhfeidhm beart chun soláthar páirceála riachtanach Choill na Silíní a dhéanamh éifeachtúil.

Faigheann na tionscadail seo maoiniú díreach ón Rialtas dar luach 75%.

Rinneadh dul chun cinn ar na tionscadail seo, atá á mbainistiú ag BPCC, in 2024 i gcomhar leis na comhairleoirí dearaidh ildisciplíneacha a ceapadh do gach tionscadal agus le geallsealbhóirí tábhachtacha lena n-áirítear Bonneagar Iompair Éireann (TII) agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA).

Tá teagmháil leanúnach á déanamh leis na húinéirí ábhartha talún maidir le rochtain ar éadáil talún, rochtain ar shuíomhanna le haghaidh iniúchtaí agus suirbhéanna.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2024

- Bhuaill DLRD le hionadaithe ó RTRÁO trí huaire in 2024 mar chuid de chlár CFAU Choill na Silíní.
- Lean BPCC ag cur chun cinn na tionscadail faofa a bhí fágtha faoi Ghla0 1 agus Ghla0 2 den CFAU maidir le Coill na Silíní.
 - Nasc Beckett (agus Ceangal Bóthair Barrington): Eisíodh doiciméid tairisceana do Chéim 1 den chéim tógála ar an 19 Nollaig 2024.
 - Slí Isteach Pháirc Thigh an Chnoic/Bhaile Mhic Fheorais: ceapadh comhairleoir chun an dearadh réamhchéime a fhorbairt agus an tionscadal a thabhairt trí chéim na pleanála.
 - Staidéar ar Pháirceáil Chliste: Bunaíodh creat do chomhairleoirí teicniúla i mBealtaine 2024 agus tá tús curtha leis an staidéar.



TITHÍOCHT

2024 IN UIMHREACHA

Seachadadh

726 teach nua trí gach sruth
seachadta tithíochta sóisialta



Rinneadh suirbhéireacht ar

906
réadmhaoin mar chuid dár
suirbhé maidir le bail ár
stoic thithíochta


710 teach leithdháilte



Cuireadh
8119 iarratas ar
chothabháil
i gcrích



Rinneadh **7777** cigireacht ar thithe
príobháideacha ar cíos in 2024



Rinneadh
88 réadmhaoin
a athfheistiú

Fuarthas
100 iarratas ar dheontas
na gCroí Cónaithe
(Tithe Folaíoch), rud
a thugann an t-iomlán
go 268, agus 75 deontas
íochta amach



Seachadadh

13

Thionóntacht Tithíochta
ar dTús nua in 2024 sular
cuireadh sos le
tionóntachtaí mar gheall
ar chomórtas tairisceana
nua a rinneadh



Seachadadh

93

tionóntacht HAP
do Dhaoine
Gan Dídean in 2024



Seachadadh

51

teach Ceannaigh
Inacmhainne agus



agus

195

teach
Cíosa Costais

ag Eastát Chaisleán Sheangánaí

Rinneadh coigeartú méide

de **14**

theaghlach



Rinneadh **27%** de na
leithdháiltí tithíochta go léir a rinneadh
in 2024 do dhaoine faoi mhíchumas



TITHÍOCHT

Leanann an Roinn Tithíochta lena tiomantas tithe sóisialta agus inacmhainne ar ardchaighdeán a sholáthar do dhaoine nach bhfuil in ann é seo a dhéanamh dóibh féin. Soláthraíonn a seirbhísí tithíochta tiomnaithe tithe sóisialta do theaghlaigh incháilithe, tithe inacmhainne faoi phraghsanna an mhargaidh dóibh siúd a bhfuil acmhainní teoranta acu agus tacaíochtaí do dhaoine leochaileacha agus dár dtionóntaí.

Tá an Roinn Tithíochta freagrach as bainistíocht agus cothabháil ár stoic tithíochta agus as tacaíochtaí sonracha a sholáthar do dhaoine scothaosta agus do dhaoine faoi mhíchumas. Tacaítear le húinéireacht tí trí lasachtaí Tí Údaráis Áitiúil a sholáthar agus trí riarachán na Scéime Ceannaigh Incriminteach do Thionóntaí. I measc na seirbhísí a chuirtear ar fáil do thionóntaí príobháideacha tá deontais do dhaoine scothaosta agus faoi mhíchumas, deontais Croí Cónaithe (Tithe Folamha) agus cigireachtaí ar thithe príobháideacha ar cíós.

Déantar ár gcuid oibre i gcomhréir le beartas an Rialtais agus faoi phlean tithíochta an Rialtais go dtí 2030, 'Tithíocht do Chách – Plean Tithíochta Nua d'Éirinn', agus cuirtear chun cinn í trí oibriú i gcomhpháirtíocht le Feidhmeannach Réigiúnach Bhaile Átha Cliath do Dhaoine Gan Dídean, Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe, an Ghníomhaireacht Tithíochta, an Ghníomhaireacht Forbartha Talún agus an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht (RTRÁO).

- Soláthraíodh 726 teach nua in 2024.
- Leithdháileadh 710 teach.
- Rinneadh athchóiriú ar 88 réadmhaoin faoin gClár Athchóirithe Éifeachtúlachta Fuinnimh.
- Fógraíodh an chéad scéim tithíochta inacmhainne ag DLRD i gCaisleán Sheangánaí.
- Forbraíodh agus glacadh le Clár Cóiríochta don Lucht Siúil 2025-2029 nua.
- Baineadh amach 126% den sprioc maidir le hiniúchadh tionóntachtaí cíosa príobháideacha.
- Chuaigh 27% de na leithdháiltí chuig daoine faoi mhíchumas.
- Cuireadh 8,119 iarratas ar chothabháil i gcrích.

Tionscadail a cuireadh i gcrích 2024

- Seachadadh 282 teach i gCaisleán Sheangánaí, lena n-áirítear 35 Teach Sóisialta, 51 Ceannach Inacmhainne agus 195 Cíos Costais.
- Críochnaíodh 4 theach i gCúirt Moyola.
- Athchóiríodh seanteachníní Garda Cóstá i gCuan Dhún Laoghaire.

Soláthar Tithíochta

Is tosaíocht é seachadadh tithe trí thógáil agus athchóiriú do DLRD. Seachadadh 726 teach san iomlán in 2024, lena n-áirítear 410 a seachadadh trí thógálacha nua, éadálacha agus seachadadh Cuid V.

Seachadadh 282 teach san iomlán i Seangánach agus tá an chuid eile le seachadadh in 2025. Áiríodh leis seo 51 teach Ceannaigh Inacmhainne, agus fuarthas 974 iarratas.

Lean an tógáil ar aghaidh i bPáirc Naomh Labhrás i Stigh Lorgan, agus seachadadh 48 teach Sóisialta agus 40 teach Cíos Costais, chomh maith le leabharlann.

Lean an Chomhairle de na roghanna go léir a fhiosrú chun seachadadh tithe nua a mhéadú i rith na bliana, lena n-áirítear an Scéim Deisiúcháin agus Léasaithe, an scéim do léasú fadtéarmach, an Scéim Ceannaigh agus Athnuála agus an Scéim Morgáiste chun Cíos.



Forbhreathnú ar Láithreán Sheangánaí

Bhí an Chomhairle páirteach freisin sa phróiseas soláthair Idirphlé lomaíoch chun Tithíocht Shóisialta agus Inacmhainne a sheachadadh. Fuair an Chomhairle roinnt aighneachtaí, agus is próiseas soláthair beo é seo fós.

Lean Croí Cónaithe (Tithe Folaíoch) ar aghaidh in 2024, a sholáthraíonn cúnamh deontais d'úinéirí-áititheoirí chun maoine atá folamh go fadtéarmach a athchóiriú, agus fuarthas thart ar 100 iarratas. Íocadh 75 deontas le linn 2024.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2024

- Seachadadh 726 teach.
- Seachadadh 273 teach faoi Chuid V, agus bhí 63 díobh faoi léas fadtéarmach.
- Síníodh 16 Chomhaontú Chuid V a sheachadfaidh 215 teach sóisialta nua, agus beidh 63 díobh faoi léas fadtéarmach. Seachadadh cuid mhaith díobh seo le linn 2024.
- Fuarthas 100 iarratas ar dheontas na gCroí Cónaithe (Tithe Folaíoch), rud a thugann an t-iomlán go 268, agus íocadh 75 deontas.
- Seachadadh 51 Teach Ceannaigh Inacmhainne agus 195 Teach Cíosa Costais ag Caisleán Sheangánaí, chomh maith le 35 teach sóisialta.
- Foilsíodh scéim Tithíochta Bhaile an Locháin faoi Alt 179A mar shuíomh Seachadta Luathaithe.

Oiriúnuithe Tithíochta do Sheanáirí agus do Dhaoine atá faoi Mhíchumas

Cuireann DLRD deontais ar fáil do thithe príobháideacha chun oiriúnuithe riachtanacha a dhéanamh ar a dtithe mar gheall ar chúiseanna leighis nó mar gheall ar shoghluaisteacht laghdaithe de bharr seanaoise. Rinneadh leasú ar an bpróiseas deontais do thithe príobháideacha i rith na bliana, rud a cheadaíonn deontais níos airde suas le €40,000 i gcúinsí áirithe, agus tairseacha ioncaim níos airde anois.

Déanann an Chomhairle oibreacha ar ár stoc tithíochta féin freisin chun freastal ar riachtanais tionóntaí a bhfuil oiriúnuithe ag teastáil uathu. Samplaí de na hoiriúnaithe a bhíonn ag teastáil ná seomraí folctha inrochtana, cithfholcadáin gan chéimeanna, leathnú doirse, rampaí, greimráillí agus cathaoireacha staighre.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2024

- Críochnaíodh nó dúnadh obair oiriúnaithe ar 239 teach faoi úinéireacht na Comhairle, as buiséad €1.43m.
- Caitheadh €2.25m ar bhreis is 300 deontas oiriúnaithe le haghaidh oibreacha i dtithe príobháideacha.

Cothabháil

Ba bhliain ghnóthach eile í 2024 don rannóg Cothabhála Tithíochta agus fuarthas 8,119 iarratas cothabhála ó thionóntaí a raibh an obair críochnaithe acu.

Leanamar de shuirbhéireacht a dhéanamh ar réadmhaoin in 2024 mar chuid dár gclár suirbhéireachta ar bhail stoic. Leis na 906 suirbhé críochnaithe i rith na bliana, is é 2,736 maoín an líon iomlán atá críochnaithe againn anois, rud a léiríonn 51% dár stoc tithíochta. Ligeann an fhaisnéis a bailíodh ó na

suirbhéanna ar riocht an stoic dúinn tosaíocht a thabhairt d'oibreacha riachtanacha leis na cistí teoranta atá ar fáil laistigh den bhuiséad cothabhála.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2024

- Cuireadh 8119 iarratas ar chothabháil i gcrích.
- Rinneadh suirbhéireacht ar 906 réadmhaoin mar chuid dár suirbhé maidir le bail ár stoic thithíochta.

Clár Athchóirithe Éifeachtúlachta Fuinnimh

Fuair 88 maoín san iomlán uasghráduithe fuinnimh in 2024 mar chuid dár gClár Athchóirithe Éifeachtúlachta Fuinnimh (EERP). I measc na 88 maoín a ndearnadh athchóiriú orthu in 2024 bhí 6 theach a bhí saindeartha don Lucht Siúil inár Scéim Tithíochta Grúpáilte i St Louise agus 24 teach ainmnithe do dhaoine scothaosta i bhFoigirnimh Ghlas Tuathail a bheidh mar phríomhchuid dár gclár do 2025 freisin.

Bhain na maoine uile a ndearnadh athchóiriú orthu an rátáil íosta B2 BER a bhí riachtanach faoin gclár amach.

Athligéan Tithíochta

Déantar gach iarracht a chinntiú go ndéantar maoine a chuirtear ar ais chuig DLRD a láimhseáil chomh tapa agus is féidir. Tá ár n-amanna athligthe do mhaoín fholmha maith i gcomparáid le húdaráis áitiúla eile agus leis na hamanna athligthe meánacha náisiúnta mar a fhoilsíonn an Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (CNMI).

Chríochnaigh bail foirne sa Roinn Tithíochta roinnt tionscadal Feabhsúcháin Próisis Ghnó ar ghnéithe éagsúla den phróiseas athligthe in 2024 chun cabhrú le feabhsuithe breise a aithint agus a chur i bhfeidhm inár bpróiseas foriomlán.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2024

- Críochnaíodh 121 athligéan

Leithdháiltí agus Aistriú

Déanann an rannóg Leithdháiltí Tithíochta measúnú ar iarratais ar Thacaíocht Tithíochta Sóisialta. Cuirtear iarratasóirí incháilithe ar an Liosta Feithimh Tithíochta Sóisialta, áit a gcinntear a seasamh faoin dáta a fuarthas iarratas bailí. Leithdháileann Leithdháiltí Tithíochta maoine de réir Scéim Leithdháiltí DLRD d'iarratasóirí ar an Liosta Feithimh Tithíochta agus na Liostaí Aistrithe. Fógraítear maoine atá ar fáil ar an gCóras Ligin Bunaithe ar Rogha áit ar féidir le hiarrratasóirí a spéis a chur in iúl. Rinneadh an líon is airde leithdháiltí in aon bhliain in 2024, ag soláthar tithe do 710 teaghlach.

Ó mhí na Nollag 2024, bhí 3,900 iarratasóir ar ár Liosta Tithíochta Sóisialta agus 1,723 iarratasóir breise ar ár Liostaí Aistrithe lena n-áirítear HAP, RAS, Plódú agus Leighis.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2024

- Rinneadh 710 leithdháileadh d'iarratasóirí a bhfuil tithíocht shóisialta de dhíth orthu.
- Críochnaíodh achoimre ar Mheasúnú ar Riachtanais Tithíochta Sóisialta do 2024 chun tosaigh ar an scideal.

- Próiseáladh 1,096 iarratas nua Tithíochta.
- Tugadh 27% de na leithdháiltí do dhaoine faoi mhíchumas.

Coigeartú Méide

Lean Coigeartú Méide do thionóntaí na Comhairle de bheith ina thosaíocht i rith 2024. Tabharfaidh an Chomhairle tús áite do thionóntaí atá ag aistriú ó mhaoín níos mó go maoín níos lú atá níos oiriúnaí dá riachtanais mhéid leapa. Cuireann sé seo ar chumas DLRD úsáid níos fearr a bhaint as ár stoc tithíochta trí na maoín níos mó a athleithdháileadh ar theaghlaigh atá ar an liosta feithimh tithíochta nó ar liostaí aistrithe.

Déantar gach iarracht maoín oiriúnach a aimsiú a chuireann ar chumas an tionóntaí fanacht ina bpobal nó ina suíomh reatha. Tá go leor buntáistí ann do thionóntaí a aistríonn chuig teach níos lú, lena n-áirítear costais chothabhála agus billí teasa níos ísle, agus i bhformhór na gcásanna, réadmhaoín níos inrochtana a oireann do riachtanais an tionóntaí. Ós rud é gur daoine scothaosta iad cuid mhaith dár ndaoine a d'fhéadfadh a bheith ag laghdú a dtithe, tá maoín sonracha i bhforbairt nua ainmnithe againn mar mhaoín do dhaoine scothaosta.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2024

- Ceadaíodh 30 teaghlach le haghaidh coigeartú méide.
- Rinneadh coigeartú méide de 14 theaghlach.

Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean

Oibríonn Rannóg na Comhairle um Dhaoine gan Dídean i gcomhar leis an Feidhmeannacht Réigiúnach Bhaile Átha Cliath um Dhaoine ar Easpa Dídine (FRBÁCDED) chun cabhrú le daoine gan dídean, nó daoine atá i mbaol bheith gan dídean, cóiríocht éigeandála a fháil. Déanann an Rannóg um Dhaoine gan Dídean measúnú ar riachtanais teaghlach a bhfuil seirbhísí gan dídean de dhíth orthu agus cuireann sí rochtain ar chóiríocht éigeandála shealadach ar fáil. Ina theannta sin, cuireann an Rannóg um Dhaoine gan Dídean tacaíochtaí ar fáil chun bealach éalaithe ón easpa dídine a aimsiú. Cuidíonn an tseirbhís Aimsitheoirí Áite le hiarratasóirí maoín cíosa a aimsiú tríd an scéim HAP agus cuidíonn Tithíocht ar dTús leo siúd i seirbhísí gan dídean a bhfuil riachtanais chasta acu.

Soláthraíonn Oifigeach Athlonnaithe ag an gComhairle freisin chun tacú le teaghlaigh bogadh ó easpa dídine go tithíocht bhuan. Oibríonn an tOifigeach ar bhealach iomlánaíoch ag plé le daoine a chodlaíonn amuigh chun cabhrú leo i dtreo cóiríochta tacaíochta do dhaoine gan dídean. Oibríonn an tOifigeach Athlonnaithe freisin le teaghlaigh i gcóiríocht éigeandála chun tacú leo bogadh ó sheirbhísí gan dídean go tionóntacht atá ar cíos go príobháideach le cabhair ó thacaí tithíochta sóisialta nó tionóntacht le DLRD nó le Comhlacht Tithíochta Ceadaithe.

Ag deireadh 2024, bhí 87 teaghlach agus 180 teaghlach singil cláraithe mar dhaoine gan dídean leis an Rannóg um Dhaoine gan Dídean. Le linn 2024, leithdháileadh 21% de na leithdháiltí do theaghlach gan dídean ar an Liosta Feithimh Tithíochta. Ina theannta sin, rinneadh méid ollmhór oibre coisctheacha agus leithdháileadh maoín ar 20 teaghlach breise agus leithdháileadh 32 maoín eile faoin Scéim Tionónta in Láthair.

Tithíocht ar dTús

Cleachtann Tithíocht ar dTús cur chuige ar bhonn tithíochta a dhíríonn ar dheireadh a chur le heaspa dídine dóibh siúd atá gan dídean le blianta fada nó atá leochaileach le riachtanais chasta. Chomh maith le tithíocht a chur ar fáil, oibríonn an tsamhail Tithíocht ar dTús le tionóntaí chun dul i ngleic le saincheisteanna a chuir cosc orthu tionóntachtaí a choinneáil roimhe seo. Tá trí phríomhghné sa mhúnla Tithíochta ar dtús:

- » Tithíocht bhuan, inacmhainne.
- » Seirbhísí bainistíochta cásanna agus cóireála soghluaiste (seirbhísí sláinte meabhrach, sláinte agus andúile).
- » Fealsúnacht an chláir bunaithe ar rogha agus téarnamh an chliaint.

Is é cuspóir na samhla Tithíocht ar dTús deireadh iomlán a chur le heaspa dídine fadtéarmach agus tacú leo siúd a bhfuil riachtanais chasta acu maireachtáil go neamhspleách sa phobal. Cuireadh an tseirbhís Tithíocht ar dTús amach ar tairiscint in 2024, agus déanfaidh buaiteoir na tairisceana sin maoirseacht ar an seirbhís Tithíocht ar dTús ó 2025. Tá roinnt tionóntachtaí Tithíocht ar dTús aitheanta le tosú a luaithe a bheidh an soláthraí i bhfeidhm.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2024

- Seachadadh 13 tionóntacht Tithíocht ar dtús, suas go dtí dáta thosach an chomórtais tairisceana nua.

Aimsitheoirí Áiteanna Cónaithe

Lean an tSeirbhís Aimsitheoirí Áite de thacaíocht a thabhairt do theaghlaigh gan dídean agus do theaghlaigh atá i mbaol a bheith gan dídean chun réadmhaoín a aimsiú ionas gurbh fhéidir cur isteach ar an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2024

- Seachadadh 93 tionóntacht ÍCT do Dhaoine gan Dídean.

Bainistíocht Tionóntachta

Lean an Rannóg Bainistíochta Tionóntachta de thacaíocht, comhairle agus cúnamh a thabhairt do thionóntaí a raibh deacrachtaí acu agus d'imschrúdú a dhéanamh ar ghearáin faoi iompar frithshóisialta agus sáruithe ar an gcomhaontú tionóntachta. Lean an Rannóg lena ról coisctheach trí fhreastal ar Fhóraitm Phóilíneachta Áitiúla agus d'oibrigh sí i ndlúthchomhar leis an nGarda Síochána. Cruthaíodh poist nua d'Oifigeach Idirchaidrimh Tionóntaí in 2024 chun cumas na rannóige bainistíocht mhaith eastáit a chur chun cinn a neartú leis an aidhm ár bpobail a dhéanamh ina n-áit níos sábháilte le cónaí.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2024

- Soláthraíodh 3 Chúrsa Réamhthionóntachta.
- Tacaíocht a sholáthar in 11 chás maidir le Seirbhís um Chothú Tionóntachtaí.
- 1 chás maidir le hOrdú Sealbhaithe os comhair na gCúirteanna.
- 1 chás Ordaithe Eisiaimh os comhair na gCúirteanna.
- Eisíodh 14 Rabhadh Tionóntachta.
- Imscrúdaíodh 164 cás maidir le hiompar frithshóisialta.

Cíos ar Thithe

Ríomhtar an cíos a bhailíonn an Chomhairle i gcomhréir leis an Scéim Cíosanna Difreálacha. Socraíonn an Scéim cíos an tionónta bunaithe ar dhá ghné:

1. Ioncam iomlán an teaghlaigh.
2. Méid an teaghlaigh.

Lean líon na gcuntas cíosa atá le bainistiú agus an méid iomlán cíosa a ghearrtar agus a bhailítear ag méadú in 2024 de réir mar a cuireadh maoine nua lenár stoc tithíochta trí na cineálacha éagsúla seachadta tithíochta.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2024

- 405 cuntas nua.
- Críochnaíodh 3,600 measúnú.

Scéim Iasachta Tí an Údaráis Áitiúil

Lean an Roinn Tithíochta de thacaíocht a thabhairt do dhaoine a bhí ag iarraidh teach a cheannach trí iarratais a dhéantar faoi scéim Iasachta Tí an Údaráis Áitiúil a phróiseáil. Baineann an scéim le réadmhaoin chónaithe nua nó athláimhe a cheannach agus le tithe féin-thógála atá suite laistigh de Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Cuimsítear leis freisin tithe a cheannach trí scéimeanna Stáit amhail an Scéim Ceannaigh Incriminteach ag Tionóntaí agus Scéimeanna um Thithíocht Inacmhainne.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2024

- Ceadaíodh 10 Iasacht Tí le luach iomlán €2.2m.
- Fuasclaíodh 7 Iasacht Tí.
- Tionóladh 9 gcruinniú den Choiste Creidmheasa.
- Aistríodh Córas na nIasachtaí Tithíochta go Córas Bainistíochta Airgeadais (FMS).

Grúpa Stiúrtha Tithíochta agus Míchumais

Bunaíodh an Grúpa Stiúrtha Tithíochta agus Míchumais i gcomhréir leis an Straitéis Tithíochta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2022 – 2027. Bhuaile an Grúpa Stiúrtha ceithre huair le linn 2024 ag cruinnithe ráithiúla chomh maith le cruinnithe rialta foghrúpa chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le tithíocht do dhaoine faoi mhíchumas. Leanann an Grúpa de bheith ag cur gníomhartha Phlean Straitéiseach DLRD maidir le Tithíocht do Dhaoine faoi Mhíchumas 2021 – 2026 chun cinn agus thug siad nuashonruithe ar dhul chun cinn ag cruinnithe an Choiste um Beartas Straitéiseach Tithíochta. Rinneadh 27% de na leithdháiltí tithíochta go léir a rinneadh in 2024 do dhaoine faoi mhíchumas.

Cóiríocht don Lucht Siúil

Lean an rannóg um Chóiríocht don Lucht Siúil lena cuid iarrachtaí an Clár Cóiríochta don Lucht Siúil 2019-2024 a chur chun cinn agus é mar aidhm aige tithíocht ardchaighdeán a sholáthar do dhaoine den Lucht Siúil.

Rinneadh cuid mhór oibre freisin in 2024 chun an Clár Cóiríochta don Lucht Siúil 2025-2029 nua a fhorbairt, ar ghlac na Comhaltaí Tofa leis i mí na Nollag 2024.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2024

- D'fhormeas Comhaltaí na Comhairle Clár Cóiríochta don Lucht Siúil 2025-2029 i mí na Nollag 2024.
- 2 charbhán eisithe i gcúinsí éigeandála.
- 8 n-áitreabh athchóirithe, 3 theach ócáideach fholmha, tugadh gnáth-thithíocht do 3 theaghlach ó laistigh de TAU.
- Limistéar súgartha sábháilte ar an nGarrán Cnó agus dhá scéim feabhsúcháin ceantair curtha i gcrích i mBaile an Bhóthair agus i gCill Bheagóige in 2024 ag baint úsáide as maoiniú na gCuntas Díomhaoin agus Ciste Infheistíochta Sóisialta.
- Cuireadh tús le Clinic um Thithíochta don Lucht Siúil seachtainiúil.
- 4 iarratas Iasachta Carbhán próiseáilte.

Caighdeán na Tithíochta Príobháidí ar Cíos


Rinne Rannóg na gCaighdeán Tithíochta roinnt athruithe dearfacha ar an gcaoi a ndéanaimid iniúchtaí lena chinntiú go leanaimid d'iniúchtaí a dhéanamh ar an oiread réadmhaoin ar cíos agus is féidir.

Rinneamar tairiscint le haghaidh conraitheoir tríú páirtí nua chun cabhrú leis an gclár cigireachta agus d'fhostaíomar Cigire Caighdeán Tithíochta DLRD tiomnaithe chun cur le foireann chigirí DLRD agus Oifigigh Sláinte Comhshaoil. Leanamar orainn ag úsáid an Aip Iniúchta Tithíochta a forbraíodh in 2023 chun comhsheasmhacht leanúnach a chinntiú i dtuarascálacha iniúchta agus i litreacha atá á n-eisiúint chuig tiarnaí talún.

Lean an rannóg Caighdeán Tithíochta leis an gclár iniúchtaí i gcóiríocht shonrach do mhic léinn freisin, ag déanamh 2,715 iniúchadh san iomlán sa chineál sin cóiríochta.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2024

- Rinneadh iniúchadh ar 4,372 réadmhaoin.
- Rinneadh 7,777 iniúchadh.
- Chomhlíon 1,406 réadmhaoin na Rialacháin um Chaighdeán Tithíochta.
- Eisíodh 12 Fhógra Feabhsúcháin.
- Seirbheáladh 1 Fhógra Toirmisc.



BONNEAGAR AGUS AN TATHRÚ AERÁIDE

2024 IN UIMHREACHA

Bailíodh **281** rothar don Scéim Rothair don Afraic



Suiteáladh **79** spás páirceála rothair i spásanna príobháideacha agus poiblí



1849 dalta i **36** scoil
Ghlac scoileanna páirt sa chlár oiliúna Rothar Ceart le cúnamh ó DLRD



Chláraigh

116

scoil leis an gclár Scoileanna Glasa i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin in 2024

D'eisigh na Maoir Forfheidhmithe

Comhshaoil **353** fíneáil

Fuair **28** grúpa pobail maoiniú faoin gClár Gníomhaíochta Aeráide Pobail ar fiú



€883,000 é

Rinneadh oibreacha paisteála inbhuanaithe ar

2,500 MÉADAR

cearnach de bhóithre ar fud an Chontae



Baineadh

6686 MÉADAR

cearnach graifítí



Bailíodh **1155** tocht ar Lá Tréimhse Mhaithiúnais Tochtanna



Rinneadh thart ar

61,571

bailiúchán de bhoscaí bruscair sráide



44,761

Eisíodh Cead Cuairteora



Bhain **246,829** custaiméir úsáid as Ionad Athchúrsála Bhaile Uí Ógáin



Bailíodh

8386

tonna dramhaíola le haghaidh athchúrsála in Ionad Athchúrsála Bhaile Uí Ógáin



17

Suíomh ar Chlár na Suíomhanna Tréigthe



25

iarratas ar Cheadúnais Teaghlaigh agus Tráchtála próiseáilte

BONNEAGAR AGUS AN TATHRÚ AERÁIDE

Cuireann an Stiúrthóireacht Bonneagair agus Athrú Aeráide réimse leathan seirbhísí ar fáil do chónaitheoirí agus do chuairoteoirí araon. Tá sé mar aidhm ag na seirbhísí seo feabhas a chur ar chaighdeán na timpeallachta, aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide, agus bonneagar agus spásanna poiblí ardchaighdeáin a fhorbairt.

Rannóg Bainistíochta Eastát

Seo a leanas príomhsheirbhísí na Rannóige Bainistíochta Eastát:

- Dea-bhainistíocht agus dea-chosaint mhaoine na Comhairle a chinntiú.
- Seilbh a fháil ar thailte chun cuspóirí Corparáideacha Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin a chomhlíonadh de réir mar is gá.
- Clár na Láithreán Tréigthe a choinneáil suas chun dáta.
- Rannpháirtíocht le geallsealbhóirí Stáit, e.g., an Roinn Oideachais agus Scileanna, an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, Uisce Éireann, Gníomhaireacht Forbartha Talún (GFT), Tailte Éireann agus forbróirí maoine móra, chun tionscadail mhóra bonneagair a chur chun cinn.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2024

- IADT i nDún Laoghaire: Seoladh CarnegieHub@IADT nua i mí Aibreáin 2024. Comhaontú ceadúnais leis an IADT tar éis oibreacha uasghrádaithe riachtanacha ar leabharlann Carnegie (Struchtúr Cosanta) agus ar oifigí cúnta chun láithreacht an IADT i nDún Laoghaire a éascú.
- Fáil 12.3HA/29.4 Acra talún ag Baile Uí Bhraonáin/Baile an Locháin, Cábán tSíle, Baile Átha Cliath 18: Tailte a fuarthas chun críocha forbartha tithíochta, lena n-áirítear soláthar tithíochta sóisialta agus inacmhainne, soláthar talún do Líonra Bealaí Glasa Choill na Silíní agus chun críocha oidhreachta (Teach Ghleann an Draoi, Struchtúr Cosanta) agus caomhnaithe.
- Stáisiún DART Shruthán na Coille: Ag cabhrú le riachtanais talún chun soláthar stáisiún DART nua a éascú. Meastar go n-osclofar an stáisiún i R2 2025.
- Feirmeacha Gaoithe amach ón gcósta agus nascadh leis an eangach ar talamh: Léas do RWE/Dublin Array chun 2 urlár folamh de Chearnóg an Chuain, Bloc 2 a thógáil ar feadh tréimhse 10 mbliana; beidh Dublin Array (RWE Renewables Ireland Ltd) ar cheann de na chéad fheirmeacha gaoithe tráchtála amach ón gcósta in Éirinn a thógfar, rud a chabhróidh le sprioc an Rialtais a bhaint amach maidir le 5GW d'fhuinneamh gaoithe amach ón gcósta a bheith ceangailte le heangach náisiúnta na hÉireann faoi 2030. D'éascaigh Bainistíocht Maoine an scéim trí chúnamh a thabhairt do RWE i gcuardaigh talún agus trí cheardlanna a éascú idir RWE agus gach Roinn Chomhairle ábhartha agus trí Litir toilithe a sholáthar le haghaidh Cead Pleanála.
- Caisleán Sheangánaí: Ceapadh comhairleoirí caomhnaithe chun measúnú a dhéanamh ar an Struchtúr Cosanta

- (Foirgneamh A) agus moltaí a dhéanamh maidir le hoibreacha athchóirithe chun go dtiocfadh leis an bpobal é a úsáid sa todhchaí i gcomhréir le Plean Forbartha Contae DLRD 2022-2028 reatha agus Plean Ceantair Áitiúil Shruthán na Coille/Sheangánaí.
- Cogadh san Úcráin – Freagra Daonnúil: Tá Bainistíocht Eastát ag obair go gníomhach leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (DCEDIY) chun ionaid chóirithe sealadaí iláitíochta a bhunú dóibh siúd atá ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin.
 - Tearmann na mBan: Tacaíocht a thabhairt don léas 35 bliain ar thalamh faoi úinéireacht na comhairle.
 - Glao 3 CFAU: Tá €6M i maoiniú leithdháilte do DLRD faoi Ghla 3 CFAU. Tá Glao 3 deartha chun aghaidh a thabhairt ar fholús fadtéarmach agus ar thréigean ar fud chathracha agus bhailte CFAU agus chun dlús a chur le soláthar cóirithe cónaithe. Tá grúpa oibre, a bunaíodh don tionscadal seo, tar éis céad mhaoine a shainaitheint le ceannach faoin scéim.



Seoladh IADT ag Leabharlann agus Oifigí Carnegie

- Eirgrid: Éascaíodh rannpháirtíocht leanúnach idir Ranna DLRD agus Eirgrid / BSL maidir le roghanna bealaigh le haghaidh athsholáthar an chábla 220kV ó Charraig Mhaighin go dtí an Poll Beag.
- Rannpháirtíocht le húinéirí aonad ag Bóthar na Carraige, Áth an Ghainimh, Baile Átha Cliath 18 maidir le ceannach maoin do pháirc chathartha amach anseo/SLO 57, Plean Forbartha an Chontae 2022-2028.
- Orduithe Ceannaigh Éigeantaigh: Tacaíocht riaracháin a sholáthar ar 3 scéim ar leith OCE ar scála mór agus plé/cruinnithe trasfheidhmeacha a chomhordú/a éascú le Seirbhísí Dlí, Innealtóirí, Luachálaithe agus Éilítitheoirí:
 - Scéim Feabhsúcháin Bhóthar an Ghleanna Dhuibh/Bhóthar Ghráinseach an Araltaigh.
 - Scéim Bóithre Cheantar Ghleann na Muc.
 - Acomhal 14 an M50 – Eisíodh Fógra Iontrála Samhain 2024.
- Fáil Limistéir Imeall Trá ag Cuan Dhún Laoghaire: Leanann Maoín agus Eastáit ag tabhairt tacaíochta do Chuan DL in iarrachtaí chun éadail trí dhíol na limistéar Imeall Trá ag Cuan DL atá ag teastáil le haghaidh bonn Oibríochtaí agus Cothabhála d’Fheirm Ghaoithe Bhanc na Cise (RWE) a fháil.
- Comhaontuithe Ceadúnais/Léasa Nua:
 - IADT – Ceadúnais a Athnuachan, go dtí go gcríochnófar idirbheartaíochtaí Léasa.
 - Léas 3 bliana le hOspidéal an Rabhcháin, Bóthar na Raithní Móire, Áth an Ghainimh, Baile Átha Cliath 18.
 - Iar-Stáisiún an Gharda Cósta, Cuan Dhún Laoghaire - léas 15 bliana.
 - Léas 35 bliain TEK United.
 - Iar-Oifig Lastais, Cuan Dhún Laoghaire – Ceadúnas.
- Diúscairt ceapach talún atá faoi úinéireacht na Comhairle:
 - 1 Corrán Naomh Lúcas, Dún Droma, Baile Átha Cliath 14.

Léasanna Sealadacha/Léasanna Tráchtála

Bhí 54 léas sealadach/léas tráchtála i bhfeidhm san iomlán, agus ba é €1,388,500.00 an toradh do 2024.

Toiliú Cónaithe agus Tráchtála

Próiseáladh 25 iarratas ar Thoilíú Cónaithe agus Tráchtála san iomlán. Fuarthas €24,300 i leith na n-iarratas seo.

Láithreáin Thréigthe

- 17 Láithreán ar Chlár na Láithreán Tréigthe ag deireadh na bliana 2024.
- €10,125 bailithe i dtobhaigh ar Láithreáin Thréigthe.
- D’úsáid Bainistíocht na nEastát an t-ioncam seo le haghaidh oibreacha athchóirithe agus feabhsúcháin riachtanacha eile ar fhoirgnimh ar leis an gComhairle iad.

Litreacha Toilithe

D’eisigh Bainistíocht Eastát 34 iarratas ar Litir Toilithe in 2024. Ath-eisíodh 14 Litir Toilithe in 2024. Tá Litreacha Toilithe a bhaineann le hlarratais Phleanála á n-eisiúint do na Comhaltaí Tofa trí thairseach Chomhairleoirí DLRD, a luaithe a bheidh siad eisithe.

Oifig na dTionscadal Caipitil

Tá Oifig na dtionscadal Caipitil freagrach as cur i gcrích an Chláir Chaipitil chun na príomhscéimeanna caipitil a sholáthar.

Is iad seo a leanas na Príomhthionscadail/Scéimeanna Caipitil atá á ndearadh/á dtógáil nó atá críochnaithe le déanaí ag DLRD agus atá maoinithe ag Tobhaigh Forbartha/Deontais.

Scéimeanna atá á dtógáil/curtha i gcrích:

- Tionscadal Aisghabhála Láithreán Lónadh Talún Bhré agus Sruthán na Coille.
- Scéim Feabhsúcháin Bhóthar an Ghleanna Dhuibh.
- N11 Bóthar Ghleann an Draoi Acomhail P*-P3 (Céim 2).
- Folcadáin Dhún Laoghaire Céim 2a – Oibreacha Soghluaisteachta/Inrochtaineachta.
- Campas Cathartha Samuel Beckett - Céim 2A (Leabharlann Bhaile Uí Ógáin, lena n-áirítear í a fheistiú).
- Uasghrádú ar Acomhal Bhóthar Áth na Sceire/Bhóthar Ghleann na Muc (Acomhal na Liathróide Órga).
- Scéim Bóithre Cheantar Ghleann na Muc.
- Coill na Silíní – Lochán 5A.

Scéimeanna atá ag an gCéim Dearaidh Mhionsonraithe:

- M50 Nascbhóthar Acomhal 14.
- Scéim Taistil Ghníomhaigh DART na Carraige Duibhe go dtí An Pháirc.

Scéimeanna atá ag an gCéim Réamhdheartha:

- Bóthar Mhullach an Chnoic

Tionscadail Fhadtéarmacha:

- Uasghrádú ar Bhóthar Choill na Silíní.
- Nascbhóthar Bhaile na Lobhar Céim 2.
- Bóthar na Raithní Móire go Nascbhóthar Dhroim Máirtín.
- Scéim Feabhsúcháin Bhóthar Ghráinseach an Araltaigh.
- Bóthar Bhaile Uí Bhraonáin.
- Bóthar Sheangánaí.

Bainistíocht tionscadail/tacaíocht do na tionscadail speisialta seo a leanas:

- Feirmeacha Gaoithe amach ón gcósta agus nascadh leis an eangach ar talamh.
- Caisleán Sheangánaí (daingniú na réadmhaoine).
- Carrchlós Sealadach ag Páirc agus Reilig Sheangánaí.
- Ionad Pobail, Cultúir agus Cathartha Dhún Droma (IPCCDD).
- Campas Cathartha Samuel Beckett - Céim 2B (Campas Cathartha/Spóirt agus linn snámha).

- Staidéar Measúnaithe ar Acmhainn Bonneagair Cheantar an Oirdheiscirt.
- Fearann Poiblí Chladach na Carraige Duibhe.
- Glao 3 CFAU - Éadail réadmhaoine atá folamh agus tréigthe le fada agus dlús a chur le soláthar cóiríochta cónaithe.
- Tionscadal Glas IB – Páirc Bhóthar na Coirrighe, Áth an Ghainimh.
- Máistirphlean Chuan Dhún Laoghaire.
- Tionscadal um Chosaint Bonneagair Iarnróid an Chósta Thoir (TCBICT) - Iarnród Éireann.
- Bóthar Rochtana Shuíomh Tithíochta Bhaile Uí Leamháin (ról tacaíochta don Tithíocht).

Forfheidhmiú Comhshaoil, Bruscar agus Rialú Ainmhithe

Tá sé de chúram ar an rannóg um Fhorfheidhmiú Comhshaoil, Bruscar agus Rialú Ainmhithe an geilleagar ciorclach a chur chun cinn, truailliú bruscair a dhíchur agus athchúrsáil agus tionscnaimh chomhshaoil áitiúla eile a spreagadh, amhail:

- Monatóireacht a dhéanamh ar reachtaíocht agus ar rialacháin chomhshaoil a bhaineann le haer, torann, dramhaíl, bruscar agus rialú ainmhithe, agus an reachtaíocht agus na rialacháin sin a chur i bhfeidhm.
- Gearáin atá logáilte isteach i gcóras CRM DLRD a imscrúdú, a mheas agus a réiteach.

Is iad na Tosaíochtaí Comhshaoil Náisiúnta a bhfuil an rannóg seo freagrach as ná:

- Bruscar agus Dramhaíl:
 - Dul i ngleic le gníomhaíochtaí mídhleathacha dramhaíola.
 - Patróil Bhruscair agus rialacháin agus fodhlíthe lena mbaineann a chur i bhfeidhm.
 - Dramhaíl Tógála agus Scartála.
 - Feithiclí agus Miotail Ré Caite.
 - Dramhaíl Tí agus Tráchtála.
 - Tionscnaimh maidir le Freagracht an Táirgeora lena n-áirítear DTLL (Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach), Cadhnraí, Scéim Comhlíonta le haghaidh Feithiclí Ré Caite (SCFRC), dramhaíl ó phacáistíocht.
- Aer agus Torann:
 - Breoslaí Soladacha.
 - Monatóireacht ar Chaighdeán an Aeir agus Úsáid Sonraí.
 - Treoir maidir le Torann Comhshaoil (TTCanna).
 - Rialú Aeir agus Torainn (lena n-áirítear Pleanáil).
 - Obair Forfheidhmithe Leanúnach maidir le hAer agus Torann.
 - Rialacháin maidir le Tuaslagóirí, Péinteanna Maisiúcháin agus Gal Pheitriliam.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2024

- 4,244 fiosrúchán ó chustaiméirí maidir le Forfheidhmiú Comhshaoil logáilte ar CRM.

- Rinne an Maor Forfheidhmiú Comhshaoil 3,636 patról.
- D'eisigh na Maoir Forfheidhmithe Comhshaoil 353 fíneáil.
- Baineadh 6,686 méadar cearnach de ghraifítí.
- Críochnaíodh 138 seiceáil ar cheadúnais madraí.
- Baineadh 6 chapall fáin as an réimse poiblí, agus cuireadh baile nua ar fáil dóibh uile.
- Rinneadh imscrúdú ar 488 cás de ghluaisteáin thréigthe agus feithiclí a bhí ag deireadh a saoil.
- Baineadh 55.7 tonna de dhramhaíl tine chnámh, lena n-áirítear os cionn 1 tonna boinn, mar chuid dár n-oibríochtaí Oíche Shamhna.
- Críochnaíodh 1,318 cigireacht neamhghnáthaimh ar dhramhaíl.
- Críochnaíodh 588 cigireacht phleanáilte ar dhramhaíl.
- Críochnaíodh 310 cigireacht neamhghnáthaimh ar aer agus ar thorann.
- Críochnaíodh 180 cigireacht phleanáilte ar aer agus ar thorann.
- Críochnaíodh 186 Cigireacht Chomhshaoil a bhain le ceadanna pleanála atá ann cheana féin.
- Críochnaíodh 192 Cigireacht Chomhshaoil roimh dheonú/diúltú ceadanna pleanála.
- Críochnaíodh 159 cigireacht phleanáilte ar Fhreagracht an Táirgeora.

Feasacht Chomhshaoil

Leanann an Rannóg Feasachta Comhshaoil de phlé a dhéanamh le scoileanna, le pobail áirithe agus leis an bpobal i gcoitinne chun dea-chleachtas comhshaoil, bainistíocht acmhainní agus cosaint an chomhshaoil a chur chun cinn. Soláthraíonn Feasacht Timpeallachta an nasc idir an t-údarás áitiúil agus an pobal trí spiorad pobail láidir a spreagadh agus tríd an bpobal a chumasú chun a ról a imirt i ngníomhaíocht ar son na haeráide agus dea-chleachtais maidir leis an gcomhshaoil.

Eagraíodh go leor imeachtaí, feachtas, ceardlann agus comórtas le scoileanna agus pobail i rith na bliana. Éascaíonn



Buaiteoirí Cheantair Slachtmhara DLRD 2024

Feasacht Chomhshaoil, i gcomhar leis An Taisce, clár oideachais chomhshaoil na Scoileanna Glasa i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin. Cuireann an Rannóg seo chun cinn agus tacaíonn sí le cur i bhfeidhm ghníomhartha aeráide, beartais chomhshaoil agus pleananna comhshaoil réigiúnacha DLRD, lena n-áirítear réimsí bainistíochta acmhainní, bainistíochta bruscair agus athchúrsála.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2024

- Leanann an Chomhairle de thacaíocht a thabhairt do ghrúpaí pobail, cumainn áiritheoirí agus grúpaí ceantair slachtmhara chun comharsanachtaí áitiúla a ghlanadh trí roinnt tionscnamh frithbhruscair a chur chun cinn. Dáileadh 8,341 mála glantacháin pobail ar ghrúpaí pobail agus ar oibrithe deonacha in 2024.
- Reáchtáladh Gradaim na gCeantar Slachtmhar bliantúil agus fuarthas iontrálacha ó 32 ghrúpa pobail.
- Chláraigh 116 scoil san iomlán leis an gclár Scoileanna Glasa i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin in 2024, agus rinneadh 42 measúnú agus cuairt chomhairleach ar Scoileanna Glasa.
- Thug an Deontas Comhshaoil agus Gníomhaíochta Aeráide tacaíocht do 33 ghrúpa in 2024.
- Cuireadh feachtas na Siúlóirí Madraí Glasa chun cinn go gníomhach i measc siúlóirí madraí ar fud an Chontae agus rinne 102 Siúlóir Madraí Glasa gealltanais san iomlán.
- Seachadadh comórtas agus ceardlanna The Rubbish Film Festival in 6 mheánscoil chun feasacht chomhshaoil a mhéadú agus cruthaitheacht ealaíon digiteach a spreagadh.
- Rinneadh an clár Múiríní agus Athchúrsáil do Scoileanna a sheachadadh do 14 mhúinteoir ó 12 scoil thar ceithre seachtaine i mí na Samhna 2024, ag Composting Ireland, arna mhaoiniú ag DLRD agus ag Oifig Dramhaíola Réigiúnach an Oirthir-Lár Tíre.
- Picker Pals: Rinneadh clár bailithe bruscair agus athraithe iompraíochta do bhunscoileanna a seachadadh chuig 40 rang ar fud an Chontae.
- Fuair Comórtas Frith-Salachar Madraí 2024 96 iontráil póstaer ó bhunscoileanna in DLRD.
- Athsheoladh an Chomórtas Athchúrsála Maisiúcháin Nollag Bhliantúil. Ghlac 31 scoil páirt in 2024.

Cosaint Shibhialta agus an tSeirbhís Dóiteáin

Soláthraíonn Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an Chosaint Shibhialta do Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Soláthraíonn Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an tSeirbhís Dóiteáin do Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin freisin de bhun comhaontaithe faoi Alt 59 den Acht um Rialtas Áitiúil 1955.

Gnó Glas

Thaigh oifigeach Gnó Glas na Comhairle le clár feasachta chomhshaoil do ghnólachtaí sa Chontae agus thug sé onóir do na heagraíochtaí sin a léirigh ceannaireacht i maoirseacht chomhshaoil. Moltar an t-aistriú ó gheilleagar líneach go geilleagar ciorclach chun fostaíocht a fheabhsú agus chun aisghabháil agus athchúrsaíocht acmhainní a mhéadú. Chuir an tOifigeach Gnó Glas dea-chleachtais chomhshaoil chun cinn amhail cosc dramhaíola, éifeachtúlacht fuinnimh, caomhnú uisce agus iompar inbhuanaithe. Cuireann sé seo ar chumas

eagraíochtaí ailíniú le Plean Gníomhaíochta Aeráide 2024-2029 DLRD agus an Plean Náisiúnta Bainistíochta Dramhaíola do Gheilleagar Ciorclach 2024-2030.

Tugann foireann Gnó Glas cuairt ar ghnólachtaí sa Chontae agus cuireann siad comhroinnt faisnéise agus naisc idir gnólachtaí chun cinn agus tacaíonn siad le hóstáil gradam gnó bliantúil sa Chontae i gcomhar le Cumann Tráchtála Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2024

- Rinne an Oifig Ghnó Glas urraíocht, lorg ainmniúcháin do, agus chuir sí leis an moltóireacht ar chatagóir Rathúlacht Aeráide Ghradaim Ghnó Chontae Sheomra Tráchtála Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin 2024. Sa chatagóir faoi bhun 50 fostaí, ba é Lár Bhaile Dhún Droma an buaiteoir agus tugadh ardmholadh d'Ionad Frascati, An Charraig Dhubh agus bhuaigh APC/VLE Therapeutics, Coill na Silíní an chatagóir os cionn 50 fostaí agus tugadh ardmholadh do Manna Drone Delivery.
- D'éascaigh DLRD maoiniú Mol Glas ó MyWaste.ie a bronnadh ar Ionad Siopadóireachta an Gharráin Chnó. Tá sé seo mar chuid de thionscnamh náisiúnta ag MyWaste chun rátaí athchúrsála tráchtála a mhéadú. Ba é an maoiniú a bronnadh ar An nGarrán Cnó an luach ba mhó sa tionscnamh. Tacóidh an tOifigeach Gnó Glas leis an ionad siopadóireachta chun a chúig phointe athchúrsála a athbheochan agus ábhar oiliúna dramhaíola nua a chruthú don fhoireann.
- Reáchtáladh an ócáid Cumhachtú Gnó don Gníomhú Aeráide i Seachtain Gníomhaíochta Aeráide Bhaile Átha Cliath 2024 a tionóladh i gCeantar Gnó Áth an Ghainimh, ag mealladh breis is 75 rannpháirtí.
- Rinneadh obair i dteannta le Bord Oideachais agus Oiliúna Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire (BOOBÁCDL) chun oiliúint a chur chun cinn do ghnólachtaí i DLRD maidir le feasacht agus inbhuanaitheacht aeráide.
- D'oibrigh le gnólachtaí sa Chontae chun deiseanna a sholáthar i gcomhréir le prótacail ESG/CSRD i.e. chun tionscadail phobail, aeráide nó bithéagsúlachta a mhaoiniú.
- Críochnaíodh roinnt imeachtaí oiliúna lena n-áirítear EU CircularPSP agus MODOS chun gnólachtaí a chur chun cinn i DLRD. Bhí na slótáin uile a leithdháileadh do rannpháirtithe líonta sa bhabhta is déanaí d'oiliúint MODOS a críochnaíodh i mí na Samhna.



Áiseanna Rothar Lár Bhaile Dhún Droma

Ionaid Athchúrsála

Cuireann an Chomhairle áiseanna athchúrsála ar fáil do chustaiméirí tí ag Páirc Athchúrsála Bhaile Uí Ógáin, Ionaid Athchúrsála Pháirc Éidin agus Sheangánaí, agus 38 banc beir leat ar fud an Chontae.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2024

- Reáchtáladh tréimhse mhaithiúnais tochta Dé Sathairn, an 21 Meán Fómhair 2024 in Ionad Athchúrsála Bhaile Uí Ógáin. Bailíodh 1,155 tocht ar an lá a raibh meáchan 18 tonna acu.
- Tionóladh bailiúchán DTLL (dramhthrealamh leictreach agus leictreonach) in Ionad Athchúrsála Pháirc Sheangánaí ar an 14 Meán Fómhair áit ar bailíodh 3 thona dramhaíola.
- Bhí an-rath ar Scéim Rothair don Afraic arís in 2024, agus bailíodh 281 rothar le haghaidh athchóirithe agus seoladh chuig an nGaimbia iad.
- Bailíodh 8,386 tonna dramhaíola le haghaidh athchúrsála in Ionad Athchúrsála Bhaile Uí Ógáin.
- Bailíodh 702 tonna dramhaíola le haghaidh athchúrsála in Ionad Athchúrsála Pháirc Éidin.
- Bailíodh 409 tonna dramhaíola le haghaidh athchúrsála in Ionad Athchúrsála Pháirc Sheangánaí.
- Bailíodh 4,334 tonna dramhaíola le haghaidh athchúrsála ag ár mBanc Beir Leat.
- Bhain 246,829 custaiméir úsáid as Ionad Athchúrsála Bhaile Uí Ógáin.

Gníomhú ar son na hAeráide

Ghlac an Chomhairle lena Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide 2024-2029 (an Plean) agus d’fhoilsigh sí é, ina leagtar amach na gníomhartha a dhéanfaidh DLRD chun an Contae agus na daoine atá ina gcónaí ann a ullmhú do na tionchair aitheanta a bhaineann le hathrú aeráide. Tá 150 gníomh sa Phlean ar fud sé théama; Fuinneamh agus Foirgnimh, Iompar, Réitigh atá Bunaithe ar an Dúlra, Athléimneacht Tuilte, Geilleagar Ciorclach agus Bainistíocht Acmhainní, Rannpháirtíocht Pobail agus caibidil ar leith ar chrios dícharbónaithe.

Chomhoibrigh DLRD le ranna, baill foirne agus Comhaltaí Tofa, chun éifeachtúlacht fuinnimh agus laghduithe astaíochtaí a bhaint amach ina chuid foirgneamh, áiseanna, taistil, feidhmeanna agus seirbhísí féin, agus ag an am céanna chun tionchar a imirt ar ghníomhaíocht ar son na haeráide sa phobal níos leithne.

Tá rannpháirtíocht leanúnach na saoránach agus na bpáirtithe leasmhara i gcroílár na gníomhaíochta ar son na haeráide. In 2024 bhronn Clár Gníomhaíochta Aeráide Pobail DLRD tionscadail ar fiú €883,000 iad. Fuair ocht ngrúpa pobail is fiche maoiniú le haghaidh uasghráduithe fuinnimh, éifeachtúlacht acmhainní agus tionscadail nádúir, agus críochnófar an chuid is mó díobh in 2025.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2024

- Glacadh agus foilsíodh Plean Gníomhaíochta Aeráide DLRD 2024-2029 ina bhfuil 150 gníomh thar shé théama.
- Bronnadh maoiniú ar luach €883,000 ar 28 grúpa pobail faoin gClár Gníomhaíochta Aeráide Pobail.

- Eagraíodh Seachtain Gníomhaíochta Aeráide Bhaile Átha Cliath DLRD 2024 a eagraigh imeachtaí chun aird a tharraingt ar thionscnaimh chaomhnú fuinnimh, nádúir agus tuilte, roghanna malartacha taistil ghníomhaigh agus smaointe maidir le cosc a chur ar dhramhail bia.
- Leagadh amach seachadadh an Phlean Gníomhaíochta Aeráide 2024-2029 ar fud ranna na Comhairle, grúpaí pobail agus gníomhaireachtaí rialtais ag tabhairt faoi deara gur críochnaíodh an obair sannta do 2024 i gcás 107 gníomh sa bhliain.
- Rinneadh idirchaidreamh le gach Roinn de chuid na Comhairle maidir le tionscadail mhóra dhearfacha ó thaobh na haeráide de sa Chomhairle, amhail athchóirithe fuinnimh tithíochta agus scéimeanna taistil ghníomhaigh, agus tugadh ionchur, maidir leis an aeráid, ar thionscadail ábhartha Chuid 8 de chuid na Comhairle.
- Tacaíodh leis an Scéim um Thuairisceáin Éarlaise agus leis an tionscnamh um Chlubanna Glasa.

Taisteal Gníomhach

Bunaíodh Rannóg Taistil Ghníomhaigh DLRD in 2021. Tá an fhoireann tiomanta seo dírithe ar bhonneagar siúil agus rothaíochta sábháilte agus tarraingteach a sheachadadh ar fud an Chontae. Dírionn an Rannóg Taistil Ghníomhaigh ní hamháin ar thionscadail chaipitil a sheachadadh ar nós Taisteal Scoile Ghníomhaigh ach dírionn sí freisin ar an taobh níos boige de chur chun cinn taistil ghníomhaigh ar nós suirbhéanna scoile. Soláthraíonn na scéimeanna seo go leor buntáistí do shaoránaigh agus do chuiditheoirí ár gcontae i dtéarmaí sábháilteachta, gníomhaíochta ar son na haeráide, an chomhshaoil, na sláinte, an gheilleagair chomh maith le cáilíocht na beatha i gcoitinne. Is iad na príomhghnóthachtálacha seo a leanas scéimeanna atá faoi dhearadh nó faoi thógáil agus tionscadail chríochnaithe ag an Rannóg Taistil Ghníomhaigh atá maoinithe 100% ag an Udarás Náisiúnta Iompair.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2024

- Marc Taistil Níos Cliste agus Gradam Óir ECF 2024.
- Ar an ngearrliosta mar na hiarrthóirí deiridh do Ghradaim an rRialtais don tionscadal Sráideanna Beo i gcatagóir Gradam na gCathracha Cliste agus na Forbartha Uirbí.
- D’óstáil muid roinnt údarás áitiúil agus comhlachtaí poiblí a thug cuairt ar DLRD chun eolas a roinnt agus ár dtionscadail a fheiceáil.
- Reáchtáladh imeacht bliantúil Seachtain na Rothar laistigh de DLRD.
- Ó 2020 i leith, seachadadh 22km d’uasghráduithe cosán, 74km d’uasghráduithe ar áiseanna rothaíochta nua scartha agus atá ann cheana féin, 87 uasghrádú acomhail, 15 trasrian coisithe / trasrian síogach nua, 686 seastán rothaíochta nua agus 22 stad bus nua.
- In 2024, rinneadh 5.8km d’uasghráduithe cosán, 6.3km de bhonneagar rothaíochta nua, 27 trasrian nua, 16 stad bus nua, 6.8km2 de phlandáil nua lena n-áirítear bearta SUDS

Críochnaíodh tógáil na dtionscadal seo a leanas sa bhliain 2024

- Bóthar Ghráinseach an Déin.
- Bóthar Ghleann na gCaorach Uachtar.
- Bóthar Pháirc Stigh Lorgan.
- Grá dár Lánaí Chéide an Phiarsaigh.

- Sráideanna sábháilte agus ciúine Pháirc na Mara.
- Feabhsuithe ar Bhealach Isteach Pháirc na bhFianna.

Cuireadh tús le tógáil na dtionscadal seo a leanas in 2024

- Oibreacha nasc Tardhroichead COBÁC.

Tá tógáil na dtionscadal seo a leanas le tosú in 2025

- Scéim Taistil Ghníomhaigh Lár Dhún Laoghaire.
- Bealaí Rothar Cheantar Gnó Áth an Ghainimh.
- Scéim Feabhsúcháin Lána Rothar Bhóthar Bhaile na Lobhar.
- Sráideanna Beo na Carraige Duibhe.
- Sráideanna Beo Dhún Laoghaire.
- Bealaí Sábháilte chun na Scoile (Babhta 1 – Scoil Náisiúnta Dhún Carúin, An Charraig Dhubh).
- Bealaí Sábháilte chun na Scoile (Babhta 1 – Scoil Náisiúnta na Croise Naofa, Dún Droma).
- Bealaí Sábháilte chun na Scoile (Babhta 1 – Scoil Náisiúnta an Teaghlaigh Naofa).
- Bealaí Sábháilte chun na Scoile (Babhta 1 – Scoil Náisiúnta cailíní Naomh Pádraig. Páirc an Chuilinn).
- Bealaí Sábháilte chun na Scoile (Babhta 1 – Scoil Harold, Glas Tuathail).

Críochnaíodh na tionscadail seo a leanas rannpháirtíocht phoiblí in 2024

- Coill na Silíní go Ráth Mhichíl (Alt 38 den Acht um Thrácht ar Bhóithre).
- Glasbhealach na Dothra (Alt 38 den Acht um Thrácht ar Bhóithre).
- Sráideanna Beo Dhún Laoghaire (Cuid 8).

Tá na tionscadail seo a leanas le dul chun cinn chuig pleanáil in 2025

- Nascóir Taistil Ghníomhaigh DLRD.
- Bóthar na Gráinsí agus Ascaill Bhaile an tSaoir (Alt 38 den Acht um Thrácht ar Bhóithre).
- Glasbhealach Pháirc Chábán tSíle (Cuid 8).

Ionad Oibríochtaí Bhaile Uí Ógáin

Is i Stáisiún Oibríochtaí Bhaile Uí Ógáin atá foireann lasmuigh bóithre, glantacháin, uisce agus titheochta lonnaithe. Ní mór don stóras a bheith ar fáil 24/7, 365 lá sa bhliain, agus fanacht ar oscailt i gcásanna éigeandála amhail stailceanna, COVID, príomhlíonraí uisce pléasctha, tuilte agus stoirmeacha. Chuir stoirm Éowyn le déanaí ullmhacht agus athléimneacht na n-áiseanna i leith na haeráide faoi thástáil. Ní mór creidiúint a thabhairt don fhoireann lasmuigh a d'oibrigh i gcúinsí deacra chun an t-ionad oibríochta, na stórais agus an stóras a choinneáil ar oscailt ionas go bhféadfaí seirbhísí riachtanacha a sholáthar.

Ceannaíonn agus eisiíonn an siopa ag an stóras stoc do ranna DLRD, Uisce Éireann agus conraitheoirí tráchta bóthair. Tá stiúrthóir an Stáisiúin freagrach as uasghráduithe ar an stóras agus as a chinntiú go bhfuil trealamh agus gléasra don stóras deimhnithe agus seirbhísithe i gcomhréir le rialacháin HSA, agus reachtaíocht SUDS. Ina theannta sin, ba é Baile Uí Ógáin ceann de na chéad láithreacha DLRD a fuair grianphainéil fhótavoltacha suiteáilte le linn 2024. Cabhróidh sé seo linn ár spriocanna dícharbónaithe de 51% faoi 2030 agus 100% faoi 2050 a bhaint amach.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2024

- Suiteáladh dhá chéim eile de ghrianphainéil fhótavoltacha mar chuid de chlár athchóirithe fuinnimh na Seirbhísí Corparáideacha. Is é 165,000 kWh/bliain an ghiniúint



gréine a bhfuiltear ag súil leis ag Ionad Oibríochtaí Bhaile Ógáin anois. Ba é 403,600 kWh/bliain an úsáid leictreachais réamhthionscadail (2019). Táthar ag súil go mbeidh an t-ionad neamhspleách ó thaobh fuinnimh de den chuid is mó le linn mhíonna an tsamhraidh.

- Forbraíodh córas fardail stoic scamallbhunaithe TF nua agus tugadh i bhfeidhm é in 2024. Feabhsóidh an córas seo oibriú na stórtha go mór agus cuirfidh sé trédhearcacht fheabhsaithe ar fáil maidir le tuairisciú buiséid amach anseo.
- Tá plean á fhorbairt anois chun an stóras a leathnú in 2025 chun limistéar nua a chruthú don chabhlach cothabhála bóithre, scioból salainn nua agus sáithitheoir sáile chun críocha oibríochtaí greanadh bóthair. Ceadáionn sé seo spás a shaoradh sa stóras chun críocha eile amhail spás garáiste breise, seomra oiliúna, agus seomraí feistis. Is é an dáta críochnaithe measta ná R1 2026.

Trácht agus Sábháilteacht ar Bhóithre

I measc phríomhghníomhaíochtaí na Rannóige Trácht agus Sábháilteachta Bóithre tá:

- Dearadh, tógáil agus uasghrádú líonra bóithre DLRD.
- Bainistíocht trácht agus sábháilteacht bóithre.
- Bainistíocht an chórais soilse trácht (SCATS).
- Comharthaíochta agus Líneáil Reachtúil a Sholáthar.
- Soláthar agus uasghrádú áiseanna do choisithe agus rothaithe agus feabhsú ar na háiseanna d'úsáideoirí bóithre maol-luaineachta agus d'úsáideoirí bóithre faoi mhíchumas.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2024

- Tháinig fo-dhlíthe speisialta maidir le teorainn luais do 2024 i bhfeidhm ar an 11 Samhain 2024. Fuarthas breis is 600 aighneacht de bhun comhairliúcháin phoiblí. Tógadh comharthaíocht ar fud an chontae in áiteanna ábhartha.
- Tá próiseas ABTA do Chill Tiarnáin/Gleann na Muc agus Tailte Theas an Ráschúrsa beagnach críochnaithe. Tá 2 dhréachtphlean lompair Áitiúil ullmhaithe do Chill Tiarnáin/Gleann na Muc agus Tailte Theas an Ráschúrsa araon.
- Scéimeanna Maolaithe Trácht críochnaithe ag Bailtíní Rollins/Páirc an Naigín agus Seanbhóthar Bhré, Cábán tSíle. Acomhal Comharthaíochta críochnaithe ag Páirc Frankfort, Dún Droma.
- Suiteáladh Trasrian Síogach ag Ascaill Ghort an tSrutháin, An Charraig Dhubh.
- Leanadh le bainistíocht na Seirbhíse Maor Scoile lena n-áirítear 73 fostaí buan agus 18 fostaí cúltaca.
- Suiteáladh 79 spás páirceála rothair i spásanna príobháideacha agus poiblí.
- Ghlac 1,849 dalta san iomlán i 36 scoil páirt sa chlár oiliúna rothaíochta Rothaíocht i gCeart le cúnamh ó DLRD.
- I gcomhar leis an nGarda Síochána mar chuid den Ghrúpa Comhairleach Trácht, phléigh foireann Trácht agus Sábháilteachta Bóithre le 282 iarratas ar líneáil agus comharthaíocht reachtúil in 2024.

Rialú Páirceála Íoctha

Cuireann an Chomhairle, trína Chonraitheoir Forfheidhmithe Páirceála tiomnaithe, seirbhís forfheidhmithe páirceála ar fáil agus béim á leagan ar an tseirbhís a úsáid chun sreabhadh réidh trácht a choinneáil agus chun a chinntiú go gcomhlíontar Fho-dhlíthe Rialaithe Páirceála Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin 2020. Is príomhchuspóir den tseirbhís a chinntiú go ndéantar spásanna páirceála a láimhseáil, go háirithe laistigh de cheantair lár an bhaile, chun tacú le gnólachtaí áitiúla agus chun inrochtaineacht a chinntiú do chuairteoirí agus do chónaitheoirí araon.

Riarann an Rannóg Páirceála Íoctha scéim ceadanna páirceála cónaithe i limistéir pháirceála íoctha, ag tabhairt deis do chónaitheoirí incháilithe ceadanna bliantúla agus ceadanna cuairteoirí a cheannach dá n-aíonna.

Oibríonn an rannóg go dlúth freisin le Ranna eile laistigh de DLRD, soláthraithe fónais agus oibreoirí príobháideacha, chun bána páirceála íoctha a chur ar fionraí d'fhonn tionscadail riachtanacha cothabhála bóithre agus tógála laistigh den Chontae a éascú.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2024

- Eisíodh 3,407 Cead Cónaitheoirí.
- Tugadh isteach páirceáil gan airgead tirim i dhá shuíomh eile. Tá 20 crios gan airgead tirim sa Chontae anois.
- Tá 4 chlub gluaisteán ag feidhmiú i gceantar Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus 82 cead eisthe d'fheithiclí clubanna gluaisteán san iomlán.
- Bhí 67% de na hidirbhearta uile maidir le Muirear Páirceála gan airgead tirim.
- Eisíodh 44,761 Cead Cuairteora.

Bainistíocht Flít

Tá an Rannóg Bainistíochta Flít freagrach as bainistíocht laethúil an gharáiste agus 315 feithicil flít. Áirítear leis seo:

- Comhlíonadh RSA agus reachtaíocht um thrácht ar bhóithre a chinntiú; árachas, cáin ghluaisteáin, clárú feithicilí, NCTanna.
- Feithicilí a fháil trí chomhaontuithe ceannaigh, fruilithe agus léasa; mar feithicilí leictreacha, HVO agus innill díosail nua atá níos éifeachtúla sa chás gur féidir faoi réir an bhonneagair.
- Tástáil feithicilí (CVRTS), seirbhísiú, agus deisiúcháin.
- Briseadh seanfhílít, flít caite.
- Cliseadh - cinntiú go bhfuil meicneoirí ar fáil 24/7 i gcás éigeandála / cliseadh.
- Brandáil feithicilí.
- Bainistíocht ar ardán áirithinte EV mymobilityhub do linn feithicilí EV lena n-áirítear oiliúint foirne feithicilí EV.
- Bainistíocht ar chóras GPS, lena n-áirítear; Suiteálacha GPS, soláthar tuarascálacha éagsúla do bhainisteoirí líne maidir le díomhaointeas, lasmuigh d'uaireanta oibre, luasghéarú, lasmuigh den teorainn.
- An clár náisiúnta flít a chothabháil.
- Bainistiú ar chóras cártaí breosla le haghaidh breosla flít, lena n-áirítear díosal agus HVO – tuairisciú ar chaitheamh don fhoireann fuinnimh.

- Bainistiú an chuntais Ríomhdhola.
- Soláthar agus seachadadh oiliúna tiománaithe le haghaidh Seiceálacha Siúil Timpeall.
- Bainistiú cásanna árachais agus éileamh ar an bhflít.
- Eagrú ceachtanna tiomána do gach roinn, ceadúnas B, ceadúnas C mar shampla.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2024

- Laghdú ar líon na bhfeithiclí ar cíos sa Fhlít.
- Tabhairt isteach HVO (Ola Glasraí arna Chóireáil le Hidrigin) sa Fhlít. Tá 21 feithicil ag DLRD anois ag rith ar HVO.
- Baint agus díchoimisiúnú 14 fheithicil díosail níos sine. (B'fhéidir le bronnadh ar an obair fóirithinte san Úcráin).
- 3 umar 5000 lítear do HVO i mbun oibríochta ag Baile Uí Ógáin, An Cé agus Páirc Mharlaí.

Gníomhaíochtaí atá beartaithe do 2025

- An flít a uasghrádú go feithiclí níos nua-aimseartha.
- Tús a chur le triail a bhaint as Feithicilí Leictreacha (EVanna) 3.5 Tonna agus 7.5 Tonna le húsáid ag ár bhfoirne lasmuigh.
- Tionscadal a thionscnamh chun athbhreithniú a dhéanamh ar bhonneagar luchtaithe EV ag Stáisiún Bhaile Uí Ógáin agus ar fud na heagraíochta.
- Méadair luchtaithe cliste a thabhairt isteach ag Halla an Bhaile, Dún Laoghaire.
- Aistriú chuig réitigh níos inbhuanaithe (EV agus HVO) maidir leis an bhflít ar cíos, agus oibriú i dtreo laghdú foriomlán ar ár Lorg Carbóin.

Cothabháil Bóithre

Coinníonn an Rannóg Cothabhála Bóithre líonra de thart ar 823km de bhóithre agus thart ar 1,400km de chosáin. Déanann an Rannóg réimse leathan oibreacha cothabhála, lena n-áirítear athdhromchlú bóithre, cláir cosán, cothabháil droichead agus struchtúr, deisiúcháin draenála agus altán, cothabháil raonta rothaíochta agus cláir um oibreacha inrochtana, i measc oibreacha eile. Próiseálann an rannóg éilimh árachais, iarratais



faire comharsanachta, fógraí um ghearradh fáлта agus iarratais ar mionathrú cosáin freisin.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2024

- €3.1 milliún i maoiniú Bhonneagar Iompair Éireann (TII) don chéim dheireanach d'athdhromchlú an N11 ó Bhaile Uí Lachnáin go Cúirt Choirnéil (isteach).
- €1.8 milliún i maoiniú ÚNI do Scéim Taistil Gníomhaigh Uachtarach Bhóthar Ghleann na gCaorach chun cur le scéimeanna Feabhsúcháin Bóithre, Cosán, Rotharbhealaí agus Inrochtaineachta.
- Clár na gCosán: atógadh/athdhromchlaíodh fad cosáin de thart ar 11.1km ag foireann Chothabhála Bóithre DLRD agus foireann ar conradh.
- Clár Phríomhoibreacha Athdhromchlaithe Bóthair (Clár na mBóithre) athdhromchlú bóthair de thart ar 13.5km.
- Clár Athdhromchlaithe Bóthair Mionoibreacha (Clár Paisteála) - rinneadh fad bóthair thart ar 4km a atógáil/athdhromchlú.
- Rinneadh oibreacha paisteála inbhuanaithe ar 2,500 méadar cearnach de bhóithre ar fud an Chontae.
- Rinneadh oibreacha suntasacha draenála agus deisiúcháin sílteán ag thart ar 30 suíomh.
- Críochnaíodh athdhromchlú fairsing agus uasghráduithe cosáin i 2 shuíomh de chuid Fhóram Bainistíochta Eastáit.
- Cuireadh feabhsuithe inrochtaineachta i bhfeidhm ag 3 shuíomh.
- Oibreacha Droichid – Séalú deic agus dromchla frithshleamhnaithe curtha i bhfeidhm ar 2 dhroichead coisithe thar an sean-N11 (débhealach).

Rialú Bóithre

Tá an tAonad um Rialú Bóithre freagrach as rialú agus bainistíocht Oibreacha Bóthair ar fud an Chontae. Próiseálann an rannóg ceadúnais alt 254 freisin, iarratais ar cheadanna dromchla lena n-áirítear ceadanna le haghaidh carnadh, scafall, scipeanna bruscair agus ualaí neamhghnácha agus sa chéim dheireanach den chlár athchóirithe buan, oibreacha deisiúcháin thar ceann Uisce Éireann faoi chomhaontú leibhéal seirbhíse.

Déanann an t-aonad oibreacha athchóirithe ar na bóithre agus na cosáin atá meathlaithe go díreach mar gheall ar oibreacha forbartha fónais nó príobháidí trí úsáid a bhaint as muirir 'tionchair fhadtéarmaigh' a bhailítear ó na ceadúnais oscailte bóithre.

Déanann foireann Rialú Bóithre iarracht feabhas a chur ar chaighdeán na mbóithre agus na gcosán trí chomhaontú faoin athchóiriú is tairbhiúla a theastaíonn tar éis aon oibreacha tochailte.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2024

- Leathnú na Foirne um Rialú Bóithre chun cabhrú leis an obair bhreise a eascraíonn as Uisce Éireann a bheith ina údarás láncheadúnaithe in 2024, agus chun líon na gcigireachtaí atá á ndéanamh ar oibreacha láithreáin a mhéadú.
- Próiseáladh 24 iarratas ar cheadúnas Alt 254.
- Próiseáladh agus deonaíodh 846 iarratas.
- Próiseáladh 758 ceadúnas go Deimhniú T.5.

- Críochnaíodh níos mó ná 300 athchóiriú Uisce Éireann.
- Próiseáladh agus deonaíodh 185 iarratas ar dhromchla agus ar chláir.
- Críochnaíodh obair dheisiúcháin agus athchóiriú iomlán ar Bhóthar Fhearann na Scéimhe tar éis oibreacha athshlánúcháin phríomhlíonra uisce Uisce Éireann.
- Críochnaíodh oibreacha athchóirithe bóthair coincreíte iomlána ag Corrán Chluain Caoin as Bóthar na Potaireachta tar éis oibreacha BSL.
- Athchóiriú iomlán bóthair ar Bhóthar Ghleanntán na Raithní, Bóthar Bhaile Maine agus cuid mhór de Bóthar Chnoc na Sceiche tar éis na n-oibreacha críochnaithe.

Soilsiú Poiblí

Glacann an Rannóg Soilsithe Poiblí freagracht as an mbonneagar soilsithe go léir ar bhóithre, lánaí, cosáin agus páirceanna atá faoi rialú DLRD agus atá inrochtana ag an bpobal 24 uair sa lá, agus déanann siad é a shuiteáil, a oibriú, a mhonatóiriú, a dheisiú, a uasghrádú agus a chothabháil. Suiteálaimid, oibrímid agus déanaimid cothabháil ar thrialacha ar aonaid luchtaithe EV atá suite ar cholún soilsithe, WiFi atá inrochtana ag an bpobal agus braiteoirí monatóireachta comhshaoil don ÚNI, don TII agus don GCC. Táimid ag obair chun riachtanais fuinnimh a laghdú agus an timpeallacht soilsithe a chothabháil agus a fheabhsú do gach úsáideoir agus iad a choinneáil laistigh de chaighdeán agus treoirlínte soilsithe. Táimid ag obair le teicneolaíochtaí SMART agus córais fuinnimh in-athnuaite chun oibreacha i dtreo Glan-Nialas úsáid fuinnimh faoi 2050 a chumasú.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2024

- Torthaí bliana iomláine ar shuiteáil soilsiú sráide Glan-Nialas (Fuinneamh) Carbóin in Éirinn, léiríonn na torthaí go bhfuil giniúint mhaith fuinnimh ann ach nach bhfuil go leor ann chun freastal ar riachtanais iomlána fuinnimh.
- Suiteáil 936 lampa LED.
- Suiteáil 2 luchtaithe breise d'fheithiclí leictreacha.
- Laghdú 3.5% ar an bhfuinneamh a úsáidtear, agus breis is 100 solas breise agus an fuinneamh a úsáideann na luchtairí breise d'fheithiclí leictreacha á shuiteáil agus á ghlacadh i gcúram. Tá laghdú fuinnimh os cionn 70% bainte amach againn ó 2009.
- Suiteáil soilsiú maisiúil nua breise i Saint Helens Wood chun limistéir dhorcha laistigh den eastát a lasadh.

Glanadh agus Tránna

Soláthraíonn an Rannóg Glantacháin agus Tránna seirbhísí atá dírithe ar ghlanadh bóithre agus láithreacha poiblí agus cothabháil tránna agus cuanta. Cuireann an rannóg réimse leathan seirbhísí ar fáil, lena n-áirítear:

- Bóithre, cosáin, lánaí agus raonta rothaíocht a ghlanadh.
- Bainistíocht ar sheirbhís na n-araidí bruscair sráide.
- Cothabháil ar 22,000 silteán.
- Seirbhís práinnfhreagartha ar thuilte a sholáthar.
- Dumpáil agus bruscar a ghlanadh.
- Bainistíocht 2 ionad athchúrsála agus bainc buidéal ar fud an chontae.

- Rialú fiailí ar fud an chontae.
- Bainistíocht tránna, cuanta agus limistéar snámha, lena n-áirítear soláthar Gardaí Tarrthála agus Bratacha Gorma.
- Monatóireacht agus Tuairisciú a dhéanamh ar Cháilíocht an Uisce Snámha.
- Bainistiú ceadúnas scannánaíochta agus imeachtaí.
- Bainistiú ar cheadanna feistithe do Chuan na Coille Móire.
- Leithris phoiblí a bhainistiú.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2024

- Rinneadh seirbhísíú agus cothabháil ar thart ar 450 Bosca Bruscair Móra ar fud an Chontae.
- Críochnaíodh 30 Glanadh Domhain i 16 bhaile/sráidbhaile.
- Tionscadail Ghlantacháin ar Bhóthar an N11 agus Wyattville.
- Rinneadh gortghlanadh séasúrach fairsing ar fud an Chontae.
- Bainistiú rathúil ar shéasúr snámha dúshlánach.
- Coinníodh stádas Bhrat Gorm ag Rinn na Mara agus Cill Iníon Léinín agus cuireadh gníomhaíochtaí oideachais comhshaoil chun cinn.
- Earcaíodh Gardaí Tarrthála séasúrach do Rinn na Mara, do Chuas an Ghainimh agus do Thrá Chill Iníon Léinín.
- Coinníodh Baoithe Marcála do shnámhóirí ag na láithreacha snámha ag Rinn na Mara, Folcadáin Dhún Laoghaire, Cladach an Daichead Troigh, Trá Chuas an Ghainimh agus Trá Chill Iníon Léinín.
- Rinneadh thart ar 61,571 bailiúchán de bhoscaí bruscair sráide.
- Ceannaíodh thart ar 12 bhosca bruscair móra nua.
- Tugadh tacaíocht d'os cionn 776 glantachán deonacha.
- Glanadh thart ar 12,653 silteán.
- Bailíodh 3198.84 tonna Bruscar.
- Bainistíodh 180 teagmhas dumpála.
- Bainistíodh 14 eachtra truaillithe.
- Bailíodh 326 ainmhí marbh.
- I gcomhar leis an gComhpháirtíocht Spóirt cuireadh áis cithfholcadh nua lasmuigh ag Cladach an Daichead Troigh ar fáil.

Cosaint an Chósta

Leanann an Chomhairle ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar chreimeadh cósta ag príomhshuímh feadh an chósta, arb eol go bhfuil siad i mbaol creimthe mar gheall ar a geolaíocht agus a gcineál ithreach. Tá na príomhshuímh ó dheas de Thrá Chill Iníon Léinín chomh fada le teorainn DLRD ag Bré.

Na Príomhrudaí a Baineadh Amach in 2024

- Rinneadh monatóireacht leanúnach ar an méid creimthe a bhí ag tarlú ag príomhshuíomhanna ar feadh imeallbhord DLRD.
- Cuireadh tús le nuashonrú na Straitéise Cosanta Cósta agus tá sé le bheith críochnaithe go luath in 2025.
- Críochnaíodh deisiúcháin ardáin choincreíte chladaigh farraige na Carraige Duibhe.
- Cuireadh tús le hobair deisiúcháin choincreíte leasúcháin ar an ardán ag Rinn na Mara agus ar chéimeanna rochtana 2 agus 3. Críochnófar oibreacha deisiúcháin R1 2025.

The background is a collage of geometric shapes. In the top left, there's a large orange square. To its right is a teal triangle. Below the orange square is a teal square. To the right of that is a yellow triangle. Further right is a teal square containing a stylized graphic of four overlapping, curved, light blue shapes. The bottom half of the image is a solid teal band.

ROINN NA SEIRBHÍSÍ DLÍ

ROINN NA SEIRBHÍSÍ DLÍ

In 2024, thacaigh an Roinn Seirbhísí Dlí leis an bhFeidhmeannas i seachadadh seirbhísí de réir a ráitis mhisin mar seo a leanas:

“Seirbhísí dlí éifeachtacha éifeachtúla freagrúla a chur ar fáil dár gcliaint, tacaíocht a thabhairt dár gcliaint chun torthaí éifeachtacha a sholáthar, ról gníomhach a imirt chun riosca dlí a aithint agus a bhainistiú, faisnéis agus saineolas a roinnt lenár gcliaint.”

Phléigh an Roinn Dlí le treoracha agus iarratais ar chomhairle ón bhFeidhmeannas sna réimsí seo a leanas:

- Comhairleach: Comhairle dlí don Fhoireann Cheannaireachta agus d’fhoireann na Comhairle maidir le feidhmeanna DLRD faoi na Reachtanna éagsúla a bhaineann le Rialtas Áitiúil.
- Réadmhaoin agus talamh: Éadail agus diúscairt réadmhaoin agus talún, comhairle, léasú feabhsaithe, léasanna agus ceadúnais, ceannach ag tionóntaí, iasachtaí na Comhairle, comhaontuithe Cuid V agus ceadanna slí.
- Athbhreithniú breithiúnach ar chinntí riaracháin.
- Réiteach díospóidí lena n-áirítear díospóidí foirgníochta (idirbheartaíocht, idirghabháil, comhréiteach).
- Conarthaí tráchtála.
- Forfheidhmiú rialála – forfheidhmiú pleanála agus bruscair.
- Dlíthíocht shibhialta.
- Aisghabháil rátaí agus bailiú fiachais.
- Rialachas Corparáideach.
- Saoráil Faisnéise.

The background is a complex geometric composition. The top-left corner features a large orange circle. The top-right corner is a light blue triangle. The middle-left section is a teal square. The middle-right section is a teal square containing a yellow triangle and a series of light blue curved lines. The bottom half of the image is a solid teal band containing the text 'AGUISÍN'. The bottom-right corner is a teal square.

AGUISÍN

Ráiteas ar Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe) amhail ar an 31 Nollaig 2024

	Nótaí	2024 €	2023 €
Sócmhainní Seasta	1		
Oibríochtúil		1,654,488,489	1,559,788,608
Infreastruchtúr		1,755,641,275	1,760,863,357
Pobal		66,033,259	66,767,307
Neamhoibríochtúil		119,495,434	100,985,287
		3,595,658,457	3,488,404,559
Obair idir Lámha agus Réamhchostais	2	181,719,019	87,608,491
Féichiúnaithe Fadtéarmacha	3	214,262,926	194,813,153
Sócmhainní Reatha			
Stoc	4	971,851	1,128,009
Féichiúnaithe Trádála agus Réamhíocaíochtaí	5	158,484,064	85,172,544
Infheistíochtaí Bainc		261,244,100	329,084,402
Airgead tirim ag an mBanc		1,557,925	2,541,495
Airgead Tirim faoi Bhealach		125,254	366,532
		422,383,194	418,292,984
Dliteanais Reatha			
Rótharraingt Bainc		-	-
Creidiúnaithe agus Fabhruithe	6	102,882,560	105,203,314
Léasanna Airgeadais		-	-
		102,882,560	105,203,314
Glansócmhainní / (Dliteanais) reatha		319,500,634	313,089,669
Creidiúnaithe (Méideanna níos mó ná bliain amháin)			
Iasachtaí Iníoctha	7	86,058,015	92,008,761
Léasanna Airgeadais		-	-
Éarlaisí In-aisíoctha	8	47,886,847	44,714,581
Eile		138,157,309	115,133,597
		272,102,171	251,856,938
Glansócmhainní / (Dliteanais)		4,039,038,865	3,832,058,934
Arna Léiriú ag			
Caipitliú	9	3,595,658,457	3,488,404,559
Ioncam maidir le hObair idir Lámha	2	167,351,133	79,691,028
Cúlchiste Ioncaim Ginearálta		8,967,053	8,930,297
Cúlchiste Eile		12,033,190	12,033,190
Iarmhéideanna Eile	10	255,029,032	242,999,861
Cúlchiste Iomlán		4,039,038,865	3,832,058,934

Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach (Ráiteas Cuntais ar Ioncam agus Caiteachas) don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

Tugann an Ráiteas Cuntais um Ioncaim agus Caiteachas le chéile an t-ioncam ar fad a bhaineann le hioncam agus caiteachas. Léiríonn sé an barrachas/(easnamh) don bhliain. Leithdháileann Nóta 16 aistrithe de réir rannán seirbhíse, san fhormáid chéanna is atá i dTábla A den bhuiséad Údaráis Áitiúil a glacadh.

	Nóta	Ollchaiteachas 2024 €	Ioncam 2024 €	Glanchaiteachas 2024 €	Glanchaiteachas 2023 €
Caiteachas de réir Rannáin					
Tithíocht agus Foirgníocht		86,308,001	77,408,488	8,899,513	6,164,259
Bóithre, Iompar agus Sábháilteacht		32,506,613	12,939,925	19,566,689	18,118,896
Seirbhísí Uisce		10,856,975	7,716,650	3,140,326	4,359,879
Bainistíocht Forbartha		53,479,956	33,288,731	20,191,225	20,292,744
Seirbhísí Comhshaoil		36,844,398	6,441,623	30,402,775	26,541,452
Áineas agus Taitneamhacht		43,089,264	6,922,040	36,167,224	32,106,851
Talmhaíocht. Oideachas, Sláinte agus Leas		5,970,133	5,126,416	843,717	(245,431)
Seirbhísí Ilchineálacha		9,676,910	19,882,737	(10,205,827)	(9,333,454)
Caiteachas/ioncam iomlán	15	278,732,249	169,726,609		
Glanchostas an Rannáin le cistiú ó Rátaí agus Cáin Mhaoine Áitiúil				109,005,640	98,005,197
Rátaí				108,090,530	98,360,737
Cáin Mhaoine Áitiúil				14,190,098	12,394,063
Barrachas/(Easnamh) don Bhliain roimh an Aistriú				13,274,989	12,749,603
Aistrithe ó/(chuig) an gCúlchiste	14			(13,238,232)	(12,694,886)
Barrachas/(Easnamh) Foriomlán don Bhliain	16			36,757	54,717
Cúlchiste Ginearálta amhail ar an 1 Eanáir				8,930,297	8,875,579
Cúlchiste Ginearálta amhail ar an 31 Nollaig				8,967,053	8,930,296

Ráiteas um Rialú Airgeadais Inmheánach (SIFC)

Intreoir

Is mise, Frank Curran, Príomhfheidhmeannach (PF) Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, agus tá mé freagrach as an ráiteas airgeadais bliantúil (AFS), arna ullmhú ag an Stiúrthóir Airgeadais, i gcomhréir leis an gcód cleachtais cuntasáíochta arna eisiúint ag an Aire faoi alt 107 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001.

Deimhním go bhfuil ráitis airgeadais Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2024, i gcomhréir leis na leabhar cuntais agus gur ullmhaíodh iad i gcomhréir le ceanglais chuntasaíochta Aire na Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus na hOidhreacht.

Tá an AFS faoi réir iniúchta seachtraigh, ag iniúcháir de chuid na Seirbhíse Iniúcháireachta Rialtais Áitiúil, a bhfuil sé mar aidhm aige tuairim neamhspleách a fhoirmiú ar na cuntais agus a rá an léiríonn an ráiteas airgeadais bliantúil staid airgeadais an údarais áitiúil agus a ioncam agus a chaiteachas don tréimhse

atá i gceist go cothrom, agus an gcomhlíonann idirbhearta an chomhlachta iniúchta an t-údarú reachtúil nó eile faoina n-éilítear gur cuireadh i gcrích iad.

Tuairiscíonn an Ráiteas Airgeadais ar ghníomhaíocht laethúil Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin i bhfoirm an Ráitis Ioncaim agus Caiteachais Chuimsitheach, achoimrithe de réir Rannóige. Leagann an Ráiteas um Staid Airgeadais amach staid airgeadais fhoriomlán Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin amhail an 31 Nollaig 2024.

Léiríonn an Ráiteas Ioncaim Chuimsitheach caiteachas agus ioncam ar reachtáil laethúil Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.

Is iad seo a leanas príomhfhoinsí ioncaim Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin:

	An bhliain reatha €	An bhliain roimhe sin €
Earraí agus Seirbhísí	58,490,860	57,493,737
Deontais agus Fóirdheontais	108,675,492	80,091,323
Ranníocaíochtaí Eile	-	-
Rátaí	108,090,530	98,360,737
Cáin Mhaoine Áitiúil	14,190,098	12,394,063

Seo a leanas an ghníomhaíocht ar an gcuntas ioncaim agus Caiteachais do 2024:

	An bhliain reatha €	An bhliain roimhe sin €
Ioncam	294,681,921	254,119,088
Caiteachas	278,732,249	239,993,147
Aistrithe chuig Caipiteal	15,912,915	14,071,224
Mír Eisceachtúil	-	-
Barrachas/(Easnamh) do	36,757	54,717
Coigeartú na Bliana Roimhe Seo	-	-
Cúlchiste Ioncaim Oscailte	8,930,296	8,875,579
Cúlchiste Ioncaim Deiridh	8,967,053	8,930,296

Leiríonn an Raiteas ar an Staid Airgeadais (Clar Comhardaithe) gníomhaíocht airgeadais iomlán na comhairle don bhliain mar aon le figiúirí comparaideacha bliana de reir mar is iomchuí.

Airítear sa raiteas socmhainní agus dliteanais mar seo a leanas:

- Sócmhainní a tógadh/a ceannaíodh le déanaí agus sócmhainní stairiúla
- Obair idir lámha agus scéimeanna réamhchéime - go príomha bóithre agus tithíocht
- Féichiúnaithe Fadtéarmacha - iasachtaí tithíochta

- Sócmhainní Reatha - lena n-áirítear Stoc, Féichiúnaithe, Airgead Tirim sa bhanc
- Dlíteanais reatha agus fadtéarmacha - iasachtaí morgáiste agus neamh-mhorgáiste
- Cúlchistí/larmhéideanna Éagsúla

Is ionann Glan-Socmhainní Chomhairle Contae Dhun Laoghaire-Rath an Duin ag deireadh 2024 agus €4,039,038,865 agus seo a leanas iad:

	An bhliain reatha	An bhliain roimhe sin
	€	€
Sócmhainní Seasta	3,595,658,457	3,488,404,559
Oibreacha ar Siúl	181,719,019	87,608,491
Féichiúnaithe Fadtéarmacha	214,262,926	194,813,153
Sócmhainní Reatha	422,383,194	418,292,984
Dlíteanais Reatha	102,882,560	105,203,314
Sócmhainní Reatha Glan/(Dlíteanais)	319,500,634	313,089,669
Creidiúnaithe (Suimeanna níos mó ná 1 bhliain)	272,102,171	251,856,938
Glansócmhainní/(Dlíteanais)	4,039,038,865	3,832,058,934

Tugadh isteach *Ráiteas ar Shreabhadh Cistí* mar chuid de AFS 2011. Cé gur leanadh treoir Chaighdeán Cuntasaíochta Idirnáisiúnta 7 *Ráiteas ar Shreabhadh Airgid*, tá difríocht mhór idir gnó na n-údarás áitiúil agus gnó fhormhór na n-eagraíochtaí san earnáil phríobháideach. Dá bhrí sin, comhaontaíodh roinnt mionathruithe ar an bhformáid chun a áirithiú go mbeadh brí leis na sonraí atá ar taispeáint agus go mbeidís úsáideach laistigh d’earnáil an rialtais áitiúil.

Córas Rialuithe Airgeadais Inmheánacha

Mar Phríomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, admhaím m’fhreagracht as a chinntiú go gcoimeádtar agus go n-oibrítear córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh ag Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil do Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú iomlán a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbhearta údaraithe agus taifeadta i gceart, agus go gcoiscítear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus coimeádtar an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Mar Phríomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialaithe airgeadais i bhfeidhm ina bhfuil na heilimintí seo a leanas:

- Tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta lena mbaineann cuntasacht chomhfhreagrach.
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann a dhéanann athbhreithniú rialta ar an gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh mar chuid dá chlár oibre.
- Tá nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó doiciméadaithe.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Smachta Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta

Mar Phríomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, dearbhaím go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmलगin agus cuntasachta agus, go háirithe, go bhfuil:

- taifead déanta ar nósanna imeachta um próisis ghnó lárnacha
- córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- córais i bhfeidhm chun sócmhainní an údaráis áitiúil a chosaint agus

- treoirilínte iomchuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal i bhfeidhm.

Comhlíonadh soláthair

Cinntíonn Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin go bhfuil fócas cuí agus leanúnach ar dhea-chleachtas i dtairiscint agus i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar na treoirilínte soláthair ábhartha go léir.

Iniúchadh Inmheánach agus an Coiste Iniúcháireachta

Mar Phríomhfheidhmeannach, is féidir liom a dhearbhu go bhfuil feidhm iniúcháireachta inmheánaí ag Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin le pearsanra atá oile go cuí, a oibríonn de réir cairte scríofa. Tá a cuid oibre bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin nochta dóibh agus tá a pleananna iniúcháireachta inmheánaí bliantúla bunaithe ar an anailís seo. Táim sásta go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéantar obair leantach ar thuairiscí na feidhme iniúcháireachta inmheánaí.

Is féidir liom a dhearbhu go bhfuil coiste iniúcháireachta éifeachtach ag Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin a dhéanann athbhreithniú bliantúil ar a ngníomhaíochtaí. Is féidir liom a dhearbhu freisin go bhfuil Coiste Iniúcháireachta i bhfeidhm de réir cheanglais Alt 122 d'Acht Rialtais Áitiúil 2001 (arna leasú).

Is iad seo a leanas feidhmeanna reachtúla na gcoistí iniúcháireachta mar a leagtar amach in alt 59 agus 60 d'Acht Athchóirithe Rialtais Áitiúil 2014:

- I. cleachtais agus nósanna imeachta tuairiscithe airgeadais agus buiséadacha a athbhreithniú laistigh den údarás áitiúil a bhunaigh é;
- II. forbairt dea-chleachtais a chothú i bhfeidhmiú a fheidhme iniúcháireachta inmheánaí ag an údarás áitiúil;
- III. athbhreithniú a dhéanamh ar aon ráiteas airgeadais iniúchta, tuarascáil iniúchóra nó tuarascáil speisialta iniúchóra i ndáil leis an údarás áitiúil agus measúnú a dhéanamh ar aon ghníomhartha a rinne a phríomhfheidhmeannach laistigh den údarás sin mar fhreagra ar ráiteas nó tuarascáil den sórt sin agus tuairisc a thabhairt don údarás sin ar a thorthaí;
- IV. éifeachtúlacht agus luach ar airgead a mheas agus a chur chun cinn maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna ag an údarás áitiúil; agus
- V. chun athbhreithniú a dhéanamh ar chórais a oibríonn an t-údarás áitiúil chun rioscaí a bhainistiú.

Tuigim go bhfuil ról ríthábhachtach ag an gcoiste iniúcháireachta i gcreat rialachais na n-údarás áitiúil, go háirithe i gcomhthéacs cuntasacht mhéadaithe na hearnála poiblí. Tá ról neamhspleách acu maidir le comhairle a chur ar an gComhairle maidir le próisis tuairiscithe airgeadais, rialú inmheánach, bainistíocht riosca agus cúrsaí iniúcháireachta mar chuid den athbhreithniú córasach ar thimpeallacht rialaithe agus nósanna imeachta rialachais an údaráis áitiúil.

Aithním ról an Choiste Iniúcháireachta sa phróiseas bainistíochta riosca agus san athbhreithniú leanúnach ar thimpeallacht rialaithe agus nósanna imeachta rialachais i gComhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin a shainaithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, iad a mhaolú.

Tá clár riosca corparáideach i bhfeidhm a shainaithníonn na príomhrioscaí agus a dhéanann measúnú agus grádú orthu de réir a dtábhacht. Déanann an Fhoireann Bainistíochta athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár go rialta. Tá clár riosca i bhfeidhm freisin do gach rannóg seirbhíse agus déantar athbhreithniú agus nuashonrú orthu seo go rialta freisin.

Úsáidtear toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go mbainistítear rioscaí go leibhéal inghlactha. Tugann an clár riosca sonraí faoi na rialuithe agus na gníomhartha is gá chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagrachtaí as oibriú rialuithe do bhaill foirne ar leith.

Mar Phríomhfheidhmeannach, deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh a sainaithníodh a thuairisciú.

Beidh an Ráiteas um Rialú Airgeadais Inmheánach san áireamh sa dréacht-Tuarascáil Bhliantúil a chuirfear faoi bhráid chomhaltaí na Comhairle faoin 30 Aibreán 2025 agus ina dhiaidh sin san áireamh sa Tuarascáil Bhliantúil fhoilsithe a ullmhaíonn agus a ghlacfaidh an Chomhairle faoin 30 Meitheamh 2025.

Síniú:



Frank Curran
Príomhfheidhmeannach

Dar dáta:

15 Bealtaine 2025

AGUISÍN 1 - BAINISTÍOCHT FUINNIMH

Bainistíocht Fuinnimh agus Feasacht

Spreagann Roinn Ailtirí DLRD an clár oibre maidir le laghdú fuinnimh agus carbóin sa Chontae i réimse réimsí: bainistiú an Chórais Bainistíochta Fuinnimh ISO 50001 agus na Foirne Fuinnimh tras-rannacha ar fud na corparáide, monatóireacht agus feabhsú ar fheidhmíocht fuinnimh i bhfoirgnimh na Comhairle féin, sa fhlít agus sa soilsiú poiblí, agus dul i mbun oibre le geallsealbhóirí agus le ranna rialtais a bhaineann le foirgnimh atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de agus dícharbónú ar fud na gcóras teirmeach agus iompair. In 2009, bunaíodh Foireann Fuinnimh tras-rannach Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus ó 2017 i leith, tá deimhniú bliantúil ISO 50001 bainte amach ag DLRD.

In 2021, bunaíodh Coiste Aeráide ar dTús DLRD. Tá an Príomhfheidhmeannach mar chathaoirleach air, agus tá na Stiúrthóirí Seirbhíse agus an ardbhainistíocht sna ranna ábhartha ina mball den choiste. Tá maoirseacht acu ar straitéis dícharbónaithe DLRD agus ar phíblíne tionscadal éifeachtúlachta fuinnimh agus dícharbónaithe, lena n-áirítear tionscadail Pathfinder atá maoinithe ag ÚFIÉ, chun spriocanna na hearnála poiblí 2030 a bhaint amach.

Tá Plean Gníomhaíochta Aeráide DLRD, Plean Forbartha an Chontae, Plean Corparáideach, Beartas Fuinnimh agus Córas Bainistíochta Fuinnimh ISO 50001 ailínithe chun spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh agus dícharbónaithe a bhaint amach. Clúdaíonn an deimhniú ISO 50001 bainistíocht fuinnimh leictirigh, fuinnimh theirmigh, agus breoslaí eile i bhfoirgnimh phoiblí, soilsiú, agus iompar faoi smacht DLRD. Áirítear ar Úsáideoirí Suntasacha Fuinnimh (SEU) soilsiú poiblí, flít, agus foirgnimh. Tá ionadaithe ó gach SEU san áireamh sa Fhoireann Fuinnimh. Reáchtálann an eagraíocht tionscadail éagsúla éifeachtúlachta fuinnimh agus dícharbónaithe, chomh maith le tionscnaimh phoiblí, ghnó, ghairmiúla agus fhoirne.

B'imeacht suntasach é Cruinniú Mullaigh dhá lá na bhFoirgneamh Neodrach ó Thaobh Fuinnimh (ZEB) i mí Feabhra 2024, a tionóladh i gcomhpháirtíocht le MosArt. Bhí ceardlanna samhaltaithe fuinnimh le 110 duine i láthair ag an gcrúinniú mullaigh, agus comhdháil le 35 taispeántóir, 30 cainteoir, agus 450 duine i láthair. Tá ról rithábachtach ag Údarás Áitiúla i gcur chun cinn na forbartha inbhuanaithe, agus leag Cruinniú Mullaigh ZEB béim ar thiomantas DLRD do chleachtais tógála glasa. Méadaíonn cumarsáid agus imeachtaí rialta feasacht, ag spreagadh eagraíochtaí, gairmithe agus saoránaigh chun gníomhartha dícharbónaithe a dhéanamh.

Bhuaigh DLRD Gradam 'Fuinneamh i bhFoirgneamh' 2024 ÚFIÉ don tionscadal tithíochta sóisialta i gCearnóg Bhaile Uí Ógáin. Dearadh 67 teach nua atá tíosach ar fhuinneamh de réir chaighdeán Tí Éighníomhaigh agus RFFanna A1, ina raibh aerdhíonacht, insliú, painéil gréine PV, caidéal teasa, agus MVHR, chun billí fuinnimh ísle agus feabhas ar cháiliúocht an aeir faoi dhíon a chinntiú.

D'oibrigh Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus Clancy Construction le chéile in 2024 chun córas cumhachta hibrideach a phiolótú chun an carbóin a ghintear le linn chéim thógála fhorbairt árasán agus leabharlainne Pháirc Naomh

Labhras a laghdú. Tá 3 ghineadóir laghdaithe go ceann amháin mar gheall ar an gcóras Gineadóira Hibrideach agus ceallraí, rud a laghdaíonn an lorg carbóin 70%. Ba é an buntáiste breise a bhain leis an tionscadal seo ná laghdú ar thruailliú aeir agus torainn, chomh maith le laghdú ar fhoinsí breosla iontaise. Bhuaigh an coincheap seo gradam LAMA (Cumann Chomhaltai na nÚdarás Áitiúil) i mí Feabhra 2025, don Tionscnamh Fuinnimh Chliste is Fearr.

Bunaithe ar chóras Monatóireachta agus Tuairiscithe (MagusR) Údarás Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann (ÚFIÉ), d'fheabhsaigh Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin éifeachtúlacht fuinnimh 51% in 2023 i gcomparáid leis an mbunlíne in 2009. Bhí astaíochtaí fuinnimh DLRD in 2023 47.1% níos ísle ná bunlíne an mheáin 2016-2018 i gcomparáid le sprioc laghdaithe iomlán de 51% faoi 2030.

Mar sin féin, tá bearna shuntasach fós sna hastaíochtaí neamhleictreacha a bhaineann le teirmeach (téamh) agus iompar le laghdú 17.8% bainte amach in 2023 den sprioc laghdaithe 51% do 2030. Tá infheistíocht shuntasach ag teastáil chun laghdú iomlán 51% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach faoi 2030 agus chun ár spriocanna astaíochtaí carbóin glan-nialasach faoi 2050 a chomhlíonadh.

Gníomhaíochtaí a rinneadh in 2024

Rinne an rannóg Soilsíú Poiblí agus EV trialacha soilsiú poiblí hibrideach grianchumhachtaíthe, agus mar thoradh ar uasghráduithe ar shoilsíú sráide LED, tá soilse LED i 91% de shoilsíú sráide go léir. Tríd is tríd, baineadh amach coigilteas 70% ar fhuinneamh ó bhunlíne 2009. Tá breis is 300m de bhonneagar leictreach athruithe mar aon le 13 luchtair EV athbhunaithe agus ceangailte in 2024.

Fuair Leabharlann na Carraige Duibhe uasghrádú iomlán ar shoilsíú LED, rud a ghlac custaiméirí agus foireann go maith leis. Chuidigh sé seo le tomhaltas leictreachais a laghdú go suntasach. Suiteáladh gloiniú tánaisteach i Leabharlann Chábán tSíle freisin, chun compord teirmeach a fheabhsú do gach úsáideoir.

Tá tionchar an-dearfach ag suiteáil caidéal teasa ar thomhaltas gáis a íslíú i Leabharlanna Dheilginse agus Ghráinseach an Déin araon, le laghdúithe 70% agus 99.84% faoi seach ar thomhaltas breosla iontaise.

Tá glacadh rathúil déanta le Trealamh Coigiltis Fuinnimh Baile (HESKanna) na leabharlann atá ar fáil ar fud 8 mbrainse Leabharlanna DLRD. Bhí na brainsí gníomhach freisin maidir le ceardlanna agus cainteanna iomadúla a óstáil le scoileanna, daoine óga agus daoine fásta araon, ar shábháil fuinnimh agus inbhuanaitheacht. Tá na HESKanna tugtha ar iasacht 384 uair ó tugadh isteach iad in 2022. Mar gheall ar an tóir a bhí orthu, ceannaíodh 25 brathadóir sceite teirmeach breise agus 25 monatóir fuinnimh plugála le tabhairt ar iasacht 268 agus 195 uair faoi seach.

Rinneadh athchóiriú mór ar bhearta éifeachtúlachta fuinnimh in Ionad Oibríochtaí Bhaile Uí Ógáin tríd an gcoire bithmhaise atá imithe i léig a bhaint, caidéal teasa foinse aeir agus uisce a shuiteáil, agus an t-eagar teirmeach gréine agus an córas uisce

te a uasghrádú. Chuir sé seo ar chumas an fhoirgnimh ionchur glan teasa CO2 de 43.8 tonna a sheachaint. Ina theannta sin, baineadh úsáid as méadrú fuinnimh feabhsaithe agus nascadh é le hardán monatóireachta fuinnimh DLRD. Mar gheall ar uasghráduithe leictreacha i lár mhí na Nollag 2023, úsáideadh 132 painéal gréine i dtionscadal céimnithe chun úsáid cumhachta in-athnuaite ar an láthair a mhéadú. Rinneadh céim a dó in 2024, ag cur 160 painéal breise leis chun aschur giniúna buaic de 137.24 cileavata (kW) a sholáthar.

In 2024, thug DLRD feithiclí ola glasraí hidriginithe (HVO) isteach sa fhlít, rud a laghdaigh tomhaltas breosla iontaise go suntasach agus a chuir breosla ar fáil d'fhlít HVO atá ag méadú go 21 feithicil. Mar gheall ar dhíchoimisiúnú 14 fheithicil díosail níos sine tá feithiclí athsholáthair níos éifeachtaí ann. Mar gheall ar mhéadú fhlít HVO, bhí gá le 3 umar HVO breise de 5000 lítear chun freastal ar an éileamh ag an gCé, Páirc Mharlaí agus stóras flít Bhaile Uí Ógáin.

Cuireadh tús le huasghráduithe cuimsitheacha éifeachtúlachta fuinnimh i Lóiste Mháistir an Chuain, lena n-áirítear gloiniú tánaisteach, cruthúnas ar dhréachtaí agus sciath Gréine ar ghloiniú bhalla theas in 2024.

Le hathbhreithniú ar mhéadrú fuinnimh Halla an Chontae a suiteáladh in 2023, bhíothas in ann córais rialaithe a sholáthraíonn téimh, aeráil agus aerchóiriú (HVAC) a bharrfheabhsú in 2024. Chiallaigh sé seo go mbeadh coigilteas suntasach fuinnimh laistigh den rannóg Gnóthaí Corparáideacha.

In 2024, thuairiscigh DLRD Leisure gur athsholáthair siad triomadóirí láimhe agus aonaid AHU giomnáisiam ar mhaithe le héifeachtúlacht fuinnimh, rud a laghdaigh costais deisiúcháin agus a d'fheabhsaigh taithí na gcliant. Fuair athdheimhniú ISO Shruthán na Cluana aiseolas an-dearfach ó na hiniúcháirí.

Gníomhaíochtaí atá beartaithe do 2025

Tá DLRD le tosú ar dhá thriail grianfhuinnimh PV “lasmuigh den ghreille”, an chéad cheann dá leithéid sna húdaráis áitiúla go léir. Déanfar obair chun 97 solas poiblí maisiúil a uasghrádú ar fud 18 bóthar agus eastát, agus chun 1,000 solas poiblí caighdeánach a uasghrádú. Bainfear amach 94% de shoilsiú poiblí LED ar fud an chontae leis seo. Ina theannta sin, cuirfidh DLRD 1km de chábla agus de dhuchtáil neamhchomhlíontach, athnascfaidh sé agus suiteálfaidh sé 12 luchttaire EV. Tá pleananna ar bun freisin chun 20 aonad luchttaire tapa a shuiteáil ar fud 10 suíomh ar fud an chontae chun raon leathnaithe EVanna a sholáthar thar thréimhse ghearr luchtaithe.

In 2025, tá roinnt tionscadal laistigh de bhrainsí na leabharlainne i gcéim an deartha. Tá Lexlcon DLRD ag pleanáil caidéal teasa agus soilsiú atá tiosach ar fhuinneamh a shuiteáil chun leibhéil chompond a fheabhsú agus astaíochtaí carbóin a laghdú. Tá leabharlanna Chábán tSíle agus Sheanchille ag athbhreithniú uasghráduithe ar ghloiniú, insliú, téamh agus soilsiú.

Tá sé mar aidhm ag an togra maidir le haghaidh eagar breise ghrianfhuinnimh PV 64 painéal i gcéim III ag Ionad Oibríochtaí Bhaile Ógáin in 2025 inbhuanaitheacht a fheabhsú, trí úsáid a bhaint as an spás dín go léir chun lorg carbóin na comhairle a laghdú go suntasach. Meastar go laghdóidh sé tomhaltas fuinnimh 51%. Nuair a chuirtear le chéile é le céimeanna I agus II, tá sé beartaithe go mbeidh buaicphointe 172.68 kW

ag an tionscadal agus meastar go seachnófar 77.85 tonna d'astaíochtaí CO2 in aghaidh na bliana.

In 2025, beidh bainistíocht flít ag comhtháthú na gCóras Bainistíochta Flít (FMS) nua chun eolas a thabhairt maidir le cinntí infheistíochta le haghaidh feithiclí nua. Tá sé beartaithe úsáid feithiclí leictreacha meánmhéide a thriail chun a n-úsáid a mheas go fadtéarmach chun cur leis an bhflít. Déanfar tuilleadh feabhais ar bhonneagar luchtaithe EV ag gach suíomh DLRD, rud a chuirfidh ar chumas méaduithe féideartha ar fhlít EV, chun feithiclí innill dócháin eile a athsholáthar nuair is féidir. Déanfar uasghráduithe ar chóras luchtaithe Ionad Oibríochta Bhaile Ógáin agus suiteáil méadair luchtaithe cliste ag Halla an Chontae do EVanna. Tabharfaidh an rannóg Fhlít isteach rianú fuinnimh feithiclí freisin chun measúnú a dhéanamh ar úsáid breosla aonair feithiclí chun anailís mhionsonraithe a chumasú ar féidir a úsáid chun éifeachtúlacht tiomána a fheabhsú. Beidh tionchar suntasach ag an meascán gníomhartha in 2025 ar lorg carbóin laghdaithe don fhlít i gcoitinne.

Tá an dara céim d'oibreacha beartaithe do 2025 do lóiste Mháistir Cuain, chun suiteáil caidél teasa, painéil gréine PV, soilsiú éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de, agus insliú áiléir de réir chaighdeán rialála a chríochnú.

Tá sé beartaithe againn painéil ghréine, téamh inbhuanaithe, agus soilsiú LED le rialuithe a úsáid sa bhliain atá le teacht do Halla an Chontae faoin tionscadal DeliveREE. Rinneadh rialuithe breise a bharrfheabhsú in Halla an Chontae, chun laghduithe suntasacha a dhéanamh ar úsáid fuinnimh.

In 2025, tá sé beartaithe ag DLRD Leisure aonad aerála folctha giomnáisiam Bhaile Uí Lachnáin a uasghrádú, agus tá plé le déanamh chun na seancoirí a athsholáthar, go háirithe i mBaile na Manach. Tá cainteanna ar siúl freisin chun athbhreithniú agus pleanáil a dhéanamh ar dhícharbónú leanúnach na nIonad Fóillíochta.

AGUISÍN 2– ACRAINMNEACHA

ACP - An Comhchoiste Póilíneachta

BAA - Bonneagar agus Athrú Aeráide

BOO – Boird Oideachais agus Oiliúna

BPCC - Bonneagar don Phleanáil Chun Cinn

CBÁSTG - An Ciste Bonneagair Áitiúil um Sheachadadh Tithíochta a Ghníomhachtú

CBCC - Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach

CBS – Coiste um Beartais Straitéiseacha

CCLS – Clár Cóiríochta don Lucht Siúil

CCSGP – An Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail

CFAU – An Ciste Forbartha agus Athghiniúna Uirbí

CFPÁ - Coistí Forbartha Pobail Áitiúil

CFS - Crios Forbartha Straitéisí

CMAC - Clár Monatóireachta ar an Aer Chomhthimpeallach

CNMI - An Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúcháireachta

CR - Ceistneoir Réamhcháiliúcháin (PQQ)

CS - Comhairle na Seanóirí

DCCÉ – Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann

DSD – Deimhniúcháin Sábháilteachta ó Dhóiteán (FSC)

DTLL – Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach (WEEE)

FÁP – Fóraim Áitiúla Póilíneachta (LPF)

FST – Forbairt Straitéiseach Tithíochta (SHD)

GBRÁ – Gníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil

GCC – An Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

GFT - Gníomhaireacht Forbartha Talún

IRAÉ – Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann (RIA)

LRP – Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN)

LRP DLRD – Líonra Rannpháirtíochta Pobail Dhún Laoghaire-Rath an Dúin

MTUS – Mórshuíomhanna um Thithíocht Uirbeach a Sholáthar (MUHDS)

OCÉ - Ordú Ceannaigh Éigeantaigh

OSR – an Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP)

PFC – Plean Forbartha Contae (CDP)

PGA - Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide

RGCS - An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí

RTRÁO – An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht

SIBAÉ – Scéim Iasachta Baile Atógáil Éireann (RIHL)

SIOT - An Scéim Infheistíochta don Oidhreacht Thógtha 2021 (BHIS)

ÚFIÉ - Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

ÚNI - Údarás Náisiúnta Iompair



Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin,

Halla an Chontae, Bóthar na Mara, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath, A96 K6C9

Guthán: (00353-1) 205 4700 R-phost: info@dlrcoco.ie